









# EirGrid plc

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

*Ag Slánu ár Soláthar Leictreachais*



Stáisiún Cumhachta Tíne, Co. na Gaillimhe.

**Is é Grúpa EirGrid** an tOibritheoir Ceadúnaithe don gCóras Tarchuir leictreachais agus an tOibritheoir Mhargaidh in Éirinn agus Tuaisceart Éireann, agus is é Úinéir agus Oibritheoir an Idirnascaire Thoir-Thiar idir Éireann agus an Bhreatain Mhór.

## Ár Misean

Tarchur agus seirbhísí margaidh atá ar ardchaighdeán, éifeachtach agus neamhspleách a sholáthar, a bheidh tairbheach do gach duine ar fud oileáin Éireann.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 2 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 5 |
| Ár Straitéis | 10 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 12 |
| An Córas Cumhachta a Oibriú | 16 |
| An Margadh Aonair Leictreachais a Oibriú | 22 |
| An tIdirnascaire Thoir-Thiar a oibriú | 24 |
| Mapa na Córais Tarchuir | 26 |
| Ag Forbairt Bonneagair Tarchuir | 30 |
| An Eorap | 37 |
| Ár gCustaiméirí | 38 |
| Freagracht Shóisialta Chorparáideach | 44 |
| An Bord | 50 |
| An Struchtúr Eagraíochtúil | 56 |
| An Fhoireann Feidhmiúcháin | 58 |
| Ráitis Airgeadais | 61 |

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Ta áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil de chuid EirGrid don tréimhse 12 mhí anuas go Meán Fómhair 2013 a chur i láthair. Ba bhliain shuntasach í don Ghrúpa EirGrid, le garsprioc ollmhór bainte amach, sí sin an tIdirnascaire Thoir-Thiar 500 MW HVDC á chur in oibríocht tráchtála. Ba bhliain í freisin inar tharla trasdul sa Ghrúpa, le Fintan Slye ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach agus Straitéis nua á forbairt chun an bealach ar aghaidh don chúig bliana amach romhainn a leagan síos.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo oibríochtaí an Ghrúpa EirGrid, lena n-áirítear oibríocht chórais agus oibríocht an mhargaidh ar fud an oileáin, oibríocht an Idirnascaire Thoir-Thisar agus forbairt bonneagair na heangaí in Éirinn. Áirítear ann freisin ár gcur chuige maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, agus maidir lenár gcustaiméirí agus ár ngeallsealbhóirí. Tharla na gnóthálachta a baineadh amach i rith na bliana mar thoradh ar an gcumas agus an tiomantas a thaispeáin ár bhfoireann oibre agus bainistíocht an Ghrúpa, agus gabhaim mo bhuíochas leo as.

Cuirtear an brabús roimh cháin, €61.1m don bhliain anuas go 30 Meán Fómhair 2013 i gcomparáid le brabús roimh cháin €20.8m don bhliain anuas go 30 Meán Fómhair 2012. Thosaigh an tIdirnascaire Thoir-Thiar ag lánfeidhmiú go tráchtála i Bealtaine 2013 agus sholáthair sé €34.0m i mbrabús roimh cháin. San áireamh seo tá brabúis €25m a bhaineann le difríocht uainiúcháin idir tacaíocht tharaife a thosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair agus dáta tosaithe feidhmuithe an Idirnascaire i mBealtaine. Íoctar na brabúis níos airde seo ar ais do chustaiméirí i dtréimhsí taraife amach anseo. Déantar foráil do dhíbhinn eatramhach €4m sna ráitis airgeadais agus íocadh é seo don Státchiste i Samhain 2013.

Tá freagracht throm ag an nGrúpa EirGrid a chinntiú go mbíonn soláthar leictreachais ag pobail agus gnólachtaí ar fud oileáin Éireann atá sábháilte agus iontaofa agus ar phraghas atá iomaíoch. Ní cheart go ndéanfaí teorannú ar an bpoitéinseal in aon réigiún mar gheall ar easpa sholáthair maith leictreachais. Caithfear leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite. Éilíonn sé seo go ndéanfar neartú suntasach ar bhonneagar na heangaí sa dá dhlínse.


D'eascair na tionscnaimh móra córais forbartha atá beartaithe ag EirGrid frithghníomhú suntasach i measc an phobail, agus d'ardaigh siad roinnt ceisteanna dlisteanacha ar a dtabharfar freagraí. Mar gur chuideachta in úiréireacht an phobail muid, is mian linn an bonneagar leictreachais 'ceart' a fhorbairt, a úsáideann an teicneolaíocht is fearr agus an t-eolas is suas-chun-dáta, agus a aimsíonn an cothromas is mó is féidir idir costais agus iomaíochas ar lámh amháin, agus na tionchair ar an gcomhshaol agus ar oidhreacht ar an lámh eile. Táimid tiomanta do dhul i gcomhairle bhríoch le pobail agus geallsealbhóirí eile se phróiseas seo. Ba mhaith linn go mbeadh na déileálacha a bheidh againn le pobail agus daoine aonair a bhfuil imní orthu, oscailte, ionraic agus proifisiúnach. Ba mhaith linn foghlaim ón taithí a fhaigheann muid agus muid ag dul ar aghaidh lenár gcid oibre. Tá léirthuiscint iomlán againn ar an tábhacht a bhaineann le muinín an phobail maidir le soláthar rathúil ár sainordú.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí Bernie Gray as ucht na maoirseachta a rinne sí ar an



mBord agus ar an gcuideachta i rith a tréimhse in oifig. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird as a gcuid díograis agus seirbhíse le linn na bliana. Ba mhaith liom m'ómós a chur in iúl don Aire Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha, Pat Rabbitte, TD, agus a chuid oifigí agus foireann oibre as an tacaíocht a thugann siad d'EirGrid plc. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iul don Aire Fiontair, Trádáil agus Infheistíocht i dTuaisceart na hÉireann, Arlene Foster MLA, agus a cuid oifigí, as ucht a gcuid tacaíochta.

Ar deireadh ba mhaith liom a rá go bhfuil áthas orm mo ról mar Chathaoirleach ar Bhord EirGrid a ghlacadh agus tá mé ag súil le bheith ag comhoibriú le comh-stiúrthóirí agus le bainistíocht agus foireann oibre na cuideachta i mBaile Átha Chliath agus i mBéal Feirste ar mhaithe do gach duine ar oileán na hÉireann.



**John O'Connor** CATHAOIRLEACH



Co-financed by the European Union
European Energy Programme for Recovery

European Energy Programme for Recovery

Stáisiún Tiontaire an Idirnascaire, Thoir-Thiar,
Fearann na Coille, Có. na Mí.



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orm Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh a chur i láthair do mo chéad bhliain mar Phríomhfheidhmeannach ar an nGrúpa EirGrid.

I gcaitheamh na bliana chomhlíonamar arís ár sainchúram lárnach sna réimsí oibríochta córais agus oibríocht sa mhargadh leictreachais mhórdhíola. Tá na seirbhísí seo ríthábhachtach d'ár gcustaiméirí agus geallsealbhóirí agus baineann tábhacht straitéiseach leo d'oileán na hÉireann.

Cuireadh tús le oibríocht thráchtála an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC). Tá sé ag cur tús le iomaíocht bhreise sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus tá sé seo ag cur brú anuas ar phraghasanna leictreachais mhórdhíola. D'ísligh praghasanna mhórdhíola faoi 8% thar na sé mhí ó thosaigh an EWIC ag feidhmiú.

Go hinmheánach d'athstruchtúraíomar an eagraíocht chun tosú ag feidhmiú mar Ghrúpa uile-oileáin mar chuid d'ár n-iarrachtaí feabhas a chur ar ár gcuid éifeachtúlachta agus éifeachtachta. D'fhorbraíomar freisin Straitéis nua le treoir an Ghrúpa a leagan amach don chúig bliana amach romhainn agus Luachanna nua don mbealach a iompraímid muid féin mar eagraíocht. Déantar cur i láthair ar ár Straitéis nua agus samplaí de chur i bhfeidhm na Luachanna tríd tríd an Tuarascáil Bhliantúil seo.

An bhliain seo caite bhí comharliuchán poiblí fairsing ar trí cinn de mhórthionscadail bonneagair. Bhí frithghníomhú laidir ón bpobal i leith na gcomharliúcháin, agus fuaradh isteach 35,000 aighneachtaí maidir leis an dTionscadal Nascadh Eangaí. Táimid tiomanta do freagairt, i mbealach atá bríoch, do na saincheisteanna a d'eascair as na comharliúcháin sin, agus tá fógraíocht déanta againn ar roinnt tionscadail atá dírithe ar na mórthéamaí a ardaíodh.

## Torthaí Airgeadais

Ba gharsprioc ollmhór í don Ghrúpa an tionscadal EWIC a chríochnú go rathúil in 2013. Ba é costas deiridh an tionscadail €562 i gcomparáid leis an mbuiséad réamh-mheasta €601m.

Ba é brabús roimh cháin don bhliain €61.1m, méadú €40.3m ón mbliain roimhe, le €34.0m as seo bainteach leis an EWIC. Bhí tionchar mór ag uainiú lánfheidhmuithe an idirnascaire ar an bhfeidhmíocht trádála. Ag coigeartú don tionchar seo, ba í an bhrabúsacht bhunúsach a bhi ag an nGrúpa don bhliain €18.3m, agus íocfar gach ró-aisghabháil rialála ar ais do chustaiméirí i tréimhsí taraife amach anseo.

## Forbairt Eangaí

Is páirt í den sainchuram lárnach atá ag EirGrid eangach 'sabháilte, daingean, iontaofa, tíosach agus éifeachtach' a fhorbairt. Is í an aidhm atá ag Straitéis Grid25 an sainchuram seo a chomhlíonadh agus bonneagar cost-éifeachtúil leictreachais cuí a chur in áit a chuirfidh ar fáil an bonneagar tarchuir leictreachais a bheidh ag teastáil chun riachtanais an gheilleagair agus na sochaí a chomhlíonadh amach anseo.

Tá trí cinn de mhórthionscadail bonneagair - Grid West, Grid Link agus an Tionscadal Thuaidh-Theas ag céim an chomhairliúcháin poiblí. Thugamar faoi roinnt cláranna comhairliúchána, san áireamh sin sraith laethanta oscailte ar fud na tíre. Glacaimid leis go bhfuil buarthaí laidre i measc an phobail maidir le forbairt an bhonneagair. Thar na míonna amach romhainn beimid ag scrúdú agus ag freagairt an aiseolais atá faighte againn ina thaobh. Tá fógraíocht déanta againn ar sraith tionscadail atá dírithe ar na mórthéamaí a ardaíodh agus táimid tiomanta iad a chur i bhfeidhm.



Príomhfheidhmeannach Fintan Slye.

Tá an próiseas Deimhniúcháin TSO d'Éireann agus Tuaisceart na hÉireann le Treoir Eorpach 2009/72/EC a chur i bhfeidhm críochnaithe. Mar thoradh beidh an tOibritheoir Córais i dTuaisceart na hÉireann ag tabhairt faoin ról pleanála tarchuir i dTuaisceart na hÉireann, sa chaoí go mbeidh na dualgaisí atá ar an Oibritheoir Córais níos cosúla sa dhá dhlísne.

## Nuálaíocht - Athnuaiteáin agus Eangaí Cliste

Leanadh leis an dul chun cinn ar an gclár DS3 - ár dtionscadal uileghabhálach le feidhmiú slán an chórais chumhachta a éascú i fíor-am, le méideanna ginte in-athnuaite athraitheacha ag méadú. I gcaitheamh na bliana forbraíodh táirgí nua seirbhísiú córais, agus leagadh amach na hathruithe teicniúla don gCód Eangaí ar Ráta Athruithe Mhinicíochta (ROCOF).

I gcaitheamh 2013 rinneadh beo an chéim ghlactha don phróiseas Geata 3. Tá comhaontuithe nasctha leormhaithe in áit anois le spriocanna athnuaiteáin 2020 de chuid na tíre seo a chomhlíonadh.

I réimse na hEangaí Cliste, leanamar leis an Mol Nuálaíochta Eangaí Cliste agus an tionscnamh córais teaspánta a spreagann nuálaíocht i bhfeidhmithe nua na heangaí. Sheolamar freisin app. iPhone Eangaí Cliste a chumasaíonn d'úsáideoirí eocharshonraíocht fíor-ama a bhaineann le fuinneamh a fháil chun go n-éascófar na cinntí a dhéanann said ar úsáid chliste fuinnimh.

## An Eorap

Tá an diminsean Eorpach maidir le tionsclaíocht leictreachais ag méadú i scála agus tábhacht agus tá foireann curtha le chéile againn lenár bhfreagracht i leith comthátuithe an mhargaidh Eorpach a chur i gcrích. Bhi áthas orainn nuair a ceapadh Ann Scully mar bhall de Bhord an ENTSO-E, An European Network of Transmission System Operators for Electricity, rud a chuireann leis agus a neartaíonn an ról lárnach atá againn san Eorap.

Tá lúdracht leis an Eorap ag éirí níos tábhachtaí an t-am go léir i gcomhthéacs an Mhargaidh Eorpach Aonair. Shíníomar Meabhran Tuisceana le RTE, TSO na Fraince, chun na chéad céimeanna fiosrúchána eile i leith Idirnascaire Éireann - An Fhrainc a éascú.

## Ár gCustaiméirí agus Geallsealbhóirí

Mar eagraíocht, is rud tábhachtach dúinn é soláthar dár gcuistaiméirí agus tá sé mar uaillmhian againn feabhas leanúnach a chothú ar ár bhfeidhmiúchán sa réimse seo. Táimid tiomanta freisin d'oibriú go chuiditheach lenár ngeallsealbhóirí uilig, ár scairshealbhóirí agus na húdaráis rialála. Tá tús áite ag na caidrimh seo inár Straitéis nua.


Glacaimid páirt i gcomhairliúchán suntasach le geallsealbhóirí ar ár mórthionscadail. Leagtar amach sa Treochlár um Chomhairliúchán Poiblí na bealaigh agus na deiseanna atá ag baill den phobal bheith rannpháirtíoch i bpróiseas fhorbartha an tionscadail, agus dírítear é seo ar rannpháirtíocht a dhéanamh chomh héasca agus is féidir do gach pháirtí. In ainneoin seo, mar thoradh ar aiseolas a fuaradh le deireanas tá tionscnamh curtha in áit againn atá mar aidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras comhairliúcháinatá in áit againn faoi láthair chun feabhas a chur ar ár ngníomhaíocht leis an bpobal amach anseo.



Gradam Sármhaitheasa de chuid Innealtóirí Éireann brinnta ar an nGrúpa EirGrid i leith tionscadail an Idirnascaire Thoir-Thiar.



Ag seoladh an fheidhme Eangach Cliste de chuid an Ghrúpa EirGrid.




An Lárionad Rialiúcháin Náisiúnta, Baile Átha Cliath.



Stáisiún Cumhachta Tíne, Co. na Gaillimhe.



Tugann an Rúnaí Stáit um Ghno, Nuálaíocht agus Scileanna, RT. Hon. Vince Cable cuairt ar an Lárionad Rialiúcháin Náisiúnta, Droichead na dTortha.

## Freagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR)

Tá sé mar chloch choirnéil ag an ngníomhaíocht agus an Straitéis nua de chuid EirGrid ár ngnó a dhéanamh go freagrach agus go hinathbhuanaithe. Raonaíonn ár ngníomhaíocht CSR ó obair le carthanachta roghnaithe, in Éirinn agus Tuaisceart na hÉireann, go córais fuinnimh inathbhuanaithe a eascú trí foinsí fuinnimh in- athnuaite a nascú. Bhí sé mar bhuaicphointe dúinn in 2012/13 nuair a bhaineamar amach an marc 'Gnó ag Feidhmiú go Freagrach' de chuid Gnó i bPobal Éireann (BITC). Is é seo an deimhniúchán atá le fáil in Éirinn i leith cleachtaí atá freagrach agus inathbhuanaithe. Chuir sé áthas orainn freisin an Gradam um Sármhaitheas Idirnáisiúnta de chuid Chambers Ireland a bhuachaint, é seo d'ar gcomhthionscnamh leis an BSL i leith rolladh amach soirn breosla-éifeachtúla san Eirtré.

## Sláinte, Sabháilteacht agus an Comhshaol

Ba í 2012/13 bliain eile rathúil don nGrúpa EirGrid maidir le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol. Ní raibh aon timpístí i nGrúpa EirGrid i rith na bliana. Choinníomar na deimhniúcháin OHSAS18001 agus ISO14001 OHSAS18001 i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste agus d'éirigh linn an deimhniúchán OHSAS18001 a shíneadh amach chun an tIdirnascaire Thoir-Thiar a chlúdach.

Bhí ríméad orainn nuair a bronnadh ar an nGrúpa Mórghradam Catagóir 1 faoin gcatagóir Fóntais, ag na nGradaim Bhliantiúil um Shábháilteacht Cheirde a d'óstaigh an Eagraíocht Naisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO) agus an Grúpa Sabháilteacht Tuaisceart na hÉireann (NISG). Léiríonn sé seo an tiomantas sa Ghrúpa do na caighdeáin is airde maidir le slainte, sábháilteacht agus cúrsaí leasa.

## Ár nDaoine

Ba ghné chriticiúil í feidhmíocht ár bhfoirne oibre i mBéal Feirste agus Baile Átha Chliath don rath a bhí orainn i rith na bliana. I domhan a n-athraíonn go tapa an t-am ar fad, ba fachtóirí tabhachta inár rath iad an solúbthacht agus toilteanas atá acu bheith i mbun a gcuid oibre. Is rud lárnach é d'aon eagraíocht éifeachtúil go mbeadh cothromas idir scileanna, taithí, eolas agus éagsúlacht, agus fanaidh an cur chuige sin i dtús áite agus muid ag éabhlú amach anseo.

## Ag Breathnú ar Aghaidh

Sa bhliain amach romhainn, tá má ag súil le bheith i gceannas an Ghrúpa i chur i bhfeidhm ár Straitéis cúig bliana a díríonn ar sholáthar ár ról lárnach sa tionscal leictreachais agus cur le solathar an pholasaí fuinnimh Naisiúnta agus Eorpach.

Mórdhúshlán amháin a bheidh againn i rith na bliana amach romhainn ná dul i ngleic go h-éifeachtach le, agus obair go dlúth le daoine agus pobail tríd tríd na tíre, iad siúd atá cngarach d'fhorbartha nua tarchuir atá molta. Táimid tiomanta do chomhoibriú le gach phairtí i mbealach a bheidh oscailte agus cuiditheach chun na saincheisteanna agus imníonna atá acu maidir le línte tarchuir nua a fhreagairt.

Mar chríoch, ba mhaith liom an deis seo a thógáil mo bhuíochas a chur in iúl don mBord, an bhainistíocht agus an fhoireann oibre de chuid EirGrid as ucht a gcuid tacaíochta agus cabhrach i rith na bliana.



**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

# Ár Straitéis

Tá rol lárnach neamhspleách ag EirGrid sa tionscal leictreachais as a gcuirimid leis an ngeilleagar agus le leas Éireann agus Tuaisceart Éireann. Tar éis seacht mbliana bheith caite agus roinnt mhaith garspriocanna bheith bainte amach, d'fhorbraíomar Straitéis nua chun treoir an Ghrúpa don chúig bliana amach romhainn a leagan amach.

Aithníonn an Stratéis an ról maighdeogach a imríonn an Grúpa sa tionscal fein agus i leith pholasaí fuinnimh náisiúnta agus Eorpach a sholáthar. Neartaíonn sé an tiomantas atá againn feidhmiú i mbealach atá freagrach, ach fanacht ómósach leis na bpobail a n-idirghníomhaímid leo agus muid i mbun ár gcuid oibre. Tugann sé dúshlán dúinn bheith a fheabhas agus is feidir linn agus luacháil a thiomáint agus a sholáthar ar mhaithe dár gcustaiméirí agus don gcomhshaol.

## FIS

Bheith ina cuideachta eangaí domhancheannaireach

## MISEAN

Tarchur agus seirbhísí margaidh atá ar ardchaighdeáin, éifeachtach agus neamhspleách a sholáthar, a bheidh tairbheach do gach duine ar fud oileáin Éireann.

## LUACHANNA

- Feidhmímid le **ionracas**
- **Comhlíonaímid** ár ngealltanais
- Iompraímid muid féin i mbealach atá **freagrach go sóisialta**
- **Nuálaímid** chun luacháil a chur ar aghaidh d'ár gcustaiméirí
- Aithnimid gurbh iad **ár ndaoine** an sócmhainn is mó atá againn

**NI CUIRFEAR AS RIAMH DO SHABHAILTEACHT**





An Grúpa EirGrid – ag Coinneáil na soilse geal.

# Athbhreithniú Airgeadais

| Príomh-Bhuaicphointí Airgeadais €'m | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Ioncam | 622.1 | 542.2 |
| Costais dhíreacha | (459.2) | (438.8) |
| Costais oibriucháin eile | (89.4) | (80.1) |
| Brabús oibriúcháin | 73.5 | 23.3 |
| Glanmhuirear úis | (12.4) | (2.5) |
| Brabús roimh cháin | 61.1 | 20.8 |

Críochnaíodh an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) in 2013 ar chostas iomlán €562m, i gcomparáid leis an mbuiséad príomha don dtionscnamh, €601m. D'imir scála airgeadais an tionscadail, agus na hiasachtaí a bhain leis, tionchar trasfhoirmeach ar chlár comhardaithe an Ghrúpa.

Ba é brabús roimh cháin don bhliain anuas go Meán Fómhair 2013 €61.1m, méadú €40.3m ón mbliain roimhe, le €34.0m as seo bainteach leis an EWIC. Bhí tionchar mór ag uainiú lánfheidhmuithe an idirnascaire ar an bhfeidhmíocht trádála. Bhíothar ag súil go mbeadh an tIdirnascaire faoi lánghníomhaíocht ar an 1 Deireadh Fómhair agus cuireadh tús leis an tacú taraife a bhain leis na costais fheidhmiúchána réamh-mheasta ón dáta sin. Baineadh amach lánfheidhmiúchán oibriúchána i mBealtaine 2013 agus mar gheall ar sin bhí leibhéal na gcostas a tabhú níos ísle ná mar a bhí coinne leis. As brabús iomlán €34.0m an EWIC, bhain €25m, go neasach, leis an moill a cuireadh ar thosach oibriúcháin.

San áireamh leis an mbrabús roimh cháin don Ghrúpa, tá ró-aisghabhálacha ar tharaifí rialála. Tharla sé seo mar gheall ar roinnt neamhchinnteachtaí atá mar bhuntréith oibriuchána i dtimpeallacht atá rialauithe, agus an ionramháil chuntasaíoch a n-úsáidtear le déileáil leo. De réir gnáthchleachtas rialála, ceartófar do na ró-aishgabhálacha seo i dtaraifí amach anseo. Ba é €61.1 an brabús roimh cháin, áfach, gan ró-aisghabhálacha san áireamh. Ba é €18.3m meastachán na bainistíochta ar an mbunbhrabús oibriúcháin de réir neamhchinnteachtaí rialacháin.

Díorthaítear ioncam an Ghrúpa go príomha ó taraifí rialála.

Is é atá sna costais dhíreacha go príomhá

- An muirear rialála iníoctha leis an BSL agus NIE mar úinéirí den gcóras tarchuir in Éireann agus Tuaisceart na hÉireann faoi seach.
- An costas a bhaineann le raon seirbhísí a cheannach ó ghineadóirí chun oibriúchán slán an chórais a chinntiú.
- Costais sriantachta atá iníochta nuair a éilíonn oibriúcháin slán an chórais go ngearrfar athruithe ar sceidil margadhbhunaithe na ginideoirí; agus
- Na costais a bhaineann le raon tionscadail éilimh-fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Áirithe sna costais oibriúcháin eile tá costais a bhaineann le oibriúchán an EWIC, costais fostaí, táilli proifisiúnta, costais TF, dímheas agus costais chorpartha eile.

## Rialú

Tá feidhmíochtaí an ghrúpa mar Oibreoir Córais Tarchuir (TSO) in Éirinn agus Tuaisceart na hÉireann rialaithe ag an CER agus URegNI faoi seach. Ina ról mar Oibreoir sa Mhargadh don SEM, déantar rialú ar an nGrúpa ag coiste an SEM, lena n-áirítear an CER, URegNI, Ball Neamhspleách agus Leas-bhall Neamhspleách. Tá dhá cheadúnas ag an nGrúpa freisin ina ról mar Oibreoir an Idirascaire don EWIC, ceann amháin ó CER agus ceann ó Ofgem.

Roimh tús gach tréimhse taraife leagann an Grúpa isteach don údarás ábhartha rialála réamhaisnéisí ar éileamh ó chustaiméirí, costais oibriúcháin agus riachtanais ioncaim eile. Tar éis próiseas athbhreithnuithe mionsonraithe lena n-áirítear comharliúchán poiblí, eisíonn an rialtóir cinneadh foirmiúil ar an ioncam incheadaithe a gcaithfidh an gnólacht a chlúdach. Mar an gcéanna le haon réamhaisnéis, d'fhéadfadh comhathruithe a bheith ann idir na réamh-mheastacháin agus an fíor-aisghabháil ioncaim, nó tairgeacht costais, a bheadh fo- no ró-aisghabhálacha rialála mar thoradh orthu. Déantar coigeartú ar aon fo- no ró-aisghábhalacha da leithéidi sin sna cinnti costais do thréimhsí iardain. D'fhéadfadh luaineacht a bheith ann mar thoradh ar seo i dtuilleamh reachtúil an Ghrúpa, mar ní tugtar cead, sna rialacháin cuntasaíochta is déanaí, go ndéanfar smúdáil ar thortaí trí ionchasú fo-, nó ró-aisghabháil.

## Maoiniú

Sa timpeallacht airgeadais dheacair reatha bhí sé mar thosaíocht ag an nGrúpa caidrimh laidre a choinneáil leis na bainc. Sa bhliain anuas go Meán Fómhair 2013 chuir sé seo ar chumas an Ghrúpa an infheistíocht san Idirnascaire Thoir-Thiar a chur i gcrích agus na riachtanais leachtachta a bhain leis an SEM a bhainistiú.


EIRGRID
SONi
TRANSMISSION SYSTEM
400, 275, 220 and 110 KV
EIRGRID
EIRGRID
EMF & YOU



## Luachanna

# Ionracas

*'Feidhmímid le ionracas'*

In 2013 bhíomar páirteach i gcomharliúchán an-fhairsing faoi mhórthionscadail forbartha eangaí. Cuireadh buarthaí in iúl i rith an chomharliúcháin agus sna n-aighneachtaí a fuaradh isteach. Táimid tiomanta d'fheidhmiú le macántacht agus freagairt dháiríre agus bhríoch a dhéanamh ar an méid atá cloiste againn ó phobail agus baill den phobal. Tá roinnt téamaí aitheanta againn sna n-aighneachtaí atá tagtha isteach agus tá roinnt tionscadail curtha ar bun againn chun na téamaí seo a fhreagairt. Déanfaimid cinnte de go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán na tionscadail atá aitheanta. Táimid tiomanta de leanúint ag eisteacht agus do fhreagairt le gníomhaíocht.



Edward Blake, Sligeach agus Valerie Hedin, Grúpa EirGrid, pictiúrtha ag an lá oscailte ar an tionscadal Grid West.

# An Córas Cumhachta a Oibriú

Tá freagracht ar an nGrúpa EirGrid as bainistiú soláthair agus éilimh leictreachais i bhfíor-am, agus as rialú a choinneáil ar na sreafa cumhachta ar an gcóras tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann. Is é atá sa chóras tarchuir ná eangach mhogallach línte, cablaí agus fo-staisiúin ardvoltas a tharchuireann, le chéile, bulc-chumhacht ó ghineadóirí go larionaid lóid. Is é an córas tarchuir nó an "Eangach" cnámh droma an chórais leictreachas.

Oibrítear an Eangach ón Larionad Rialú Naisiúnta (NCC) i mBaile Átha Cliath agus ó Larionad Rialú Castlreagh House i mBéal Feirste. Caithfear éilimh leictreachais a chomhlíonadh i bhfíor-am tri ghiniúint leictreachais. Is é an dualgas atá ar na lárionaid rialuithe ná an cothromas idir an soláthar agus an éileamh ar leictreachas a choinneáil. Gintear leictreachas ag stáisiúin cumhachta, lena n-áirítear feirme ghaoithe, ag láthair éagsúla ar fud an oileáin. Iompraítear leictreachas ar fud na tíre ar an eangach tarchuir ardvoltas go dti na príomh-lárionaid lóid, mar chathracha, bailte móra agus láithreacha móra tionsclaíochta. Tá sé i gceist againn an córas tarchuir a oibriú i mbealach atá sábháilte, slán agus tíosach an t-am ar fad. Oibrítear seoladh na giniúna de réir phrionsabail an Mhargaidh Aonair Leictreachais, atá dírithe ar chostais táirgeachta a íoslaghdú.

## Éileamh ar Leictreachas

I rith na tréimhse ó Eanáir 2013 go Nollaig 2013, bhi méadú ar éileamh ar an gcóras uile-oileán. B'ionann an t-idiú fuinnimh don tréimhse agus 34.86 TWh (uair teireavata) méadu 0.64% ar na 12 mhí roimhe sin. Tharla buaicéileamh 6,229 MW (meigavata) ar an gcóras uile-oileán don bhliain 2013 i mí Eanair.

## Feidhmíocht Córais

Tomhaistear feidhmíocht agus iontaofacht córais i dtéarmaí 'nóiméid chaillte chórais' tagarmharc idirnáisiúnta a thomhaisíonn déine an tsuaite ar an gcóras i gcomparáid le méid an chórais. Léirionn 'noiméid chaillte chórais' an méid éilimh nár sholáthraíodh mar gheall ar éisc ar an gcóras tarchuir. Ó Eanáir 2013 go Nollaig 2013, b'ionann an méid iomlán nóiméid chaillte córais agus 0.393 in Éirinn agus 7.25 i dTuaisceart na hÉireann. Baineann an figiúir ard do Thuaisceart Éireann le imeachtaí a tharla ar 22 Márta. Tharraing droch-choinníollacha aimsire, a raibh mar thoradh orthu éifeachta oighre nár bhfacthas a leithéidí ach uair amháin thar fiche bliain, tharraing siadsan 152 éasc ar an gcóras, agus ba chúis é seo le dhá mhóreachtraí lódsceithe, ceann amháin ar maidin agus ceann sa tráthnóna. Ba chúis í an eachtra a tharla ar maidin le díscor thart ar 159,000 custaiméir i dTuaisceart agus Lár Bhéil Feirste ar feadh 5 nóiméad. Ba chuis í an eachtra a tharla tráthnóna le lándorchú iomlán i mBéal Feirste agus tromlach Co. an Dún, le 320,000 custaiméir díscortha ar feadh idir 8-15 nóiméad. Tharraing imeachtaí 22 Márta amháin cailliúint 6.879 nóiméid chaillte córais. D'fhéadfadh na himeachtaí seo bheith i bhfad níos deine marach na gníomhaiochtaí prapa agus éifeachtacha de chuid na foirne oibre sa lárionad rialú i mBéal Feirste.

Is í atá i bhfeidhmthréimhse giniúna ná tomhas ar na hachmainne atá i ngineadóirí cumhacht a sholáthar don eangach. I dtreo go mbíonn an Grúpa EirGrid in ann an córas tarchuir a oibriú go slán agus go tíosach, tá sé riachtanach go gcoinníonn na gineadóirí ardleibhéal feidhmthréimhse ar siúl i gcónaí. Bhí méadú imeallach ar fheidhmthréimhse giniúna uile-oileán go 87.08% in 2013 ó 86.91% in 2012. D'ísligh an ráta bristigh éigeantach gineadóra ó 7.34% go 6.96%.

D'fhan na corrlacha giniúna laistigh de na caighdeain ar feadh na bliana 2013.



Lárionad Rialiúcháin Náisiúnta, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath.



Joe McGready agus Cliff McLoughlin ag an Lárionad Rialiúcháin ag Teach an Chaisleáin Riabhaigh, Béal Feirste.



Feirm Ghaoithe Dumhcha an Inbhir Mhóir.

## Athnuaiteáin

Mar go bhfuil comhtháthú na cineáil giniúna in-athnuaite níos éagsúla ar an gcóras cumhachta anois, caithfidh oibritheoirí tarchuir meabhrú ar raon chasta eile saincheisteanna sholáthair agus éilimh. Áirítear leo seo na dúshláin oibríochta a bhaineann le athrú go dtí foinsí giniúna neamhshioncronach níos éagsúla (feirmeacha ghaoithe, mar shampla), slándáil soláthair maidir le bainistiú a choimeád ar éagsúlacht mhéadaitheach cineáil teicneolaíochtaí giniúna, agus comhtháthú agus úsáid teicneolaíochtaí 'Eangach Chliste', chun rannpháirtíocht úsáideoirí an chórais cumhachta a chothú.

Tagann an chuid is mó de ghiniúint in-athnuaite in Éireann agus Tuaisceart na hÉireann ó ghiniúint ghaoithe. Ag deireadh 2013, b'ionann an méid giniúna gaoithe suiteáilte ar oileán na hÉireann agus 2,395 MW, agus b'ionann uasmhéid ghiniúna gaoithe mheandrach uile-oileáin in 2013 agus 2,274 MW. Is ionann iomlán na n-athnuaiteáin suiteáilte ar an oileán anois agus iomlán comhcheangailte 2,750 MW - 2,162 MW in Éirinn agus 588 MW i dTuaisceart Éireann.

Chuir an Grúpa an clár DS3 "Córas Daingean Inathbhuanaithe Leictreachais a chur ar Fáil" ar bun d'fhonn chabhrú leis na spriocanna leictreachais in-athnuaite 2020 a bhaint amach. Dearadh DS3 lena chinntiú go n-oibreófar an córas cumhachta in Éirinn agus Tuaisceart na hÉireann i mbealach atá slán agus sábháilte, le méadu sa mhéid giniúna in-athnuaite athraitheach. Chun na spriocanna in-athuaithe seo a bhaint amach, déanfar an punann trealaimh a thrasfhoirmiú ón ngnáthmheascán giniúna traidisiúnta - gás agus trealamh theirmeach - go dtí punann ina mbeidh, faoi 2020, giniúint ghaoithe ag seachadadh 37% den chumhacht leictreachais uilig a ghintear ar an oileán.

## Buaicphointí Oibríochtaí

- Baineadh amach gach Eochairtháscaire Feidhmíochta (KPIs) i rith 2013, ag eisceadh an KPI a bhain le nóiméid chaillte chórais i dTuaisceart na hÉireann. Ba thoradh é seo ar na coinníollacha díobhálacha adhaimsire i duaisceart Éireann i mí Márta.
- Bhí roinnt fothorthaí suntasacha ón gclár DS3 lena n-áirítear:
    - Próiseas ilchéime comhairlithe do Seirbhísí Córais, lena n-áirítear comhairliucháin faoin gcur chuige a úsáideadh agus na táirgí socruithe airgeadaisí atá de dhíth. D'eisigh na TSOnna an paipéar Moltaí do Seirbhísí Córais i mBealtaine 2013.
    - Formheas ar roinnt modhnuithe den gCód Eangaí in Éirinn agus na modhnuithe comhfhreagracha do sceideal socruithe na bhFeirmeacha Gaoithe i dTuaisceart Éireann.
- Giníodh curiarracht 893GWh cumhacht ghaoithe i Nollaig 2013, é sin tuairim is 30% as iomlán na cumhachta a giníodh an mhí sin.
- In 2013 shroich treá ghaoithe mheandrach suas go 50% éilimh chórais ar 16 lá i rith na bliana.
- Giníodh 16% go neasach leictreachais uile-oileáin ó ghaoth i rith na bliana.




Bonneagar GIS lonnaithe i stáisiún.




Stáisiún Cumhachta Tíne.


## Rataí Éilimh Uile-Oileáin 2013




## Buaiceanna Seachtainiúil Uile-Oileáin




## Toilleadh Gaoithe Uile-Oilean 2007-2013




TACAÍOCHTA D'INFHEISTÍOCHT
AITHNE AGUS COMHOIBRITHE
SAINEOLAS TEICNIÚIL
FRÉAMHSHAMHÁIL AGUS TÁSTAIL
COINCHEAP
ATHBHREITHNIÚ AR AN MÚNLA GNÓ

Luachanna

# Nuálaíocht

## *‘Nuálaímid chun luacháil a chur ar aghaidh d’ár gcustaiméirí’*




Is tionscadal comhoibríoch é an Mol Nuálaíocht Eangaí Cliste (SGIH) de chuid an Ghrúpa EirGrid agus an Larionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh (NDRC) dírithe ar fhorbairt freagraí nuálaíocha don Eangach Chliste ar oileáin na hÉireann trí leas a bhaint as na gnéithe ar leith sa chóras leictreachais. Tá se ag feidhmiú ó Deireadh Fómhair 2012 agus tá sé tar éis réimse leathan tacaíochtaí a sheacadadh do líon ard cuideachtaí thar na tréimhse sin. I rith a chéad bhliain chuaigh sé i dteagmháil le níos mó ná 500 duine aonair agus 130 eagraíocht agus sheachadaigh sé tacaíochtaí fairsinge ag raonadh ó tabhairt isteach agus comhoibrithe, tacaíocht d’infheistíocht, stiúradh smaointe agus tástála scagtha.

Struchtúr tacaíochta an Mhoil Nuálaíochta Eangach Chliste.

# An Margadh Aonair Leictreachais a Oibriú

Is e an Margadh Aonair Leictreachais (SEM) an margadh mórdhíola leictreachais atá ag feidhmiu in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ón 1 Samhain 2007. Is margadh iomaíoch, inathbhuanaithe agus iontaofa é, a dearadh chun tairbhí fadtéarmacha geilleagracha agus soísialta uile-oileáin a sheachadadh. Is é Oibritheoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais atá i bhfeighil agus mar riarthóir ar an SEM. Tá an Grúpa EirGrid ceadúnaithe mar Oibritheoir an Mhargaidh in Éirinn agus Tuaisceart Éireann agus ta sé faoi rialú an Choimisiúin um Rialú Fuinnimh in Éireann agus an Rialtóir Áirgiúlachta Tuaisceart na hÉireann, iad ag comhfheidhmiú tri Choiste an SEM.

## Athbhreithniú Oibríoctúil


Le linn na tréimhse airgeadais taraife 2012/2013 d'fheidhmigh an SEM go rianúil, ag leagan amach praghasanna go trédhearcach, ag sonrascadh rannpháirtithe go tráthuil agus ag traschur cistí go sabháilte. Tá éifeacht ag an gCóras Praghas Imeallach (SMP) mar tháscaire ar sholáthar agus éileamh agus ar phraghasanna breosla idirnáisiúnta, gás ach go háirithe. Bhí praghasanna gáis mhórdhíola i Márta 2013 ar leibhéal ard neamhshéasúrach mar gheall ar theaglaim dhrochaimsire, éileamh ard agus gannchúis gáis, rud a d'eascair ardú comhfhreagrach sa SMP.

In 2012/2013 b'ionainn próiseasáil sonrascaithe agus socruithe fuinnimh agus €2.5m go neasach (lochtanna san áireamh) maraon le socruithe toillte €518m go neasach. Coinníodh go hiomlán gach riachtanas comhthaobhach SEM. Coinníodh oibríocht an mhargaidh ar leibhéal ard feidhmuithe. Tugadh freagraí ar fhiosriúcháin ó rannpháirtithe agus custaiméirí laistigh de trí lá oibre ar an mheán. Chomh maith le sin, coinníodh infhaighteacht fheidhmithe an chórais mhargaidh lárnach SEM ag leibhéal ard (99.78%).

Mheabhraigh an Choiste Mhodhnuithe 17 n-athrú don SEM agus faomhaigh an Choiste SEM 14 cinn. Raonaigh na modhnuithe seo ó rialacha poitéinsiúla a chíoradh faoi chineál nua ghineadóra (Stóráil Fuinnimh Aeir Chomhbhruite), go dtí athrú a chur in áit chun rialáil a dhéanamh ar an gcúinse maidir le sláine chuntais chomhthaobhach rannphairtithe.

Foilsíodh dhá leagan nua den gCód Trádala agus Socruithe, agus inchorpraíodh, i ndá eisiúint nua den Chóras Margaidh Lárnach, 21 athrú san ionlan. Tionóladh sé cinn de Grúpaí Úsáideoirí Oibreoirí an Mhargaidh agus trí cinn de seisiúin oiliúna margaidh do rannpháirtithe nua SEM inar cláraíodh 14 pháirti nua agus 43 aonad nua a raibh 5 astu seo ina n-Úsáideoirí Idirnascaire.

## Praghas Imeallach Córais agus Praghas Gáis





Claire Breslin, SEMO.

Co-financed by the European Union
European Energy Programme for Recovery
European Energy Programme for Recovery

# An tIdirnascaire Thoir-Thiar a Oibriú

É 264km ar fhad, agus 187km as sin faoi bhun Mhuir na hÉireann, nascann an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) na heangaí tarchuir leictreachais a síneann idir Éireann agus an Bhreatain Mhór, ó staisiúin tiontaireacha ag Fearann na Coille, i gCo. na Mí agus Shotton i dTuaisceart na Breataine Bige. Is í seo an scéim Sruth Díreach Ardvoltas (HVDC) is mó atá ag feidhmiú sa lá atá inniú ann. Cuireadh an tIdirnascaire in oibríocht tráchtála pháirteach i Nollaig 2012 agus in oibríocht iomlán i mBealtaine 2013.

Is infheistíocht shuntasach í (€562m) a sheachadann tairbhí shuntasacha d'oileán Éireann trí sláine sholáthair a fheabhsú, trí iomaíocht sa mharagadh a mhéadú agus trí cabhrú leis an dtír a spriocanna leictreachais in-athnuaite a bhaint amach. Is Idirnascaire lánrialaithe é, atá iomlan in oiriúint leis na riachtanais Eorpacha agus naisiúnta a bhaineann le rochtain oscailte.


Ba thionscadal coimpléasc é EWIC agus is éacht innealtóireachta suntasach é. Ba mhór í an onóir dúinn gur bhuaigh an tionscadal seo Gradam Tionscadal na Bliana Innealtóirí Éireann in 2013.


Is ionann an toilleadh 500 MW atá le fáil ó EWIC in iompórtáil agus easpórtáil fuinnimh agus leictreachas leormhaith chun cumhacht a chur chuig 300,000 teaghlach. Tá iomaíocht gníomhach ar siúl anois idir chustaimeirí an EWIC ar tháirgí fhadtéarmacha bliantúla, séasúracha, ráithiúla agus míosiúla, agus ar tháirgí cheantála laethiúla. Go dtí seo, rith na sruthanna ar an Idirnascaire ón mBreatain Bheag go hÉireann don chuid is mó. Léirítear sa graf thíos an treo in airde sna phraghasanna ceangail do tháirgí cheantála éagsúla sa treo seo. Tá an cíos ar phlódú ón ngníomhaíocht seo ag cur leis na tairbhí atá ag EWIC do thomhaltóirí.

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht thráchtála ar an EWIC tá brú anuas ar phraghas leictreachais san SEM, rud atá ag cúngú na bearna ar chostas leictreachais idir na margaithe leictreachais ar an dá oileán, Éireann agus an Bhreatain Bheag. Léiríonn ainailís ar thionchar an chéad 6 mhí oibríochta go raibh ísliú 8% i meán ualaithe lóid praghasanna mórdhíola leictreachais.

Maraon le seo tá EWIC ag éascú laghduithe chiorriúcháin do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite trí úsáid trádála de chuid an Oibrtheoir Chórais, go díreach le Tarchur Leictreachas Eangaí Náisiúnta nó trín pháirtnéir thrádála atá againn sa Bhreatain Bheag, Statkraft. Mar thoradh ar thrádála seolta tosaíocha, laghdaíodh ciorriúchán gaoithe faoi 140 GWh agus bhí laghdú gaolmhar i gcostais chothromú seolta ar níos mó na €5.5 milliúin sa tréimhse ó Mheitheamh anuas go Nollaig 2013.


## Toilleadh Iomportála Ceantáil Táirge Praghas an Cheantáil






Stáisiún Tiontaire an Idirnascaire Thoir-Thiar ag Portan.


# Córas Tarchuir 400, 275, 220 & 110kV




## Ceantar Bhaile Átha Cliath




## Ceantar Bhéal Feirste




## Ceantar Chorcaí




- Línte 400kV
- Línte 275kV
- Línte 220kV
- Línte 110kV
- Cablaí 220kV
- Cablaí 110kV
- Cablaí HVDC
- Staisiúin 400kV
- Stáisiúin 275kV
- Stáisiúin 220kV
- Stáisiúin 110kV

## Giniúint Tarchuir Nasctha

- Hidriginiúint
- Giniúint Theirmeach
- Giniúint Stórála Pumpáilte
- Giniúint Ghaoithe

www.niso.ie

# National Irish Safety Or



ganisation

## Luachanna

# Sábháilteacht

*'Ní cuirfear as riamh do Shábháilteacht'*



Is í bunluach na heagraíochta ná: "Ní Cuirfear as Riamh do Shábháilteacht" Baineann sé seo le h-éinne a d'fhéadfadh ár ngníomhaiochtaí cur isteach air/uirthi agus léirítear é i ngach gné den iompraíocht a thaispeánaimid i mbun ár ngnó. Tugadh aitheantas do na héachtaí a bhaineamar amach sa ghné thábhachtach seo den ghnó nuair a bhuaigh an Grúpa EirGrid an Gradam um Sábháilteacht Mórfhóntais ag an tSearmanas Gradam Bliantiúil de chuid Éagraíocht Náisiúnta Sháibháilteacht na Éireann.

I mbuachan an ghradaim seo léiríomar feidhmíocht eiseamláireach i 10 eochairlimistéar a bhaineann le sláinte cheirde agus bainistiú sábháilteachta. Is í an creatlach don rath seo Córas comhtháite Sláinte, Sábháilteacht agus Bainistiú an Chomhshaoil, maraon le cultúr corparáideach a fhaigheann stiúradh ón mbarr agus a chuireann sábháilteacht chun cinn go dearfach.

Priscilla Woods Cathaoirleach NISG, Lucinda Creighton TD ag bronnadh an ghradaim don Soláthróir Fóntais ar Margaret Jacob, maraon le Pauric Corrigan, Uachtarán NISO ag na 22ú Gradaim Bliantiúil Sábháilteacht Ceirde 2013.

# Ag Forbairt Bonneagair Tarchuir

Is rud ríthábhachtach é bonneagar a fhorbairt a iompróidh fás inathbhuanaithe agus sláine sholáthair amach sa todhchaí. Is é Grid25 an clár de chuid EirGrid atá dírithe ar fhorbairt fhadtéarmach ar eangach tarchuir na hÉireann. Cuimsíonn sé uasghrádú níos mó ná 2000km ciorcaid tarchuir atá ann cheana féin trí úsáid teicneolaíochtaí seoltóra, nua agus atá ann, agus tri breis agus 1,100km ciorcaid tarcurtha nua a thógáil. I gcaitheamh na bliana bhíomar ag cur ar aghaidh tionscadail tarchui ag céimeanna éagsúla forbartha i ngach contae in Éirinn. Tá an Grúpa EirGrid ag obair go dlúth le Eangaí BSL chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bealach a n-oibrímid le chéile chun bonneagar a sheachadadh agus a choinneáil dár gcustaiméirí.

In 2013 rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt mhaith réimsí, go háirithe:

- Uasrátáil agus athchóiriú ar bhreis agus 260km línte atá ann cheana;
- Fuaradh cead pleanála ón mBord Pleanála don:
    - dtionscadal nua 25km110 kV Muileann gCearr - Cionn Átha Gad, a fheabhsóidh slándáil sholáthar do limistéar an Mhuilinn gCearr, in Eanair;
    - Stáisiún nua 220/110kV Belcamp, atá mar pháirt den tionscadal 220kv Imeall Átha Cliath Thuaidh chun sláine an tsoláthair sa limistéar a fheabhsú, i Feabhra;
- Cuireadh stáisiún 110kV Clochrán, atá mar pháirt de nasc éilimh do chustaiméir thábhachtach, i bhfeidhm i Márta;
- Thug Comhairle Chontae Fhine Ghaill cead pleanála don athchumraíocht busbarra 220kV i bhFionn Glas i Lunasa;
- I rith mí Dheireadh Fómhair críochnaíodh an Stáisiún nua 110kV ag Réach Mór agus an t-uasrátáil ar bhusbarra ag Béal Atha Chomhraic;
- I Samhain cuireadh i bhfeidhm stáisiún nua 220kV ag Oileán Mór an Bharraigh, a chumasóidh nascadh le gléasra cumhachta nua; agus
- Cuireadh Feirm Ghaoite Mount Lucas i bhfeidhm i mí na Nollag.

### Rannpháirtíocht Phoiblí agus Teagmháil leis an bPobal

Leagtar amach sa Treochlár um Chomhairliúchán Poiblí na bealaigh agus na deiseanna atá ag baill den phobal bheith rannpháirtíoch i bpróiseas fhorbartha tionscadail, agus dírítear é seo ar rannpháirtíocht a dhéanamh chomh héasca agus is féidir do gach pháirtí. Le linn 2013, de réir an Treochláir seo, bhí comharliúchan poiblí fairsing faoi trí mhórthionscadail Grid25 - An tIdirnascaire 400kV Thuaidh-Theas agus na tionscadail Grid West agus Grid Link. Bhí an fhrithfhreagairt ón bpobal faoi na tionscadail seo laidir agus fuaradh breis agus cuireadh isteach breis agus 35,000 aighneacht i leith an tionscadail Grid Link. Táimid ag athbhreithniú an aiseolais a fuaradh isteach agus tá tiomantas tógtha againn athbhreithniu a dhéanamh ar na próisis chomharliúcháin atá again faoi láthair.

D'fhreastal breis agus 600 duine ar shraith laethanta eolais thar naoi lá faoin bhForbairt Idirnascaire Thuaidh-Theas atá beartaithe. Tionóladh na laethanta eolais i gcontaetha na Mí, an Cabháin agus Muineacháin i rith Aibreán agus Bealtaine 2013.


Tugadh ardmholadh don tionscadal Grid West ag na 20ú Gradaim um Sarmhaitheas i gCaidreamh Poiblí. Tháinig an moladh seo ó Chumann na gComhairligh Caidrimh Phoiblí Éireann (PRCA), Institiúid na hÉireann um Chaidrimh Phoiblí (PRII) agus an



Stáisiún 110kV Clochran.



An tAire Chumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Pat Rabbitte, TD ag seoladh na Tuarascála Indecon.





Bainisteoir Tionscadail Grid Link, John Lowry,
ag lá oscailte ar an dTionscadal Grid Link.

Instiúid Deimhnithe um Chaidrimh Phoiblí i dTuaisceart na hÉireann (CIPR) ar an 21 Meitheamh 2013. Fuaradh an t-aitheantas seo ón dtionscal caidrimh phoiblí i leith iarrachtaí an tionscadail an pobal a choinneáil ar an eolas faoi sheoloadh an tionscadail, faoi bhunaíocht na gcainéil chumarsáide éagsúla agus maidir l'oscailt oifig suímh le rannpháirtíocht a spreagadh. Tugadh moladh freisin d'fhoilsiú an Tuarascáil Sriantacha agus an Tuarascáil Céim 1 agus don tsraith laethanta oscailte a ghabh le sin.

I Meán Fómhair 2013, foilsiodh Tuarascáil Céim 1 don Tionscadal Grid Link. Dheimhnigh an tuarascáil an bun chirt a bhain leis an dtionscadal agus mhol sé roghanna chonair bhealaigh 1km, iad seo curtha faoi bhráid an phobail chun a dtuairaimí a lorg. Síneadh amach an tréimhse comharliúcháin go dtí Eanáir 2014 mar gheall ar an bhfrithfhreagairt shuntasach a d'eascair as an dtionscadal seo. D'fhreastal an fhoireann ar bhreis agus 100 chruinníiú poiblí i limistéar



Pictiúrtha ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta 2013: An tAire Ealaoín, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, TD, le Ciara Feehely agus Deborah Meghen, An Grúpa EirGrid.

an staidéir, lena n-áirítear faisnéisithe pobail, agus d'óstáil siad roinnt cuairteanna do gheallsealbhóirí le comharleóirí áitiúla.

Bhí seastán an-ghnóthach ag an nGrúpa EirGrid ag an gComórtas Treabhadóireachta i Meán Fómhair i Rath an Uisce, Co. Laoise. Tá an crinniú seo ar cheann de na cruinnuithe feirmeoireachta is mó ar fud na hEorpa agus d'fhreastal breis agus 200,000 duine ann thar trí lá. Thug sé deis dúinn bualadh le grúpaí geallsealbhóirí, úinéirí talún agus an pobal i gcoitinne i gcúinsí neamhfhoirmiúla. Ba dheis í freisin daoine a chur ar an eolas faoi na dualgaisí atá ar an nGrúpa mar Oibritheoir Náisiúnta an Chórais Tarcurtha agus faoin gClár Forbartha Grid25.

## Staidéar ar Thairbhí Eacnamaíocha Grid25 Foilsithe

I mí Iúil 2013, sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha, Pat Rabbitte "Meastóireacht ar na Tairbhí Eacnamaíochta níos Leithne sa Chlár Infheistíochta Grid25" le Endecon International Economics Consultants. Coimisiúnaíodh an staidéar ag an nGrúpa EirGrid chun cíoradh a dhéanamh ar na tairbhí eacnamaíochta níos leithne a bhaineann le infheistiocht sa chlár Grid25. De réir na tuarascála, tá an dóchúileacht ann, mar gheall ar na tionchair díreach, neamhdhíreach agus ionduchtaithe a n-imreóidh an caiteachas infheistíochta, go n-iompróidh an clár nach mór 3,000 phost thar thréimhse 15 bliaina an phlean infheistíochta. Chuir an staidéar i láthair freisin fianaise nua ón tsuirbhé ar an bpoitéinseal atá ag Grid25 tionchar a imirt ar an mbraistint atá ag infheisteoirí faoi Éireann. Léirigh 83% as na príomhchuideachtaí a d'fhreagair an suirbhé gur cheap siad go raibh toilleadh infhaighte bhreise ar an eangach tarchuir leictreachais tábhachtach nó an-thábhachtach dá gcuid pleananna leathnaithe. Fostaíonn na cuideachtaí seo breis agus 24,000 fostaí in Éirinn agus níos mó ná 950,000 go domhanda.

## Cothabháil

Tá sé mar dhualgas ag an nGrúpa EirGrid cothabháil an chórais tarchuir in Éirinn a chinntiú, san áireamh sin forbairt agus athbhreithniú ar pholasaithe agus chaighdeáin cothabhála. Mar an gcéanna le blianta atá caite, d'athnaíomar, thugamar tús áite do, agus sholáthraíomar bristigh i gcomhair ghníomhaíochtaí cothabhála, iad deartha chun a chinntiú go leanann an córas tarchuir ag feidhmiú i mbealach atá sábháilte agus slán.



Luachanna

# Ár nDaoine

*'Aithnimid gurbh iad ár ndaoine an sócmhainn is mó atá againn'*

Is cuid dhílis iad an Fhoireann Córais Margaidh d'fheidhmeannas IS an Ghrúpa EirGrid agus oibríonn siad go chomhoibríoch chun seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Tá freagracht orthu cothabháil agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na córais ghnó chriticiúla atá bunriachtanach don mhargadh. Áirítear leo seo Córais Margaidh Lárnach a sholáthraíonn an fheidhmeannas sceidiúlaithe agus socruithe don SEM; Cúlcheangaltas Aonaid Srianta agus an Léibheann Bainistíochta Ceantála do na hIdirnascairí Moyle agus Thoir-Thiar. Tá sé bunriachtanach do rannpháirtithe agus do feidhmiú rianiúil an mhargaidh go bhfeidhmíonn na córais seo gan uaim.

Tá baill na foirne roinnte idir Bhaile Átha Cliath agus Béal Feirste agus tá seantaithí acu ar chomhoibriú mar fhoireann thar na dlínsí. Cinntíonn a gcuid saineolais agus an cur chuige comhtháite atá acu go mbeidh infhaighteacht leanúnach ar Chórais Margaidh agus ar sholáthar éifeachtach agus cost-éifeachtúil na scaoilte leathbhliantúla.

An Fhoireann Córais Mhargaidh, Grúpa EirGrid




Simon Grimes, Gnóthaí na hEorpa, ag labhairt ag Comhdháil
Custaiméirí an Ghrúpa EirGrid, 2013.

# An Eorap

Is é comhtháthú an Mhargaidh Leictreachais Eorpach ceann d'eochairpholasaithe fuinnimh na hEorpa. I gceist le seo tá comhtháthú (cúpláil) margaithe trí feidhm a bhaint as an 'EU Target Model' agus trí nascadh breise fisiciúil idir tiortha/margaithe. Tá an Grúpa EirGrid thar a bheith feasach ar an gá atá ann a chinntiú go dtugtar san áireamh ag leibhéal an AE na sainriachtanais a bhaineann leis an margadh in Éireann agus Tuaisceart Éireann. Mar go bhfuil scála agus tábhacht an diminsean Eorpach ag fás an t-am ar fad, chuireamar rannán ar bun faoi stiúir Fheidhmiúcháin chun ár n-idirghníomhaíochtaí agus freagrachtaí leis an Éorap a bhainistiú.

## Cóid Gréasáin

Táthar ag cur chun cinn an Margadh Leicreachais Inmheánach (IEM) sa Eorpach trí Cóid Gréasáin a fhorbairt, a chódaíonn an Spriocsamhail. Tá cóid gréasáin á bhforbairt sna réimsí Nasc Eangaí, Feidhmiú Córais agus Margaidh. In 2013, bhi dul chun cinn ar siúl ar naoi gcinn de Chóid Gréasáin, iad ag leibhéil forbartha dhifriúla, agus astu sin tá ocht gcinn a bhfuil forbairt orthu ag teacht chun críche anois. Táimid ag cur le forbairt gach ceann de na Cóid Gréasáin seo chun a chinntiú go dtabharfar san áireamh na riachtanais a ghabhann le córas oileáin bhig, agus dar ndóigh táimid i gceannaireacht ar dhá cheann acu - an Cód Nasctha Éilimh agus an Cód Leithdháileadh Toillte don Todhchaí.




Pistúirtha ag an gComhdháil Fuinnimh CBI/IBEC 2013 ag an Titanic Centre Béal Feirste: Danny McCoy, IBEC; Ian Coulter, CBI; an tAire Foster, MLA; an tAire Rabbitte, TD; Fintan Slye, Príomfheidhmeannach, EirGrid.

## An Spriocshamhail Margaidh

Caithfidh an Spriocshamhail AE bheith curtha i bhfeidhm in Éirinn agus Tuaisceart Éireann faoi 2016. Tá tús curtha ag na hÚdaráis Rialála (URegNI agus CER) le Dearadh Leibhéal Ard an mhargaidh chun aithint a dhéanamh ar na roghanna atá ann le bheith in oiriúntas leis an Spriocshamhail AE, ach go gcomhlíonann siad freisin riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh agus úsáideoirí deiridh. Tá Grúpa Eirgrid tar éis a bheith páirteach sa phróiseas seo agus ag déanamh ainilís ar na roghanna margaidh dhifriúla atá á bplé.

## ENTSO-E

Is é ENTSO-E an European Network of Transmission System Operators a cuireadh ar bun faoin Tríú Pacáiste Fuinnimh chun comhordú a éascú idir TSOnna ar réimse saincheisteanna suntasacha polasaí. Áirítear leo seo go mórmhór forbairt ar na gCóid Gréasáin agus an Plean Forbartha Gréasáin Deich mBliana). Táimid rannpháirteach i ngach réimse chuí de ENTSO-E lena mbaineann tábhacht straitéiseach maidir le hÉireann agus Tuaisceart Éireann. B'eacht suntasach é, agus léiriú freisin ar an fás atá ar thionchar an Ghrúpa EirGrid laistigh de ENTSO-E, nuair a ceapadh Ann Scully, Stiúrthóir Gnóthaí Eorpacha, do Bhord ENTSO-E in 2013, rud a neartóidh agus a cuirfidh lenár ról lárnach san Eorap.

## Deimhniú TSO

Tá an próiseas Deimhniúcháin TSO d'Éireann agus Tuaisceart na hÉireann le Treoir Eorpach 2009/72/EC a chur i bhfeidhm críochnaithe. Mar thoradh beidh an tOibritheoir Córais i dTuaisceart na hÉireann ag tabhairt faoin ról pleanála tarchuir i dTuaisceart na hÉireann, sa chaoí go mbeidh na dualgaisí atá ar an Oibritheoir Córais níos cosúla sa dhá dhlísne.

## Idirnascadh Breise

Tá an Grúpa EirGrid agus a chontrapháirt Fhraincís RTE i mbun fiosruithe faoi idirnascadh idir Éireann agus an Fhrainc. Shíníomar Meabhrán Tuisceana i Meitheamh 2013 le réamhstaidéir bhreise a choimisiúnú maidir le indéantacht idirnascaire leictreachais fhomhuirí a thógáil idir an dá thír. Dá bhforbrófaí é seo, ritheadh idirnascaire Éireann-An Fhrainc idir chósta theas Éireann agus chósta iar thuaisceart na Fraince, agus bheadh cábla ar fhad 600km go neasach i gceist. Tá staidéir déanta againn cheana féin a thaispeáin go mbeadh tairbhí ag idirnascaire do chustaiméirí leictreachais sa dhá thír. I nDeireadh Fómhair 2013, cuireadh Indirnascaire Éireann-An Fhrainc faoi iamh an liosta Tionscadail Chomhleasa eisithe ag an gCoimisiún Eorpach.

# Ar gCustaiméirí

Tá sé mar dhualgas ag an nGrúpa EirGrid a chinntiú go bhfuil soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa againn, a chomhlíonann riachtanais teaghlaigh, gnólachtaí agus tionscail ar fud oileáin na hÉireann. Caithfimid féachaint don todhchaí, bheith ag coinne leis an éileamh a bheidh ar leictreachas sna blianta amach romhainn, agus pleanáil a dhéanamh ar fhorbairt an eangaí chun an riachtanas sin a chomhlíonadh i mbealach atá freagrach agus inathbhuanaithe. Is rud bunriachtanach é soláthar fuinnimh atá iontaofa agus inacmhainne i sochaí agus geilleagar nua-aimseartha, chun fás a chothú, infheistíocht a mhealladh agus postanna a chruthú.

Áiritear i measc ár gcustaiméirí iad siúd a bhfuil nasc díreach acu leis an eangach tharhuir (gineadóirí mora agus úsáideoirí éilimh) agus na custaiméirí agus pobail ar fud na tíre atá ag brath ar an gcóras tarchuir agus a bhaineann leas as soláthar slán leictreachais a bheith le fáil. Tá an caidreamh atá againn le gach ceann de na grúpai seo an-thábhachtach dúinn.

### Imeachtaí do Chustaiméirí 2013

Eagraíodh Comhdáil Custaiméirí an Ghrúpa EirGrid dar teideal "An Córas agus Margadh Cumhachta don Todhchaí a Sholáthar"i mBéal Feirste ar an 31 Deireadh Fómhair 2013. Bá í seo an chéad Chomhdháil de chuid an Ghrúpa EirGrid a óstaíodh i dTuaisceart Éireann. D'fhreastal thart ar 190 toscaire ar an gcomhdháil. Áirithe sna topaicí a phléadh bhí: meascán breosla na hÉireann a éascú agus é ag athrú, comhtháthu réigiúnach agus comhrá comhstádais ar inghlacthacht shóisialta tionsadail tarchuir. D'oscail an tAire Fiontair, Trádáil agus Infheistíocht i dTuaisceart Éireann, Arlene Foster MLA an comhdháil, agus thug Pierre Bonard (Leas-Príomhfheidhmeannach an TSO Francach RTE, Cathaoirleach ENTSO-E) an Eochairóráid.

I rith na bliana d'éascaíomar roinnt imeachtaí agus ceardlanna do chustaiméirí agus geallsealbhóirí lena n-áirítear: Fóraim Tionscail DS3 agus Comhairlí Chomhairleacha, Fóram Geallsealbhóirí Náisiúnta EirGrid, Seisiúin Topacaí Speisialta Oibritheoir Margaidh, Fóram ar Ghiniúint Uiile-Oileáin, Ceardlann ar an dTionscadal Comhtháthú Margaithe, Ceardlann ar Chonraithe, Ceardlann ar an Athbhreithniú ar Thástáil agus Coimisiúnú Feirme Ghaoithe agus Fóraim Aonaidfaoi Bhainistiú an Éilimh.

### Gleic leis an bPobal

Baineann fíorthábhacht le rannpháirtíocht phoiblí agus dul i dteagbháil le pobail áitíula i ndáil le forbairt bhonneagair ar an mórchóir dá leithéidí na heangaí leictreachais. In 2013, de réir ár dTreochláir um Chomharliúchán Poiblí, d'éascaigh an Grúpa EirGrid comharliúchán fairsing ar trí mhórthionscadail Grid25. San áireamh sa phróiseas comharliúcháin bhí 26 lá oscailte, na céadta faisnéisithe le gheallsealbhóirí agus eagraíochtaí áirithe, oscailt oifigí eolais áitiúla do phobail agus eolas curtha ar fáil trí na meáin.

Bhí aiseolas suntasach ó phobail áitiúla, geallsealbhóirí agus baill aonair an phobail a bhí fíorluachmhar dúinn ar tuiscint atá againn ar na saincheisteanna a thuiscint. Táimid tar éis fógraíocht a dhéanamh ar sraith thionscadail dírithe ar aghaidh a thabhairt ar abhair imní an phobail i leith roinnt de na tionscadail Grid25 - san áireamh seo tá mion-ainilís



I láthair ag an gComhdháil Grúpa EirGrid 2013 in Óstán Hilton, Béal Feirste, bhí: An tAire Arlene Foster, MLA, Fintan Slye, Príomhfheidhmeannach, EirGrid plc agus Martina Maloney, Stiúrthóir, EirGrid plc.




Pictiúrtha ag an gComhdháil Custaiméirí Ghrúpa EirGrid bhí na baill phainéil: Pierre Bornard, Cathaoirleach, ENTSO-E, Fintan Slye, Príomhfheidhmeannach, Simon Grimes, Derek Lawler agus Alex Baird ón nGrúpa EirGrid.



Stáisiún Cumhachta Moneypoint, Cil Rois, Co. an Chláir.

a rinneadh ar roghanna faoi thalamh, bearta áirithe Leas an Phobail a chur ar fáil, agus athbhreithniú ar an bpróiseas chomharliúcháin chun gleic phoiblí sa todhchaí a fheabhsú.

Tá an Grúpa EirGrid tiomanta do thionscadail a fhorbairt i mbealach atá freagrach agus do dhul i ngleic leis an bpobal agus gach geillsealbhóir lena mbaineann, go hoscailte agus go chuiditheach tríd tríd an phróisis.

## Tionscnaimh Custaiméirí á Soláthar

Mar fhreagradh ar aiseolas ónár gcustaiméirí díreachnasctha agus ár ngeallsealbhóirí, sheachadaíomar roinnt tionscnaimh i rith na bliana:

- Go luath in 2013, seoladh suíomh gréasáin nua de chuid SONI, le feidhmiúlacht fheabhasaithe agus gnéithe teicneolaíochtaí ghréasáin nuálaíocha in úsáid a thaispeáint,iad sin a éascaíonn taispeántas sonraíocht bheo díreach ón Lárionad Rialaithe de chuid an Chórais Bainistíochta Fuinnimh (EMS);
- Cuirtear eolas breise ar fáil i ndáil le Forbairt an Eangaí agus dul chun cinn ar thionscadail Atreise Tarchuir Gaolmhar (ATR) a bhfuil gá leo le Cainníochtaí Rochtain Daingin (ATR) do thionscadail chustaiméara a chur ar fáil;
- Eagraítear glao Comhdála Oibríochtaí Margadh go démhíosúil a leagann béim ar imeachtaí le déanaí agus ag teacht aníos sa mhargadh chomh maith le fóram oscailte curtha ar fáil chun saincheisteanna a phlé agus ceisteanna a ardú; agus
- Tá mír dhílis ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa EirGrid anois atá dírithe ar fhorbairtí Eorpacha.

## EWIC agus Custaiméirí Nua

Ciallaíonn seoladh an Idirnascaire Thoir-Thiar go n-áirítear inár mbonn custaiméirí anois iad siúd atá dírithe ar thrádáil fuinnimh idir na margaidh fuinnimh Uile-Olieáin agus na Breataine Móire. Tá sé tar éis an margadh SEM a ocscailt d’iontrálaí nua agus do iomaíochas breisithe. Anois tá ocht gcustaiméir cláraithe le trádáil ar EWIC agus tá suim laidir á teaspáint ó chustaiméirí phoitéinsiúla breise.

Sa EEM thar na bliana anuas bhí 14 rannpháirtí nua agus cláraíodh 43 aonad nua san iomlán, úsáideoirí EWIC ina measc.



Polasaí Nasctha agus an Fhoireann Conarthaí:
Marie Hayden agus Shane Maher.


Business in the Community Ireland
BUSINESS WORKING RESPONSIBLY
This is to certify that
EirGrid
has completed an independent audit,
met the required compliance levels
and has therefore achieved the
Business Working Responsibly Mark
26 September 2012
Tina Roche, Chief Executive, Business in the Community Ireland
Auditing partners: NSAI



Luachanna

# Freagrach go Sóisialta

## *'Iompraímid muid féin i mbealach atá freagrach go sóisialta'*

Tá tiomantas againn muid féin a iompar i mbealach atá freagrach go sóiathsialta. Is cruthú é ar an méid sin go bhfuilimid ar cheann d'aon chuideachta déag in Éireann a bhfuil an marc 'Business Working Properly' de chuid Gnó sa Phobal bronnta orainn. Is é seo an deimhniúchán aitheanta atá le fáil in Éirinn i leith cleachtaí atá freagrach agus inathbhuanaithe. Chun go mbronnfaí an Marc seo orainn rinneadh athbhreithniú ar ár gcuid gníomhaíochtaí thar scóip iomlán ár ngnó, i leith cleachtais atá inathbhuanaithe agus freagrach. Bronnadh an Marc ar ÉirGrid tar éis iniúchadh a thaispeáin na caighdeáin arda atá againn i réimsí mar an comhshaol, áit oibre, an margadh, an pobal, cumarsáid agus rialachas.

Kieran McGowan, Cathaoirleach BITC agus Fintan Slye, Príomfheidhmeannach, an Grúpa EirGrid ag freastal ar bhronnadh an ghradaim Marc BWR.

# Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Bhí an nós ag an nGrúpa EirGrid go lárnach i gcónaí ár ngnó a dhéanamh go freagrach agus go hinatbhuanaithe I rith na bliana, d'fhorbraíomar straitéis nua a bhfuil Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) lárnach inti. Is é ceann d'ár luachanna muid féin a iompar i mbealach atá freagrach go sóisialta. Tá CSR comhtháite go hiomlán i bplean ghnó an Ghrúpa agus ina chuid córais bainistíochta.

Tá áthas ar EirGrid gur bhronnadh an Marc "Busines Working Responsibly" de chuid Gnó sa Phobal Éireann (BITC) orainn, an tagarmharcáil i leith CSR in Éirinn. Beimid ag iarraidh athdheimhniúchán an Mharic in 2014.

## Ag Dul i nGleic le agus ag Tacú le Pobail.

Áirítear sa ghleic leis an bpobal de chuid an Ghrúpa EirGrid: cohmarluíchán faoi bhforbairt an eangaí (mar a pléadh níos túisce), for-rochtain oideachais agus gníomhaíocht na foirne i dtiomsú airgid agus ag tabhairt do charthanas.

Téimid i ngleic le scoileanna, daltaí agus múinteoirí inár gclár Eolaíocht Scoile - Ó Stáisiún Cumhachta go Playstation - chun cabhair a thabhairt do dhaltaí sa sraith shóisearach ullmhú le haghaidh turgnaimh in eolaíocht dom gcuraclam sóisearach. In 2012/13, dáileadh an clár ar bheagnach 3,000 dalta agus 60 múinteoir in Éireann agus Tuaisceart Éireann. Tá se i gceist againn an clár a rith i sé ionad eile i 2013/14, ag déanamh teagmháil le thart ar 3,000 dalta eile.

Bionn ár bhfoireann páirteach i dtiomsú airgid agus tabhairt go charthanas. Gach bliain roghnaíonn an fhoireann carthanas tosaíoch lena tacóidh siad in Éirinn agus Tuaisceart Éireann. In 2013 ba iad LauraLynn's Children's Hospice agus the Alzheimer's Society of Northern Ireland na cinn a roghnaíodh. Thugamar tacaíocht freisin do ElectricAid, carthanas de chuid an tionscnaimh a sholathraíonn cabhair d'eagraíochtaí ag feidhmiú sa domhan forbraíochta. Thar na bliana seo caite, cruinníodh cistí breis agus €38,000 sa Ghrúpa ar son na trí eagraíocht seo. Chuir sé áthas orainn freisin an Gradam um Sármhaitheas Idirnáisiúnta de chuid Chambers Ireland a bhuachaint, é seo d'ár gcomhthionscnamh leis an BSL i leith rolladh amach soirn breosla-éifeachtúla san Eirtré.

Maraon leis na gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid seo, thug an Grúpa EirGrid tacaíocht do roinnt imeachtaí eagraithe ag phobail, lena n-áirítear an Fhéile 'Sligo Live' an 'Hay Festival' i gCeanannas Co. na Mí agus an Fhéile Water Music i gCora Droma Rúisc Co. Liatroma.

## Aire a Thabhairt d'ár gComhshaol

Ciallaíonn na saghasanna ghníomhaíochtaí a bhíonn idir láimhe againn go bhfuil an poitéinseal ann tionchar a imirt ar an gcomhshaol. Táimid tiomanta go mór d'aird chuí a thabhairt don gcomhshaol, de réir dea-cleachtais agus muid i mbun pleanála forbairt a dhéanamh ar an gcóras tarcurtha.

Trí chinntiú go bhfuil soláthair leictreachais slán agus iontaofa ar fud oileáin Éireann, cuireann an Grúpa go mór le cháiliocht na beatha agus éascaíonn sé forbairt gheilleagrach. Cuireann obair an Ghrúpa go han-dhearfach leis an gcomhshaol trí éascú chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite isteach sa chóras tarcurtha, agus tri chabhrú le baint amach na sprice leagtha síos ag Rialtais Éireann agus Tuaisceart Éireann, sin 40% leicgreachais foinsithe ó bhfoinsí in-athnuaite faoi 2020. Cuirfidh baint amach na sprice 40% in-athnuaite le laghdú na loirge carbóin de chuid Éireann agus Tuaisceart na hÉireann.

In 2013 sheolamar app iPhone Eangach Chliste a sholáthraíonn eolas ar bhunús uile-oileáin a éascaíonn d'úsáideoirí eochairshonraíocht fuinnimh ghaolmhar i bhfíor-am. Éascaíonn sé seo cinntí fuinnimh atá cliste.



Pictiúrtha ag Dámhachtainí Cumainn Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, an tAire Phil Hogan, James Foley, BSL, Patricia Wade, EirGrid agus Electric Aid, agus Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.



Louise McHugh, Ray Niland, Ailbhe Enright, Michael Moore, Kate Hanley, Forbairt na hEanga.





Tugann John Wilson teaspántas do dhalta
i rith an Chláir Eolaíochta Scoile.



Baill foirne a ghlac páirt sa Docklands Run ar son LauraLynn Oispíse Leanaí na hÉireann




Bronnadh don Alzheimer's Society of Northern Ireland.

## Ídiú Fuinnimh

In 2013 d'ídigh an Grúpa EirGrid 3,983 MWh fuinnimh ag a chuid oifigí i nDroichead na Dortha agus ag an Lárionad Leanúna Gnó:

- 3.122 MWh Leictreachais;
- 862 MWh breosla iontaise; agus
- 0 MWh ó bhreosla in-athnuaite ar- an- suíomh.

Giníodh 717 MWh den leictreachas a ídiú ó bhfoinsí in-athnuaite (cuid in-athnuaite bhliantúil ar an meán = 18% in 2013).

## Gníomhaíochtaí a Tugadh Fúthu in 2013

In 2013 Ghlac EirGrid plc mar chúram raon tionscnaimh dírithe ar a fheidhmiúchán a fheabhsú, trí úsáid sonraíochta oná gcóras bainistíochta fuinnimh chun deiseanna a aithint ídiú a íoslaghdú, lena n-áirítear:

- Míntiúnadh ar thógáil córais, lena n-áirítear bearta lena chinntiú nach mbíonn na príomhchórais téimh agus fuaradh atá laistigh dár rialú feidhmíoch ach amháin nuair a bhíonn gá leo; agus
- Córas a shuiteáil a bhainstíonn ídiú fuinnimh na ríomhairí laistigh d'uaireanta oifige.

Tógtha le chéile, tá laghdú 3% bainte amach ag na bearta seo agus bearta sábhála fuinnimh eile i leith figiúirí a thomhaiseann ídiú fuinnimh gach fostaí.

## Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2014

Tá sé beartaithe ag EirGrid plc a fheidhmiúchán a fheasbhsú níos mó faoi 2%, trí tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- An timpeallacht ríomhaire agus an t-ionad sonraíochta a optamú; agus
- Feabhas a chur le timpeallacht an bhfoirgnimh, na córais soilse san áireamh.

## An Áit Oibre

Tá foireann oibre againn a bhfuil ardscileana agus ardoideachas orthu thar raon disciplíní. Is é ceann dár gcórluachanna ná go "n-aithnímid gurbh iad ár ndaoine ár sócmhainn is mó." Tugaimid dár ndaoine gach deis fheidhmithe agus forbartha go dtí uasmhéid a gcuid cumas. Oibríonn daoine le chéile ar thionscadail dhúshlánacha agus soláthraímid deiseanna oiliúna teicniúla agus i bhforbairt phearsanta. Déanaimid cumarsáid le, agus téimid i ngleic lenár ndaoine maidir leis na nithe atá tábhachtach dóibh.

## Sláinte, Sabháilteacht agus an Comhshaol

Tá an Grúpa tiomanta do bhaint amach agus coinneáil na caighdeáin is airde sláinte, sábháilteachta agus leasa agus do chosaint an chomhshaoil. Oibrímid Córas Bainistíochta Sláinte, Sabháilteachta agus an Comhshaol (HS&E) atá deimhnithe ag an gCaighdeán Idirnáisiúnta Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde: OHSAS18001:2007 agus an Caighdeán Bainistíocht Comhshaoil ISO14001:2004. Síneadh Deimhniú Sábhailteachta don Idirnascaire Thoir-Thiar in 2013. Ní raibh aon timpístí aga dímhaoine i nGrúpa EirGrid i rith na bliana.

Bhí ríméad orainn Mórghradam Catagóir 1 faoin gcatagóir Fóntais ag na Gradaim Bhliantiúil um Shábháilteacht Cheirde a d'óstaigh an Eagraíocht Naisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO) agus an Grúpa Sabháilteacht Tuaisceart na hÉireann(NISG). Léiríonn sé seo an tiomantas sa Ghrúpa do na caighdeáin is airde maidir le sláinte, sabháilteacht agus cúrsaí leasa.

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY



Luachanna

# Seachadadh

*‘Comhlíonaímid ár ngealltanais‘*

Fuinnimhíodh an Grúpa EirGrid stáisiún nua 220kV ag Oileán Mór an Bharraigh i gCó. Loch Garman i nDeireadh Fómhair 2012. Ba gharsprioc é seo do SSE, ceann d’ár gcustaiméirí giniúna is mó. Bhí dlúthchomordú agus comhoibriú idir an custaiméir, foireann tionscadail an Ghrúpa EirGrid agus Líonrai BSL ar an dtionscadal seo. Is mar gheall ar sin a críochnaíodh go ráthúil tionscadal a léiríonn infheistíocht €20m sa Chóras Tarchuir Áitiúil. Tá SSE i mbun tógála Tuirbín Gáis Comh-Thimthriall 460 MW ag Oileán Mór an Bharraigh agus déascaigh seachadadh an tionscadail seo nascadh an ghléasra cumhachta. Le coinne leis a bheith coimisiúnaithe in 2014, cuirfear an gléasra cumhachta glanghásadhainte nuaimseartha agus éifeachtúil seo in ionad an ghléasra ola bhreosla 240 MW atá ann cheana, é seo ag cabhrú le dícharbónú a dhéanamh ar ghiniúint leictreachais in Éireann.



Stáisiúin 220kV Oileán Mór an Bharraigh, Co. Loch Garman.

# An Bord



*Chlé go Deas:* Liam O'Halloran
Dr. Joan Smyth
Regina Moran
Richard Sterling
Fintan Slye PRÍOMHFHEIDHMEANNACH



*Chlé go Deas:* John O'Connor CATHAOIRLEACH
Dr. Gary Healy
Niamh Cahill RÚNAÍ CUIDEACHTA
Doireann Barry
Bride Rosney
Martina Moloney

# An Bord

### John O'Connor CATHAOIRLEACH

Ceapadh John O'Connor mar Chathaoirleach ar Bhord EirGrid le héifeacht ón 12 Samhain 2013. Ón 2000 go 2011 bhí sé ina Chathaoirleach ar an mBord Pleanála, an Binse Naisiúnta Neamhspleách a dhéanann cinntí ar achomhairc pleanála agus ar thionscadail straitéiseacha bonneagair. Roimis sin, chaith sé 35 bliain mar státseirbhíseach sa Roinn Comhshaoil inar oibrigh sé i roinnt poist sinsearacha mar Oifigeach Airigeadais, Príomhpholasaí Tithíochta agus Airgeadas agus mar Runaí Cúnta i bhfeighil an Rannáin Pleanála agus Seirbhísí Uisce. Ghlac sé feidhm freisin mar stiúrthóir ar trí cinn de Chomhlachtaí Stáit: An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, Temple Bar Properties agus an tÚdarás Forbartha Dughailte Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar an Pyrite Resolution Board. Tá Dioplóma i Riarachán Poiblí aige ó UCD.

### Fintan Slye PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Ceapadh Fintan Slye mar Phríomhfheidhmeannach ar an 1 Deireadh Fómhair 2012 agus ceapadh é go hoifigiúil don mBord ar an 17 Iúil 2013. Roimis sin bhí Fintan ina Stiúrthóir Oibríochtaí le freagracht as oibriú an chórais chumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, le Lárionaid Rialaithe agus fóirne suite i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath chun daingneas agus leanúnachas an tsoláthair leictreachais a chinntiú i bhfíor-am ar fud an oileáin. Bhí freagracht air freisin as clár oibre EirGrid agus SONI a bhainistiú. Bhí se mar chúram aige anseo comhcheangal na méideanna ceannródaíocha d'ábhair in-athnuaite sa chóras cumhachta a éascú. Sular thosaigh sé ag obair le EirGrid, d'oibrigh Fintan le McKinsey & Co. ina n-oifig i mBaile Átha Cliath, ag tabhairt tacaíochta do chuideachtaí ar fud na hÉireann. Ghnóthaigh Fintan Máistreacht i Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in 2001 agus Máistreacht san Eolaíocht Innealtóireachta sa bhliain 1993.

### Doireann Barry

Ceapadh Doireann Barry ar Bhord EirGrid i mí na Nollag 2011 ar feadh tréimhse cúig bliana, tar éis dí a bheith tofa mar ionadaí foirne EirGrid. Tá sí ag obair sa tionscal leictreachais ón mbliain 1999 i leith agus d'oibrigh sí i mórán réimsí in EirGrid. Is é an ról atá aici faoi láthair ná Bainisteoir an Chláir Eangach Chliste, le freagracht as chomhordú na gníomhaíochtaí uilig a bhaineann leis an Eangach Chliste thar an Ghrúpa EirGrid. Rinne sí ionadaíocht don chuideachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar chainteoir ag comhdhálacha agus mar bhall gníomhach de mheithleacha san ENTSO-E. Bhain sí céim amach san Inneltóireacht Leictreach i gColáiste na hOlscoile, Corcaigh agus is comhalta í d'Innealtóirí na hÉireann.

### Dr. Gary Healy

Ceapadh an Dr. Gary Healy ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2011 ar feadh téarma cúig bliana. Tá an Dr. Healy ina cheannaire ar chúrsaí rialacháin agus beartas poiblí ag Telefonica 02 agus ina leaschathaoirleach ar an gCónaidhm Theileachumarsáide agus Idirlín in IBEC. Bhí Dr. Healy ina Stiúrthóir ar Fhorbairt Margaidh sa Choimisiún le haghaidh an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus ina shainchomharleoir rialála ag Jacobs & Associates agus ag PriceWaterhouseCoopers. Tá comhairle tugtha ag Dr. Healy do chliaint in Éirinn ar bheartais rialacháin agus ar bheartais phoiblí agus ar thionscadail a thacaíonn le rialtais in Oirthear na hEorpa agus sa Mheánoirthear. Sula ndeachaigh sé le ComReg, bhí an Dr. Healy ina Bhainisteoir Tíre le Thompson Reuters agus ina CFO ar fhochuideachta Citibank sa Ríocht Aontaithe. Tá PhD sa Dlí agus



Bord EirGrid pictiúrtha ag Westminster.



The Oval, Ballsbridge, Dublin.



Teach an Chaisleáin Riabhaigh, Béal Feirste.

Rialtas ó DCU ag an Dr. Healy, chomh maith le MBA ó DCU, Máistreacht sa Nua-Stair ó Ollscoil Middlesex agus tá sé cáilithe mar chuntasóir freisin.

## Martina Moloney

Ceapadh Martina Moloney ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2004 ar feadh tréimhse cúig bliana, agus athcheapadh í do thréimhse elile cúig bliana i mí Mheán Fómhair 2009 ar feadh tréimhse eile cúig bliana. Is oifeagach gairme in earnáil an rialtas áitiúil í agus is Bainisteoir Chontae ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe í faoi láthair; freastalaíonn an chomhairle contae ar bhreis agus 175,000 duine, tá caiteachas bliantiúil de bhreis agus 4350 milliún acu agus foireann 800 duine. Sula ndeachaigh sí ag obair le Comhairle Chontae na Gaillimhe, d'oibrigh sí le sé údarás áitiúla eile; áirítear le seo, Comhairle Contae Lú, áit a raibh sí ina Bainisteoir Contae, agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe áit a raibh sí ina Stiúrthóir Seirbhísí le freagracht as seirbhísí corparáide, seirbísí pobail agus seirbhísí fiontair. Tá BA aici i Riarachán Poiblí chomh maith le M.A i mBainistíocht Phoiblí. Tá sí ina comhalta d'Instiúid na dTeicneoirí Cuntasaíochta.

## Regina Moran

Ceapadh Regina Moran ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2011 ar feadh téarma cúig bliana. Tá sí ina CEO ar Fujitsu in Éireann faoi láthair, áit ina bhfuil sí ina ceannaire ar an bhfoireann oibre dírithe ar seirbhísí ICT a sholáthar a chuirfidh leis an luacháil ghnó san áit oibre Éireannach. Tá Regina ina comhalta d'Údarás Ceannais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Leas-Uachtarán d'Innealtóirí Éireann (FIEI) agus ball de bhord IBEC Teo. Ceapadh í le déanaí do Bhord Forbartha an Oispidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh. Tá MBA onóracha chéad chéim ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aici agus bronnadh 'Dámh Sir Charles Harvey' uirthi mar gheall ar an méid ollmhór a bhain sí amach ina cuid staidéir iarchéime.

## Liam O'Halloran

Ceapadh Liam O'Halloran ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2011 ar feadh téarma cúig bliana. Tá taithí bainistíochta fairsing ag Liam i gcuideachtaí idirnáisiúnta leictreonaice agus teileachumarsáide. Bhíodh sé ina Leas-Uachtaráin Sinsearach ar DEX Europe, cuideachta atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheirceá a chuireann Seirbhísí Deisiúcháin agus Lóistíocha ar fáil do mhórchuideachtaí ilnáisiúnta leictreonaice, sna n-earnáil TF, Cúraim Sláinte agus Fuinnimh. Bhí sé ina Leas-Uachtarán freisin ar Oibríochtaí Eorpacha le Jabil Global Services, cuideachta seirbhísí leictreonaice dhomhanda. Is úinéir é Liam d'Alcomis, comhairleacht ar fhorbairt chuideachtaí. Bhí Liam freisin ina Stiurthóir ar Chúrsaí Rialucháin agus Oibríochtaí Custaiméirí ag Magnet Networks agus ina dhiadh sin bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcáin ar ALTO - Cumann na nOibrieoirí Malartacha Teileachumarsáide.

## Bride Rosney

Ceapadh Bride Rosney ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2011 ar feadh téarma cúig bliana. Tá Bride Rosney ina Rúnaí i láthair na huaire ar Bhord Iontaobhaithe Fhondúireacht Mháire Mhic Róibín - Climate Justice, agus ba í a bhí mar an chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin air. Bhí sí ina Stiúrthóir Cumarsáide le RTÉ ó 2001 go 2009 agus d'oibrigh sí san earnáil phríobháideach mar shainchomhairleoir cumarsáide sna nuatheicneolaíochtaí agus sna healaíona ón1998 go 2001. Idir 1990 agus 1997, d'oibrigh si mar Chomhairleoir Speisialta do Mháire Mhic Róibín le linn dí bheith mar Uachtarán na hÉireann agus mar Ard-Choimisinéir na Náisiúin Aontaithe le haghaidh Cearta Daonna.



Druma Cábla, an tIdirnascaire Thoir-Thiar.

Céimí le hEolaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le Cleachtas Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, agus tá breis agus fiche bliain de thaithí aici i gcúrsaí oideachais agus i dtaighde oideachais ag an dara leabhéal agus ag an tríú leibhéal. Roimhe seo, d'oibrigh Bride mar mhúinteoir, mar thaighdeoir oideachais agus mar phríomhoide scoile.

## Dr. Joan Smyth

Ceapadh Dr. Joan Smith ar an mBord i mí an Mheithimh 2009 ar feadh tréimhse cúig bliana. Is Cathaoirleach í ar an Progressive Building Society le cúig bliana anuas. Ba stiúrthóir í freisin ar Chomlachas Trinity Housing. Is Uachtarán í freisin ar Chumann na Croise Deirge, Tuaisceart na hÉireann. In 2009 chríochnaigh sí breis agus cúig bliana in oifig mar chathaoirleach ar Fhóram na bPríomhfheidhmeannach. Tá dhá théarma curtha isteach aici mar Chathaoirleach ar Chuideachta Shealbhóireachta Iompair Thuaisceart Éireann, ón 1 Iúil 1999 go 30 Meitheamh 2005. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Chomhdheiseanna do Thuaisceart Éireann ón 1992 (Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach go dtí 1 Deireadh Fómhair 1998), agus d'fhan sí sa phost go dti gur cuireadh an Coimisiún Comhionannas nua ar bun i Deireadh Fómhair 1999. Ceapadh í ar Bhord na Comhairle Bhriotanach in Meán Fómhair 1999 agus ghlac si feidhm anCathaoirligh go hócaideach ar Choiste Tuaisceart na hÉireann. Bhain an Dr. Smyth BSc in Eacnamaíocht ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus tá sí ina Compánach den Fhoras um Pearsanra agus Forbairt. Is Measúnóir Neamhspleách í do Cheapacháin Poiblí. Is iar-Uachtarán Feidearálachta í den Seathras Soirbhíoch Idirnáisiúnta den Ríocht Aontaithe agus Éireann. Bronnadh CBE uirthi ag Liosta Gradam na Banríona don Úrbhliain, 1998.

## Richard Sterling

Ceapadh Richard Sterling ar Bhord EirGrid i mí Mheithimh 2009 ar feadh tréimhse cúig bliana. Is Iarstiúrthóir Bainistíochta é ar Coolkeeragh Power Limited atá bunaithe i nDoire, agus is iar-Uachtarán é ar Chumann Tráchtála Dhoire. Ceapadh é ina Chomhalta Boird do Ilex, an Chuideachta um Athghiniúint Uirbeach do cheantar Chomhairle Cathrach Dhoire in 2003 agus ghlac se feidhm an Chathaoirligh Ghníomhaigh agus an Leaschathaoirligh i rith na téarma sé bliana a chaith sé ann. Is comhalta é d'Institiúid Dheimnithe Cuntaisóirí Bainistíochta, agus tá stair fostaíochta dearscnaitheach aige ag leibhéal sinsearach i roinnt mhaith tionscail laistigh de Thuaisceart Éireann. Bronnadh OBE ar Richard in 2003 don mhéid a rinne sé ar son Choiste na mBunscileanna (Basic Skills Committee) agus ar son ghnó i dTuaisceart Éireann.



# Struchtúr Eagraíochtúil

Bord EirGrid
Cathaoirleach
**John O'Connor**

Phríomh-fheidhmeannach
**Fintan Slye**

Cúrsaí Dlí an Ghrúpa
**Niamh Cahill**

SEMO & SONI GM
**Robin McCormick**

Airgeadas
**Aidan Skelly**

Córais Faisnéise
**Rodney Doyle**

Oibríochtaí
**Andrew Cooke**



Eangaí don Todhchaí
**Michael Walsh**

Forbairt Eangaí
**John Fitzgerald**

Gnóthaí na hEorpa
**Ann Scully**

Acmhainní Daonna
**Siobhan Toale**

# An Fhoireann Feidhmiúcháin

Tugann Fintan Slye, ár bPríomhfheidhmeannach, ceannaireacht don bhFoireann Feidhmiúcháin.

Cuirtear beathaisnéis iomlán de chuid Fintan ar fáil ar leath. 52.



### Niamh Cahill

Tá Niamh Cahill ina Rúnai Cuideachta agus ina Dlíodóir Cuideachta do EirGrid plc. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh í Niamh. Bhain sí BA (Onóracha) agus LLB (Onóracha) amach ansin, agus tá BL bainte amach aici freisin ag Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath. Glaodh chun an Bharra in Éirinn í i 1985 agus glaodh chun an Bharra sa Ríochta Aontaithe (Middle Temple Inn) í i 1988. Tá taithí fhorleathan aici ar obair mar chleachtóir phríobháideach (Na Ceithre Chúirt, Éire), agus ar obair mar abhcóide dlí in-tí ar son cuideachtaí móra idirnáisiúnta poiblí agus príobháideacha i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Sular thosaigh sí ag obair do EirGrid, bhí sí ina dlíodóir tráchtála sinsireach laistigh de Ghrúpa BSL, áit a raibh sí freagrach as raon leathan rioscaí dlíthiúla tráchtála a bhainistiú agus a mhaolú maidir le margadh leictreachais na hÉireann ag le infheistíocht idirnáisiúnta BSL.



### Andrew Cooke

Agus é ina Stiúrthóir Oibríochtaí, tá freagracht ag Andrew Cooke ar oibríochtaí an chórais cumhachta in Éireann agus Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear oibríocht fíor-ama, 24/7, ó Lárionaid Rialuithe i mBéal Feirste agus Baile Átha Cliath. Is céimí é de chuid Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus tá BSc bainte amach aige in Innealtóireacht Leictreach. Tá taithi de bhreis agus 30 bliain aige ag plé le hoibríochtaí córais tarchuir agus le cúrsaí pleanála, le dearadh margaidh agus le cúrsaí rialála.



### Rodney Doyle

Ceapadh Rodney Doyle mar Stiúrthóir ar Córais Faisnéise i Feabhra 2013. Roimhe sin bhí roinnt poist bainistíochta ag Rodney le EirGrid, a dhéanaí mar Bhainisteoir Comhtháthuithe an Mhargaidh Eorpach, agus roimhe sin mar Bhainsteoir an Tionscail Ullmhacht Ghnó don Idirnascaire Thoir-Thiar, agus mar Bhainisteoir Seirbhísí Choimhdheacha. Thar na rólanna a ghlac sé thug Rodney ceannaireacht ar thionscadail a sholáthraigh mórchórais agus mórpholasaithe atá fós i bhfeidhm inniú thar an mhargaidh leictreachais agus na TSOnna. Sular thosaigh sé le Eirgrid agus an Eangach Náisiúnta BSL d'oibrigh Rodney mar Phríomhchomhairleoir sa Rannán Líonra de chuid Údaráis Iomaíochta na Nua-Shéalainne, dírithe ar saincheisteanna deartha margaidh/rialú gáis agus leictreachais, agus roimhe sin d'oibrigh sé mar sainchomhairleoir. Is ball é Rodney de roinnt eochairghrúpaí TSO Eorpach agus grúpaí chomhoibriú margaidh. Tá BA (Eacnamaíocht), MA (Eacnamaíocht) agus MBA ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath aige.



### John Fitzgerald

Ceapadh John Fitzgerald mar Stiúrthóir Forbartha Eangaí i Feabhra 2013. Roimhe sin bhí sé mar Stiúrthóir Tionscadail ar an Idirnascaire Thoir-Thiar do EirGrid ó 2007. Sula ndeachaigh sé ag obair le EirGrid, bhí John páirteach sa réimsé forbairt ghnó do BSL Idirnáisiúnta áit ar ghlac sé roinnt mhaith poist bhainistíochta lena n-áirítear Bainisteoir Forbartha Ghnó, Bainisteoir Trádála agus Soláthair (Tuaisceart Éireann) agus Bainisteoir Tráchtála le BSL Coolkeeragh. Bhí John páirteach i bhforbairt mhórthionscadail bonneagair fuinnimh agus tionscnaimh chorparáide dá leithéidí Coolkeeragh 400 MW CCGT agus an píoblíne ghaolmhar, agus athleasú tionscail i dTuaisceart Éireann agus ar Marchwood 880 MW CCGT sa Bhreatain Mhór. Roimhe sin bhí roinnt poist oibríochtúia ag John leis an BSL. Tá Céim Bhaitsiléara in Innealtóireacht Leictreonach aige, agus MBA ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.



**Robin McCormick**

Tá taithí fhairsing ag Robin McCormick sa tionscal cumhachta i dtimpeallacht rialauithe fóntais. Bhí sé mar Bhainisteoir Ginearálta ar SONI nuair a chuaigh sé i mbun comhpháirtíochta le cúig eagraíocht - EirGrid, DCENR,NIAUR agus CER - chun an Margadh Aonair Leictreachais a chur ar bun in 2007. Ina dhiaidh sin ghlac EirGrid seilbh ar SONI in 2009 agus ina ról mar Phríomhfheidhmeannach tá punann freagrachtaí aige lena n-áirítear Caidreamh an Ghrúpa le Custaiméirí agus SEMO, Oibreoir an Mhargaidh Aonair Leictreachais. Ghlac sé páirt ar an mBord chun cumann réigiúnach na n-oibreoirí córais tarchuir, ENTSO-E a bhunú. Is comhalta é Robin d'Instiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta, agus tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar Ghrúpa Beartais Innealtóireachta IET - Tuaisceart Éireann agus IoD. Tá MBA aige ó Ollscoil Uladh, Baile Shiurdain, agus MSc ó Ollscoil Napier i nDún Éideann.



**Ann Scully**

Is í Ann Scully an Stiúrthóir de chuid EirGrid a bhfuil freagreacht aici ar Ghnóthaí na hEorpa. Roimis dí an ról seo a ghlacadh, bhí sí ina Stiúrthóir Seirbhísí Faisnéise le EirGrid agus roimhe sin ba stiúrthóir í ar an dtTionscadal Uile-Oileaín. In éineacht lena comhghleacaí i SONI, bhí sí freagrach as an gclár chun Margadh Leictreachais Aonair (SEM) d'oilean uile na hÉireann a bhunú, faoin spriocdháta gníomhaithe comhaontaithe 'go live', an 1 Samhain, 2007. Sular thug sí faoin dtionscadal seo bhi roinnt poist tionscadail agus bainistíochta aici le hEangach Náisiúnta BSL agus le BSL, lena n-áirítear an margadh mórdhíola leictreachais in Éirinn a bhunú in 2000, agus bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ESBI Alberta, Ltd, an Riarthóir Tarchuir in Alberta, Ceanada. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide i, agus tá céim bainte amach aici in Innealtóireacht Leictreach.



**Aidan Skelly**

Thosaigh Aidan Skelly le EirGrid mar Phríomhoifigeach Airgeadais i mí an Mheithimh 2005. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais le Waterford Stanley Limited roimhe sin. D'oibrigh sé le Waterford Crystal ó 1987 go dti 2002 mar a raibh roinnt poist airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le linn an ama sin. Fuair sé oiliúint mar Chuntaiseoir Cairte le PriceWaterhouseCoopers agus is céimí Tráchtála é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá Máistreacht i Staidéar Gnó (MBS) aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath freisin.




**Siobhan Toale**

Is í Siobhan Toale an Stiúrthóir, Acmhainní Daonna. Thosaigh Siobhan le EirGrid in 2013 agus tá taithí fhairsing aici i HR, Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíocht Athruithe ó na Tionscail Theileachumarsáide agus Baincéireachta. Roimhe seo, bhí poist sinsearacha in HR aici le Eircom, Telefonica O2 Ireland agus an Grúpa Banc na hÉireann. Tá BSc (Comp) ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide aici, agus MSc in Iompar Eagraíochtúil ó Birbeck College, University of London.



**Michael Walsh**

Is é Michael Walshe Stiúrthóir Eangaí don Todhchaí agus thosaigh se le EirGrid i Meán Fómhair 2011.Sular thosaigh se ag obair le EirGrid, bhí Michael ina Phríomhfheidhmeannach ar Chumann na Gaoithe Teo. Roimis seo, bhí Michael ina Bhainisteoir ar Fhorbairt Mhargaidh in EirGrid, áit a raibh ról ríthábhachtach aige maidir le forbairt rathúil an Mhargaidh Aonair Leictreachais. I measc na bpost ele a bhí aige, bhí sé ina Bhainisteoir Fosheirbhísí le EirGrid, agus bhí sé ina léachtóir ar Innealtóireacht Leictreonach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí Michael ina chomhalta de Bhord Cumainn Fuinnimh Ghaoithe na hEorpa idir 2008 agus 2011'. Tá BE, PhD agus MBA bainte amach aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta d'Instiúid Innealtóirí na hÉireann.



# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 62 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid plc | 72 |
| Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim | 74 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach | 75 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach | 75 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 76 |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 77 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas | 78 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas | 79 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid | 80 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid | 81 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 82 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta de chuid an Ghrúpa i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013.**

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa seirbhísí ardchaighdeáin nasctha, tarchuir agus margaidh a chur ar fáil do ghineadóirí, do sholáthróirí agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as an gcóras leictreachais ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá freagracht ar EirGrid plc chomh maith as an mbonneagar eangaí riachtanach a leagan amach d'fhonn tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann. Tá an Grúpa freagrach freisin as feidhmiú an mhargaidh mhórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann. Tá úinéireacht ag an nGrupa ar, agus feidhmíonn said, an t-Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC), a nascann na h-eangaigh leictreachais In Éirinn agus an Ríocht Aontaithe. Cuireadh tús le lánfheidhmiú EWIC ar an 1ú Bealtaine, 2013.

Bailíonn an Grúpa taraifí chun tacú leis na ngníomhaíochtaí seo. Mar gheall ar na taraifí seo, táthar in ann dreasachtaí a chruthú agus toradh rialaithe as caipitil a infheistítear sa ghnó, rud a ghinfidh luach don Ghrúpa amach anseo.

## Torthaí agus Athbhreithniú ar an nGnólacht

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim ar leathanach 74 agus i Nótaí 1-30 a ghabhann leis.

Is í an bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 an tréimhse atá á tuairisciú san am i láthair. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012. Mar gur cuireadh moill ar lánfheidhmiú an EWIC, tá deilght déanta ar an Ráiteas Ioncaim ag taispeáint an tionchair a bhi ag an moill sin, chun soiléiriú a dhéanamh ar inchomparáideacht. Tá sonraí bhreise ar an EWIC le fái nóta 7, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag an moill a cuireadh ar oibríochtaí ar bhrabús tuairiscthe na bliana reatha.

Tá tráchtaireachtaí ar fheidhmíocht le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013, lena n-áirítear faisnéis faoi imeachtaí le déanaí agus faoi fhorbairtí sa todhchaí, le fáil i dTuarascáil an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin is airde i Rialachas Corparáideach a bhaint amach. Le linn na bliana, chloígh an Grúpa leis an gcáipéis nuashonraithe athbhreithnithe, Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), a d'eisigh an Roinn Airgeadais an 15 Meitheamh 2009. Leagann an Cód amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a gcaithfidh Boird Comhlachtaí Stáit cloí leo. Cloíonn an Grúpa chomh maith leis an rialachas corparáideach agus le hoibleagáidí eile a chuireann an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 i bhfeidhm. Féachann an Grúpa freisin do phrionsabail an Chóid Rialachais Chorparáideach RA leasaithe i Meán Fómhair 2012 agus Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach Éireann eisithe i Nollag 2010.

## Prionsabail an Dea-Rialachais

### Comhaltaí an Bhoird

Is iad baill an Bhoird: Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, an Príomhfheidhmeannach ina ról mar Stiúrthóir fheidhmiúcháin, Stiúrthóir um ionadaí fostaithe agus seachtar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúchána. Ceapann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na Stiúrthóirí ar fad agus leagtar amach a dtéarmaí oifige i scríbhinn. Faoin dréachtchonradh seo, ceapadh John O' Connor mar Chathaoirleach an Bhoird ar 12 Samhain 2013 do thréimhse 5 bliain.

### An Bord

Cé go bhfuil an fhreagracht i dtaobh cheannaireacht agus rialú laethúil an Ghrúpa ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar a Fhoireann Bhainistíochta, laistigh de theorainneacha sainithe údaráis, is ar an mBord atá an fhreagracht as feidhmíocht an Ghrúpa.

Tá eolas ag na Stiúrthóirí ar Chód Iompraíochta Gnó an Ghrúpa do Stiúrthóirí, agus d'aontaigh siad ar fad cloí leis.

Tá nósanna imeachta ann chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus an Chathaoirligh.

Tá sceideal foirmiúil ag an mBord maidir le cúrsaí ar leith a ndéantar cinneadh orthu ag Cruinnithe Boird a reáchtáiltear go míosúil de ghnáth. Cuirtear páipéir an Bhoird, lena n-áirítear ráitis airgeadais mhíosúla, chuig comhaltaí an Bhoird an tseachtain roimh na Cruinnithe Boird.

Tig le Comhaltaí den Bhord, ar mhaithe lena ndualgais, comhairle neamhspleách ghairmiúil a lorg. Tá rochtain ag gach Comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais ann chun Comhaltaí agus Oifigigh an Bhoird a chosaint in aghaidh dliteanais a d'ardódh ó chúrsaí dlí a thógfaí ina n-aghaidh agus iad i mbun a gcuid dualgas.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha lena n-áirítear rialú airgeadais, comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Mar a tugadh le fios sa chuid a bhain le Rialú Inmheánach i dTuarascáil na Stiúrthóirí, níor shainaithin an Bord, ná níor cuireadh ar an eolas iad, maidir le haon teip ná laige a mheastar bheith suntasach.

### Coistí an Bhoird in 2013

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord le cuidiú i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí, ina bhfuil roinnt fochoistí. Is iad na ceithre fhochoiste bhuana an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luach Saothair, an Coiste um Bonneagar Eangaí agus Coiste na bPinsean.

Is í an aidhm atá ag an gCoiste Iniúchóireachta cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, an córas rialála inmheánaí, an próiseas iniúchóireachta, monatóireacht a dhéanamh ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí, agus dlíthe agus rialacháin, lena n-áirítear an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a chomhlíonadh. Tá an Bord sásta go raibh comhalta amháin ar a laghad den Choiste ag a raibh taithí chuí airgeadais le déanaí ag gach am le linn na bliana.

Tá aird ag EirGrid ar bheartas Rialtais i ndáil le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh. Cinneann an Coiste Luach Saothair, le toiliú na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Faomhann an Coiste struchtúr an luacha saothair don Lucht Ardbhainistíochta chomh maith.

Is í feidhm an Choiste um Bonneagar Eangaí maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise forbartha eangaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a mheastar a thiocfaidh chun cinn le haghaidh fhormheas Chéim 1 go luath amach anseo.

Is í feidhm Choiste na bPinsean monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht oibleagáidí pinsin éagsúla Ghrúpa EirGrid a rinneadh agus ar inmharthanacht leanúnach gach ceann de na scéimeanna.

## Freastal ar Chruinnithe

### Cruinnithe Boird

Reachtáladh cúig Chrinniú Boird déag le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fomhair 2013. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Bhoird ar na gCruinnithe seo:

| | I dTeideal Freastal | I Láthair |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach) (ceaptha 12 Samhain 2013) | | |
| Bernie Gray (Cathaoirleach) (ar scor 7 Meán Fómhair 2013) | 14 | 14 |
| Doireann Barry | 15 | 15 |
| Gary Healy | 15 | 12 |
| Martina Moloney | 15 | 14 |
| Regina Moran | 15 | 11 |
| Liam O'Halloran | 15 | 15 |
| Bride Rosney | 15 | 13 |
| Fintan Slye (ceaptha 17 Iúil 2013) | 2 | 2 |
| Joan Smyth | 15 | 15 |
| Richard Sterling | 15 | 15 |

Comhaltaí an Bhoird tráth sínithe na ráitis airgeadais ná: John O'Connor (Cathaoirleach), Doireann Barry, Gary Healy, Martina Moloney, Regina Moran, Liam O'Halloran, Bride Rosney, Fintan Slye, Joan Smyth agus Richard Sterling.

### An Choiste Iniuchóireachta

Reachtáladh sé Chrinniú de chuid an Coiste Iniúchóireachta le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fomhair 2013. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe seo:

| | I dTeideal Freastal | I Láthair |
|---|---|---|
| Richard Sterling (Cathaoirleach) | 6 | 6 |
| Doireann Barry | 6 | 6 |
| Gary Healy | 6 | 6 |
| Joan Smyth | 6 | 6 |

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta tráth sínithe na ráiteas airgeadais:
Richard Sterling (Cathaoirleach), Doireann Barry, Gary Healy agus Joan Smyth.

### An Coiste Luach Saothair

Reachtáladh naoi gCrinniú de chuid an Choiste Luach Saothair le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2013. Leagtar amach thíos freastal Chomaltaí an Choiste ar na cruinnithe seo:

| | I dTeideal Freastal | I Láthair |
|---|---|---|
| Bernie Gray (Cathaoirleach) (ar scor 7 Meán Fómhair 2013) | 9 | 9 |
| Joan Smyth (Cathaoirleach) (ceaptha mar Chathaoirleach 18 Meán Fómhair 2013) | 9 | 9 |
| Martina Moloney | 9 | 9 |
| Liam O'Halloran | 9 | 9 |

Comhaltaí an Choiste Luach Saothair tráth sínithe na Raitieas Airdeadais: Joan Smyth (Cathaoirleach), Martina Moloney agus Liam O'Halloran.

### An Coiste um Bonneagar Eangaí

Reachtáladh 9 gCrinniú de chuid an Choiste um Bonneagar Eangaí i rith na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2013. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe seo:

| | I dTeideal Freastal | I Láthair |
|---|---|---|
| Martina Moloney (Cathaoirleach) | 9 | 9 |
| Liam O'Halloran | 9 | 9 |
| Bride Rosney | 9 | 9 |
| Richard Sterling | 9 | 9 |

Comhaltaí an Choiste um Bonneagar Eangaí tráth sínithe na ráiteas airgeadais: Martina Moloney (Cathaoirleach), Liam O'Halloran, Bride Rosney and Richard Sterling.

### Coiste na bPinsean

Reachtáladh 3 Chrinniú de chuid Choiste na bPinsean le linn na bliana 2013. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe seo:

| | I dTeideal Freastal | I láthair |
|---|---|---|
| Bernie Gray (Cathaoirleach) (ar scor 31 Márta 2013 mar Chathaoirleach, ar scor ón gCoiste, 7 Meán Fómhair 2013) | 2 | 2 |
| Regina Moran (Cathaoirleach) (ceaptha mar Chathaoirleach, 1 Aibreán 2013) | 3 | 3 |
| Doireann Barry | 3 | 3 |
| Gary Healy (ceaptha 18 Meán Fómhair 2013) | 0 | 0 |

Comhaltaí Choiste na bPinsean tráth sínithe na raiteas airgeadais: Regina Moran (Cathaoirleach), Doireann Barry agus Gary Healy.

## Rioscaí Bunairgid agus Neamhchinnteachtaí

### Bainistíocht Riosca

Tá próiseas um bainistíocht riosca chuí i bhfeidhm ag an nGrúpa a shainaithníonn na rioscaí móra a bhfuil sé neamhchosanta orthu agus cinntíonn sé go dtógtar na bearta maolaithe cuí um maolú riosca. Déanann feidhm iniúchta inmheánaigh an Ghrúpa athbhreithniú leanúnach ar na córais agus ar na rialuithe inmheánacha ar fud an ghnólachta, déanann siad moltaí i gcomhair feabhais agus tugann siad tuarascálacha don Choiste Iniúchta.

### Bainistíocht Riosca Airgeadais

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le riosca leachtachta, gluaiseachtaí sa ráta malairte eachtraí, gluaiseachtaí i ráta úis, riosca sreafa airgid agus riosca creidmheasa. Déanann an Bord athbhreithniú, leasú agus formheas rialta ar bheartais a chosnaíonn an Grúpa ó na rioscaí seo de réir mar is cuí.

Is é príomhriosca airgeadais an Ghrúpa nach bhfuil leachtacht imleor sa chás go mbeadh fo-athshlánú rialála suntasach ann. Féachann an Bord lena chinntiú go mbíonn dóthain línte baincéireachta leagtha síos chun a leithéid de riachtanas a mhaoiniú, ar feitheamh athshlánú i dtréimhse praghsála rialála ina dhiaidh sin.

Scaoileann an Grúpa a chuid oibleagáidí Oibreoir Margaidh trí chomhfhiontar conartha. De réir théarmaí an Chóid Tráchtála agus Socraithe le haghaidh an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM), ceanglaítear ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar de réir leibhéil a fhógraíonn an tOibreoir Margaidh dóibh. Is féidir a leithéid de chlúdach creidmheasa a sholáthar trí litir chreidmheasa theannta neamh-inchúlghairthe nó trí thaisce airgid arna coinneáil i gcuntas chúlchiste comhthaobhach SEM (cuntais slándála arna gcoinneáil in ainm na rannpháirtithe sa mhargadh). Comhroinntear aon drochfhiach a éiríonn san SEM, sa mhéid agus a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, idir gineadóirí agus ní íocann an tOibreoir Margaidh as. Tá socruithe cuí i bhfeidhm chomh maith chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar riosca creidmheasa an Ghrúpa a éiríonn óna ghníomhaíochtaí mar Oibreoir Córais Tarchuir.

Mar ghnólacht rialaithe atá ag feidhmiú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní bhaineann gníomhaíochtaí an Ghrúpa mar Oibreoir Córais Tarchuir le haon phraghsáil shuntasach ná le rioscaí malairte eachtraí. Faigheann an Grúpa tuairim is 23% dá ioncam ón Ríocht Aontaithe, áfach agus, dá bhrí sin, tá sé neamhchosanta ar luaineacht airgeadra Euro/Steirling. Maolaítear cuid den riosca de bharr ainmniú bhunús an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe i Sterling. Tá tuilleadh iarrachtaí á ndéanamh ag an nGrúpa an neamhchosaint seo a mhaolú níos mó trí oibríochtaí sa Ríocht Aontaithe a mhaoiniú le hiasachtaí Steirling.

Maoiníonn an Grúpa roinnt dá oibríochtaí le hiasachtaí agus úsáideann sé ionstraimí ráta úis chun rioscaí ráta úis a bhainistiú a eascraíonn óna ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus airgeadais. Chuaigh an Grúpa i gcomhaontuithe i dtaca le babhtáil ráta úis le rátaí úis a shocrú maidir lena chuid fiach. Tá na hidirbhearta ar fad in ionstraimí airgeadais neamh-amhantrach.

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc aige. Maolaíonn an Grúpa a neamhchosaint trí chistí a chur i roinnt institiúidí airgeadais a bhfuil ráthaíocht flaithiúnais acu i ndáil le taiscí custaiméirí nó a bhfuil rátáil chreidmheasa acu atá i gcomhréir leis an mbeartas cistíochta a d'fhormheas an Bord. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca contrapháirtí leis i leith áiseanna neamhtharraingthe agus ionstraimí babhtála ráta úis. Ní phléann an Grúpa ach le contrapháirtithe ag a bhfuil ardrátáil chreidmheasa leis an riosca seo a mhaolú, rud a thagann lenár mBeartas Cistíochta.

Is é beartas agus cleachtas an Ghrúpa sonraisc a íoc go prap de réir téarmaí agus coinníollacha a aontaítear le soláthróirí.

### Bainistíocht Riosca Oibriúcháin

Tá an Grúpa freagrach as feidhmiú slán na gcóras tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus as feidhmiú an Mhargaidh Aonair Leictreachais uile-oileáin. Tá clár iomlán i bhfeidhm chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Áirítear leis seo:

- Suíomhanna cúltaca do na lárionaid rialaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, a thástáiltear go rialta;
- Modhanna oibre cuimsiteacha oibriúcháin agus socruithe cothabhála don Idirnascaire Thoir-Thiar;
- Modhanna oibre cuimsitheacha oibriúcháin don chóras cumhachta a ndéantar athbhreithniú rialta orthu agus atá de réir dea-chleactais idirnáisiúnta;
- Caighdeáin agus beartais cothabhála eangaí, ma raon le tacaíocht ó Chomhaontú Bonneagair sonrach le BSL mar Úinéir na Sócmhainní Tarchuir in Éirinn;
- Tacú le céim réamhhthógála an chláir Eangach 25, trí Oifig Bainistíochta Clár a fheidhmíonn ina iomláine, lena ngabhann beartais, proisis agus rialuithe atá éifeachtach agus cuí;
- Socruithe cui le Northern Ireland Electricity (NIE), Úinéir na Sócmhainní Tarchur i dTuairsceart Éireann; agus
- Fócas leanúnach bainistíochta ar gach ghné de shláinte agus sábháilteacht. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (deimhnithe de réir OHSAS 18001) formheasta agus curtha i bhfeidhm.

## Rialuithe Inmheánacha

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na beartais, próisis, tascanna, iompraíochtaí agus gnéithe eile de Ghrúpa a dhéanfaidh na nithe seo a leanas nuair a chuirtear le chéile iad:

- Oibríochtaí éifeachtacha éifeachtúla a éascú trí chur ar chumas an Ghrúpa freagairt do rioscaí;
- Cáilíocht an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh a chinntiú; agus
- Comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na mbeartas inmheánach infheidhme a chinntiú.

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais an Ghrúpa um rialú inmheánach agus as monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus chuige seo, is é aidhm an Bhoird córas ceart um rialú inmheánach a chothabháil le leasanna na scairshealbhóirí agus le sócmhainní an Ghrúpa a chosaint. Ceaptar na córais seo chun dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha. Chun a dhualgas a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíonfar an reachtaíocht agus na rialacháin, bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin lena mbaineann nósanna soiléire imeachta um thuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe.

Seo a leanas na príomhghnéithe de phróisis an Ghrúpa um rialú inmheánach:

- Beartais agus modhanna oibre sainithe maidir le cúrsaí caiteachais agus cistíochta;
- Tuairisciú airgeadais tráthúil ar bhonn míosúil;
- Buiséid bhliantúla a réiteach agus monatóireacht ar fheidhmíocht a dhéanamh ina n-aghaidh, a athbhreithníonn agus a fhormheasann an Bord;
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe fíorthábhachtacha;
- Coiste Iniúchóireachta a chuireann tuarascálacha iniúchta san áireamh agus a fhormheasann Ráitis Airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na scairshealbhóirí iad;
- Próiseas bainistíochta riosca a dhéanamh go rialta; agus
- Nósanna imeachta le comhlíonadh dlíthe agus rialachán a chinntiú.

Tá creatlach leagtha síos ag an nGrúpa chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a phróiseas i leith bainistíocht riosca. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach le linn na tréimhse atá san áireamh sna Ráitis Airgeadais seo. I rith an athbhreithnithe seo, níor shainaithin an Bord, ná níor cuireadh ar an eolas iad maidir le haon teip ná laige a mheastar a bheith suntasach. Dá bhrí sin, níor measadh go raibh sé cuí dearbhú a dhéanamh maidir leis na gníomhartha riachtanacha.

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an nGrúpa a sholáthrann clár iníuchtaí bliantiúil chun a chinntiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha ag feidhmiú thar eochairphróisis airgeadais agus na réimhsi sin a bhfuil neamhchosaint níos airde ó riosca ag baint leo. Tugann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh & Comhlíonadh tuairisc don gCoiste Iniúchóireachta go ráithiúil, agus, go bliantiúil, cuirtear ar fáil ráiteas dearbhaithe ar éifeachtúlacht rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach. Faoi na socruithe iniúchóireachta inmheánaí atá i bhfeidhm, tá fáil ag Iniúchóireacht Inmheánach ar sain-acmhannaí seachtracha chun tacú lena chuid ghníomhaíochtaí.

## Luach Saothair na Stiúrthóirí

Áirítear sna Ráitis Airgeadais €108,000 (2012: €126,000) do tháillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí, de réir leibhéil fhormheasta luach saothair na Roinne Airgeadais don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Boird na gComhlachtaí Stáit agus na socruithe athbhreithnithe maidir le híoc táillí Boird le fostaithe na hearnála poiblí faoi phrionsabal na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. An 14 Bealtaine 2009, d'eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha treoir, thar ceann an Rialtais, gur cheart táillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí a laghdú, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2009. Sular eisíodh an treoir seo, bhí sé beartaithe cheana féin ag an gCathaoirleach agus ag na Stiúrthóirí glacadh le laghdú deonach 10% ar a gcuid táillí. Faoi na leibhéil fhormheasta i ndáil le luach saothair, b'ionann táillí anChathaoirligh agus €21,600 sa bhliain le linn na bliana (2012: €21,600 sa bhliain). B'ionann táillí na Stiúrthóirí agus €12,600 an duine sa bhliain le linn na bliana (2012: €12,600 an duine sa bhliain).

Ba é Fintan Slye, an Príomhfheidhmeannach, a ceapadh mar Stiúrthóir ar 17 Iúil, 2013, an t-aon Chomhalta feidhmiúcháin den Bhord. Ceapadh Fintan Slye mar Phríomhfheidhmeannach ar an 1ú Deireadh Fómhair 2013. Leagtar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta dá phá bunúsach,sochair inchánacha agus sochair scoir Ríomhtar sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh bunaithe ar bhunphá amháin agus déantar iarracht pinsean a chur ar fáil nuair a théann duine ar scor atá cothrom le haon ochtódú agus aisce trí ochtódú de phá gach bliana seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach. Bhí na harduithe ar phinsean fabhraithe agus ar aisce fabhraithe gan boilsciú a bheith san áireamh le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 cothrom le €2,125 (2012: €2,840) agus €6,375 (2012: €8,520) faoi seach. Ba é an pinsean fabhraithe iomlán ag deireadh na bliana €11,920 (2012: €20,610) agus ba é an aisce fabhraithe iomlán €40,910 (2012: €61,830). Ba é luach aistrithe an mhéadaithe chuí, lúide ranníocaíochtaí pearsanta pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh, €25,884 (2012: €47,003).

| Luach Saothair an Phríomhfheidhmeanaigh: | **Bliain go 30 Meán Fómhair 2013 € '000** | Bliain go 30 Meán Fómhair 2012 € '000 |
|---|---:|---:|
| Buntuarastal | 170 | 228 |
| Lúide: coigeartuithe | - | (107) |
| Bónas bliantiúil | - | - |
| Sochair inchánach | 15 | 34 |
| Ranníocaíocht phinsin íoctha | 26 | 68 |
| Táillí Stiúrthóra | - | 13 |
| **Iomlán** | **211** | **236** |

## Díbhinní

Íocadh díbhinn eatramhach €4,000,000 i Samhain 2013. Agus iad ag cinneadh méid na díbhinne bliantúla le bheith molta, d'fhéadfadh an Bord na tosca a leanas a chíoradh:

- Airgead ar fáil: Faigheann an Grúpa díbhinní taraife, a nochtar sa Ráiteas Ioncaim, agus a chistíonn speansais oibriúcháin an Ghrupa agus tionscadail chaipitil, ar a ndéantar caipitliú agus dímheas thar thréimhsi sa todhchaí. Cruthaíonn sé seo neamhréir idir airgead ar fáil agus brabús tuairiscthe;
- Coigeartú a bhfuil súil leis maidir le fo-/ró-aisghabháil: ní aithnítear aon fho/ró-aisghabháil ar chostais sna Ráitis Ioncaim. Léiríonn an polasaí díbhinne na tionchair a cheaptar a bheidh ar bhrabúis sa todhchaí ag coigeartuithe na bliana reatha maidir le fo-/ró-aisghabháil rataí taraife sa todhchaí;
- Infheistíochtaí sa todhchaí: Cistíonn an Grúpa cuid de na tionscadail chaipitil trí foinsí atá ann cheana fein. Tugann an polasaí díbhinne san áireamh infheistíochtaí atá ann agus don todhchaí; agus
- Leactacht: Mar a nótáladh níos túisce, is é an riosca airgeadais is mó a bhaineann leis an nGrúpa ná go bhfuil neamhleorgacht leachtachta sa chás go raibh fo-aisbhabháil rialála suntasach. Féachann an polasaí díbhinne do bhainistíocht stuama a choinneáil ar an riosca seo.

Ag tabhairt na tosca seo san áireamh níl sé i gceist ag Stiúrthóirí an Ghrúpa Iocaíocht aon díbhinn bhreise a mholadh don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2013.

## Leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i Scaireanna

Ní raibh leas tairbhiúil i scaireanna an Ghrúpa ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig idir an 1 Deireadh Fómhair 2012 agus an 30 Meán Fómhair 2013.

Tá gnáthscair amháin de chuid na Cuideachta i seilbh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá an fuílleach den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó thar a cheann.

Tá scair amháin an duine ag John O' Connor, ag Fintan Slye agus ag Niamh Cahill i scairchaipiteal na Cuideachta ar son an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tar éis dí dul ar scor, d'aistrigh Bernie Gray a scairsheilbh chuig John O'Connor.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa síntiúis pholaitíochta.

## Gnóthas Leantach

Réitítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar go bhfuil an Bord, tar éis na fiosruithe cuí a dhéanamh, sásta go bhfuil leordhóthain acmhainní ag an nGrúpa leanúint orthu ag feidhmiú go ceann i bhfad.

## Taifid Chuntasaíochta

I measc na mbeart atá tógtha ag na Stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 tá pearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu agus córais agus nósanna imeachta oiriúnacha cuntasaíochta a úsáid. Coinnítear na leabhair chuntas ag An Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Leagtar sonraí amach faoi mhórtheagmhais iarchláir chomhardaithe i Nóta 29 de na Ráitis Airgeadais.

## Iniúchóirí

Leanann na hIniúchóirí, Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

## Raiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá an dualgas ar na Stiúrthóirí an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú. Tá sé beartaithe ag na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais de chuid an Ghrúpa a ullmhú de réir na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairiscuiú Airgeadais (IFRSanna) mar atá gláctha ag an Aontas Eorpach.

Éilíonn dlí Cuideachtaí na hÉireann go n-ullmhaíonn na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíreannach agus cóir ar stadas cúrsaí an Ghrúpa agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa thar na tréimhse sin. In ullmhúchán na Ráitis Airgeadais sin caithfidh na Stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar an méid a leanas:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Faisnéis a chur i láthair, lena n-áirítear beartais chuntasaíochta, ar bhealach a dtugann faisnéis chuí, iontaofa, inchomparáide agus intuigthe;
- Nochtadh eolais breise a chur ar fáil nuair nach leor cloí leis na riachtanais ar leith in IFRSanna chun úsáideoirí a chumasú le tionchar idirbheart áirithe, teagmhas agus coinníollacha eile ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a thuiscint;
- Dearbhú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais leis na IFRSanna ar ghlac an tAontas Eorpach leo; agus
- Na Ráitis Airgeadais a réiteach ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh i mbun gnó, agus ba cheart, sa chás sin, go mbeadh toimhdí nó coinníollacha tacaíochtaí ann de réir mar is gá.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na Ráitis Airgeadais á réiteach. Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choinneáil a thugann le fios le beachtas réasúnta ag aon am, staid airgeadais an Ghrúpa, as sócmhainní a chosaint, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú agus as Tuarascáil na Stiúrthóirí a réiteach a chloíonn le riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2012. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh Ráitis Airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

**Richard Sterling** CATHAOIRLEACH, COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

18 Nollaig 2013

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamh-spleácha do Chomhaltaí EirGrid plc

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais EirGrid plc don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 ina bhfuil Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim; Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach; Clár Comhardaithe Comhdhlúite; Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas; Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus Ráitis Airgeadais na Cuideachta: Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach; Clár Comhardaithe na Cuideachta; Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas; Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid; agus Nótaí 1-30 lena mbaineann. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach iontu. Réitíonn an creatlach tuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhúcháin na ráitis seo le dli na hÉireann agus na Caighdeáin Idirnáisiunta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) ar ghlac an tAontas Eorpach leo.

Ní chuirfear an tuarascáil seo ach faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár n-iniúchadh le gur féidir linn a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta na cúrsaí atá de dhualgas orainn a chur in iúl i dtuarascáil iniúchóra, agus ní ar chúis ar bith eile. A oiread agus a cheadaítear de réir an dlí, ní fhreagróimid d'aon duine seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-iniúchadh, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá againn.

### Freagrachtaí faoi seach stiúrthóirí agus iniúchóirí

Mar atá míhithe níos iomláine sa Raiteas ar Fhreagrachtaí na Stiurthóirí,tá na Stiúrthóirí freagrach as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, ag tabhairt léargais fírinneach cóir. Táimid freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir dli na hÉireann agus na Caighdeáin Idirnáisiunta um Iniuchóireachta (RA agus Éire). Cuireann na caighdeáin dualgas orainn bheith in oiriúint leis na gCaighdeain Eiticiúla d'Iniuchóirí atá leagtha amach ag an mBord Um Chleactais Iniuchóireachta.

### Scóp an Iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist l'iniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais atá leormhaith chun dearbhú a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais soar ó mhíshonru suntasach, bíodh se sin mar gheall ar chalaois no earráid. San áireamh seo tá measúnu ar: an bhfuil na polasaithe cuntasóireachta riachtanach do chuinsí an ghrúpa agus a mháthairchuideachta agus an bhfuil said curtha I bhfeidhm go seasta agus nochtaithe go leormhaith; cé chomh réasunta iad na meastacháin cuntsóireachta suntasacha atá déanta ag na stiurthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais. Anuas ar sin, léimid gach eolas airgeadais agus eolas nach airgeadach é sa Tuarascáil Bhliantúil chun teacht ar aon rud shuntasach atá i neamhréireacht leis na ráitis airgeadais. Má aimsimid aon mhíshonrú no neamhréiteach dealraitheach atá suntasach déanaimid machnamh ar na n-impleachtai d'ár tuarascail. Nil san eolas eile ach Tuarascáil na Stiurthóirí, tuarascáil an Chathaoirligh, Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, agus an athbhreithniú airgeadais. Níl aon fhreagracht again ar aon eolas eile.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais:

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann Ráitis Airgeadais an Ghrúpa léargas fírinneach cóir, de réir IFRSanna ar ghlac an tAontas Eorpach leo, ar staid ghnóthaí an Ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus ar a bhrabús don bhliain a chríochnaigh an tráth céanna;
- Gur ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012; go dtugann Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta léargas fírinneach cóir, de réir IFRSanna ar ghlac an tAontas Eorpach leo arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012, ar staid ghnóthaí na Máthairchuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2013; agus
- Gur ullmhaíodh Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Ullmhaíodh na ráitis airgeadaisiI gceart in oiriúint l'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012, agus maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa, Airteagal 4 den Rialachán IAS.

### Nithe a bhfuil dualgas orainn tuairisciú orthu in oiriúint l'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012

- Ta gach eolas agus miniú faighte againn ar cheapamar futhu go raibh said riachtanach le haghaidh ár n-iniúchadh a chur i gcrích;
- Is é ár dtuairim gur choinniodh leabhair chuntas cearta ag an máthairchuideachta;
- Réitíonn an clar comhardaithe de chuid na mathairchuideachta leis na leabhair chuntas;
- Is e ár dtuairim go reitíonn an t-eolas atá curtha ar fail i dTuarascail na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais; agus
- Mar atá ráite i gclár comhardaithe na máthairchuideachta, ta méid na nglansócmhainní níos mó ná leath a cuid scairchaipiteal glaoite agus, Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear iad i gClar Comhardaithe na Cuideachta, agus níos mó ná leath de mheid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann a n-éilódh faoi réir Mhír 40 (1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, go dtionólfaí crinniú ginearálta urghnách den mháthairchuideachta.

### Nithe a bhfuil dualgas orainn tuairisciú orthu d'eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú maidir leis an méid a leanas:

De réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012 tá sé mar dhualgas orainn sibh a chur ar bhur n-eolas mura ndéantar, inár dtuairim, an fhaisnéisiú maidir le luach saothair agus idirbheartaíocht na stiúrthóirí de reir an dlí.

De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stait (An "Cód"), tá sé mar dhualgas orainn sibh a chur ar bhur n-eolas mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras inmheánach rialú airgeadais atá de dhíth faoin gCód mar a iniatar é i dTuarascáil na Stiúrthíóirí, go bhfuil an Grúpa in oiriúint l'alt 13.1 (iii) den gCód, nó mura mbíonn sé i gcomhréir leis an eolas atá againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.



**Glenn Gillard**
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

18 Nollaig 2013

# Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Notaí | **Gan EWIC i bhfeidhm Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | **Gnólacht EWIC* Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | **Iomlán Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 571,095 | 50,965 | 622,060 | 542,232 |
| Costais dhíreacha | 3 | (459,175) | - | (459,175) | (438,797) |
| Ollbhrabús | | 111,920 | 50,965 | 162,885 | 103,435 |
| Costais eile Oibriúcháin | 5 | (82,991) | (6,423) | (89,414) | (80,110) |
| Brabús Oibriúcháin | | 28,929 | 44,542 | 73,471 | 23,325 |
| Ús agus ioncam eile | 6 | 420 | 46 | 466 | 573 |
| Costais airgeadais | 6 | (2,217) | (10,635) | (12,852) | (3,082) |
| Brabús roimh chánachas | 8 | 27,132 | 33,953 | 61,085 | 20,816 |
| Creidmheas cáin ioncaim (costais)/creidmheas | 9 | | | (7,718) | 828 |
| **Brabús don bhliain** | | | | **53,367** | **21,644** |

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

**Richard Sterling** CATHAOIRLEACH, COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

18 Nollaig 2013

*Gnólacht EWIC

Is úinéirí agus oibritheoirí iad an Grúpa ar an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) a nascann na heangaí leictreachais in Éirinn leis na cinn sa Bhreatain Mhór. Mar gurab í an bhliain anuas go 30 Meán Fómhair an chéad bhliain don EWIC bheith ag feidhmiú, taispeántar an tionchar a bhí ag an EWIC ar an Ráiteas Ioncaim i gcolún ar leith chun inchomparáideacht a éascú. Tá tuilleadh eolais ar seo le fáil i nóta 7.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Nótaí | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Mireanna gurbh fhéidir iad a athrangú amach anseo go brabús nó caillteanas** | | | |
| Gluaiseacht i gcaillteanas neamhréadaithe, fáluithe sreatha airgid | 27 | 22,557 | (31,716) |
| Cáin iarcurtha is incurtha i leith gluaiseachtaí i (ngnóthachan)/gcaillteanas neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 9 | (2,881) | 3,859 |
| Difríochtaí idir aistriú airgeadra | | 264 | (197) |
| **Iomlán na míreanna gurbh fhéidir iad a athrangú amach anseo go brabús nó caillteanas** | | 19,940 | (28,054) |
| **Míreanna nach ndéanfar iad a athrangú go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar scéimeanna scoir | 23 | 12,303 | (7,289) |
| Cáin iarcurtha i leith (gnóthachan)/caillteanas achtúireach | 9 | (1,506) | 979 |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar athrangú orthu** | | 10,797 | (6,310) |
| Brabús don bhliain | | 53,367 | 21,644 |
| **Ioncam/(costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **84,104** | **(12,720)** |

# Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Nótaí | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Mireanna gurbh fhéidir iad a athrangú amach anseo go brabús nó caillteanas** | | | |
| Gluaiseacht i gcaillteanas neamhréadaithe, fáluithe sreatha airgid | 27 | 14,883 | (20,254) |
| Cáin iarcurtha is incurtha i leith gluaiseachtaí i (gnóthachan)/caillteanas neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 9 | (1,860) | 2,531 |
| **Iomlán na míreanna gurbh fhéidir iad a athrangú amach anseo go brabús nó caillteanas** | | 13,023 | (17,723) |
| **Míreanna nach ndéanfar athrangú orthu** | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar scéimeanna scoir | 23 | 12,724 | (6,717) |
| Cáin iarcurtha i leith (gnóthachan)/caillteanas achtúireach | 9 | (1,591) | 841 |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar athrangú orthu i mbliana** | | 11,133 | (5,876) |
| Brabús don bhliain | | 23,786 | 22,782 |
| **Ioncam/(costas) cuimsitheach don bhliain** | | **47,942** | **(817)** |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

amhail an 30 Meán Fómhair 2013

| | | An 30 Méan Fómhair 2013 | An 30 Méan Fómhair 2012 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | Nótaí | **€ '000** | € '000 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 16,401 | 18,908 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 609,567 | 574,223 |
| Sócmhainn chánach iarcurtha | 9 | 10,886 | 15,903 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 1,093 | 1,089 |
| Sócmhainní neamhreatha iomlána | | 637,947 | 610,123 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 132,814 | 164,372 |
| Cáin reatha infhála | | 1,044 | 3,293 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 19 | 172,254 | 164,745 |
| Sócmhainní reatha iomlána | | 306,112 | 332,410 |
| **Sócmhainní** | | **944,059** | **942,533** |
| **COTHROMAS AGUS DLITEANAIS** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal eisithe | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (54,588) | (74,264) |
| Cúlchiste aistrithe | | 153 | (111) |
| Tuilleamh coinnithe | | 160,624 | 100,460 |
| Cothromas iomlán | | 155,409 | 75,305 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ionstramaí díorthacha airgeadais | 26 | 62,459 | 84,990 |
| Dliteanas cánach iarcurtha | 9 | 7,647 | 4,516 |
| Ioncaim iarcurtha | 17 | 108,440 | 79,280 |
| Iasachtaí | 25 | 383,707 | 403,812 |
| Oibleagáid sochar scoir | 23 | 10,373 | 22,449 |
| Dliteanais neamhreatha iomlána | | 572,626 | 595,047 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 18,709 | 23,683 |
| Ioncam iarcurtha | 17 | 3,072 | - |
| Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile | 16 | 194,243 | 248,498 |
| Dliteanais reatha iomlána | | 216,024 | 272,181 |
| Dliteanais iomlána | | 788,650 | 867,228 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **944,059** | **942,533** |

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

**Richard Sterling** CATHAOIRLEACH, COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

18 Nollaig 2013

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

amhail an 30 Meán Fómhair 2013

| | | An 30 Méan Fómhair 2013 | An 30 Méan Fómhair 2012 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | Nótaí | € '000 | € '000 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 13 | 155,711 | 161,821 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 44,338 | 48,239 |
| Sócmhainn chanach iarcurtha | 9 | 7,856 | 11,778 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 130,267 | 146,981 |
| Sócmhainní neamhreatha iomlána | | 338,172 | 368,819 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 184,299 | 173,287 |
| Sócmhainní chánach reatha | | 1,551 | 1,610 |
| Airgead agus coibheisí airgid | 19 | 116,508 | 67,453 |
| Sócmhainní reatha iomlána | | 302,358 | 242,350 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **640,530** | **611,169** |
| **COTHROMAS AGUS DLITEANAIS** | | | |
| **Caipiteal agus culchistí** | | | |
| Scaircaipiteal eisithe | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (36,910) | (49,933) |
| Tuilleamh coinnithe | | 128,210 | 97,291 |
| Cothromas iomlán | | 140,520 | 96,578 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais | 26 | 42,183 | 57,066 |
| Iasachtaí | 25 | 254,364 | 277,928 |
| Oibleagáid sochar scoir | 23 | 9,252 | 21,751 |
| Dliteanais neamhreatha iomlána | | 305,799 | 356,745 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 7,809 | 14,463 |
| Suimeana iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile | 16 | 186,402 | 143,383 |
| Dliteanais reatha iomlána | | 194,211 | 157,846 |
| Dliteanais iomlána | | 500,010 | 514,591 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **640,530** | **611,169** |

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

**Richard Sterling** CATHAOIRLEACH, COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

18 Nollaig 2013

# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste chaipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Méid iomlán i leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 38 | 49,182 | (46,447) | 86 | 85,166 | 88,025 |
| (Costas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | (27,817) | (197) | 15,294 | (12,720) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2012 | 38 | 49,182 | (74,264) | (111) | 100,460 | 75,305 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | 19,676 | 264 | 64,164 | 84,104 |
| Díbhinní | - | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013** | **38** | **49,182** | **(54,588)** | **153** | **160,624** | **155,409** |

### Cúlchiste Caipitil

D'eascair an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí TSO ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith sa chúlchiste ón dáta sin amach.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an chuid charnach de ghnóthachain agus de chaillteanais i leith ionstraimí fálaithe a mheastar atá éifeachtach maidir le fáluithe sreafa airgid. Ní aithnítear an gnóthachan ná an caillteanas carnach iarchurtha i leith na n-ionstraimí fálaithe i mbrabús ná i gcaillteanas ach sa chás go mbíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó má áirítear é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

### Cúlchiste Aistrithe

Léiríonn an cúlchiste aistrithe na difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ó aistriú ghlansócmhainní oibríochtaí eachtracha an Ghrúpa óna n-airgeadra feidhme go hairgeadra feidhme EirGrid, mar atá an Euro, lena n-áirítear aistriú na mbrabús agus na gcaillteanas de thairbhe na n-oibríochtaí sin ó mheánráta na bliana go dtí an ráta deiridh tráth dháta an Chláir Chomhardaithe.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe tuilleamh carntha sa bhliain reatha agus sna blianta roimhe sin.

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste chaipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Méid iomlán i leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 38 | 49,182 | (32,210) | 80,385 | 97,395 |
| (Costas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | (17,723) | 16,906 | (817) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2012 | 38 | 49,182 | (49,933) | 97,291 | 96,578 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | 13,023 | 34,919 | 47,942 |
| Díbhinní | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013** | **38** | **49,182** | **(36,910)** | **128,210** | **140,520** |

### Cúlchiste Caipitil

D'eascair an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí TSO ó BSL go dtí an Chuideachta faoin sScéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Ni raibh gluaiseachtaí ar bith sa chúlchiste ón dáta sin amach.

### Cúlchiste Fálaithe

Is é atá sa chúlchiste fálaithe an chuid charnach de ghnolachan nó cailteanais ar ionstraimi fálaithe a cheaptar futhu go bhfuil siadéiifeachtach i bhfálaithe sreafa airgid. Ni aithnítear an gnóthchan nó caillteanas na an caillteanas carnach iarcurtha i leith na n-ionstramaí fálaithe i mbrabús ná i gcaillteanas ach sa chás go mbíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó má áiritear é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe tuilleamh carntha sa bhliain reatha agus sna blianta roimhe sin.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Nótaí | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | 53,367 | 21,644 |
| Dímheas ar réadmhaoine, gléasra agus trealamh | 14 | 20,071 | 22,008 |
| Amúchú deontais | 17 | (768) | - |
| Bearnú cáilmheasa agus sócmhainni doláimhsithe | 12 | 1,481 | - |
| Ús agus ioncam eile | | (466) | (573) |
| Costais airgeadais | | 12,852 | 3,082 |
| Muirear pinsin | | 5,404 | 4,446 |
| Malairt eachtrach | | 30 | (24) |
| (Creidmheas)/costas cain ioncaim | | 7,718 | (828) |
| Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh | | (5,724) | (5,720) |
| | | 93,965 | 44,035 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Laghdú/(méadú) ar shuimeanna infhaighte trádála agus infhaighte eile | | 31,498 | (5,580) |
| Méadú ar shuimeanna iníochta trádála agus iníochta eile | | 14,984 | 25,945 |
| **Airgead a saothraíodh ó oibríochtaís** | | 140,447 | 64,400 |
| Cánacha ioncaim a íocadh | | (1,613) | (4,077) |
| Ús faighte | | 522 | 3,844 |
| Costais airgeadais a íocadh | | (23,767) | (20,149) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtai oibriúcháin** | | 115,589 | 44,018 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealamh | | (116,323) | (197,011) |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 17 | 33,000 | 43,962 |
| **Glanairgead a úsáideadh i ngíomhaíochtaí infheistíochta** | | (83,323) | (153,049) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Laghdú ar rótharraingtí baincs | | (69) | (97) |
| Fáltais ó iasachtaí | | 56,964 | 192,460 |
| Iasachtaí a aisíocadh | | (81,221) | (28,265) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | (24,326) | 164,098 |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | 7,940 | 55,067 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | | 164,745 | 109,531 |
| Tionchar malairte eachtraí ar airgead agus coibhéisi airgid | | (431) | 147 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 19 | **172,254** | **164,745** |

# Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013

| | Nótaí | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | 23,786 | 22,779 |
| Dímheas ar readmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 12,556 | 17,132 |
| Ús agus ioncaim eile | | (1,240) | (1,371) |
| Costais airgeadais | | 5,386 | 5,152 |
| Muirear pinsin | | 4,679 | 3,655 |
| Costas cáin ioncaim | | 125 | 921 |
| Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh | | (5,038) | (4,998) |
| | | 40,254 | 43,270 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Méadú/(laghdú) i suimeanna infhaighte trádála agus infhaighte eile | | 12,906 | (14,283) |
| Méadú i suimeanna iníoctha trádala agua iníoctha eile | | 39,055 | 18,407 |
| **Airgead a saothraíodh ó oibríochtaí** | | 92,215 | 47,394 |
| Cánacha ioncaim a íocadh/(faighte) | | 346 | (2,985) |
| Ús faighte | | 1,272 | 4,485 |
| Costas airgeadais a íocadh | | (5,362) | (5,711) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 88,471 | 43,183 |
| **Sreafaí airgid a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Airleacain d'fhochuideachtaí | | (1,126) | (130,659) |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealamh | | (8,071) | (15,626) |
| **Glanairgead úsáidthe i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (9,197) | (146,285) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Laghdú ar rótharraingtí bainc | | (69) | (97) |
| Fáltais ó iasachtai | | - | 120,659 |
| Iasachtaí a aisíocadh | | (30,150) | (8,822) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | (30,219) | 111,740 |
| **Glanmheadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | 49,055 | 8,638 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | | 67,453 | 58,815 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 19 | **116,508** | **67,453** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Faisnéis Ghinearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid plc ('an Chuideachta'), arna ionchorprú in Éirinn agus arna bhunú de bhun I.R. Uimh. 445 de 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh mar an tOibreoir Córais Tarchuir (TSO) in Éirinn agus mar an tOibreoir Margaidh (MO) don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann. Tá EirGrid Interconnector Limited ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ag Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibreoir an Idirnascaire Thoir-Thiar. Tá SONI Limited ceadúnaithe ag Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas mar an TSO i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnas MO aige freisin le haghaidh oileán na hÉireann. Is í oifig chláraithe EirGrid plc: An Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bonn an Ullmhúchána

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus Ráitis Airgeadais na Cuideachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) ar ghlac an tAontas Eorpach leo. Ullmhaítear iad ar bhonn gach IFRS agus Léirmhínithe atá éigeantach do thréimhsí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 agus i gcás chuntais Ghrúpa agus Chuideachta EirGrid plc, de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na réamh-mheastachán airgeadais agus áiseanna atá ar fáil san am i láthair, go bhfuil leordhóthain acmhainní ag an nGrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá réir sin, baineann na Stiúrthóirí leas as an mbonn gnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na gcuntas.

Cuireadh na Ráitis Airgeadais ar fáil in Euro, airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina bhfeidhmíonn an Grúpa agus an Chuideachta agus ullmhaíodh iad ar bhonn an chostais stairiúil, seachas athluacháil ionstraimí airgeadais ar leith a choinnítear de réir luach cóir. Go ginearálta, bunaítear costas stairiúil ar luach cóir an bhreithnithe a thugtar mar mhalairt ar shócmhainní.

I dtaca le hullmhú Ráitis Airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh, nochtadh sócmhainní agus dliteanas teagmhasach agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas i rith na tréimhse tuairiscithe. D'fhéadfadh na torthaí féin bheith difriúil ó na meastacháin seo.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith gach tréimhse a shonraítear sna Ráitis Airgeadais seo.

Is anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 an tréimhse atá á tuairisciú san am i láthair. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012.

### Glacadh na gcaighdeán nua

Ar data údaraithe na Ráitis Airgeadais seo, bhí na caighdeáin agus cialluithe a leanas nach bhfuil curtha i bhfeidhm sna Ráitis Airgeadais seo i gceist ach ní fós i bhfeidhm thar na tréimhse chuntasaíochta a tuairiscú ar:

- IFRS 7 (Leasuithe)—Faisnéisithe – Ag Seach-chur Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013)
- IFRS 13 – Tomhas Cóirluacha (Le héifeacht ón 1 Eanair 2013)
- IFRS 10 – Ionstraimí ComhdhlúiteAirgeadais (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014).
- IFRS 11 – Comhshocruithe (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014).
- IFRS 12 – Nochtadh Léasanna in Aonáin Eile (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014).
- IAS 36 (Leasuithe) – Faisnéisiú ar Mhéideanna In-aisghabhála as sócmhainní neamhairgeadaíochta (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014).
- IAS 39 – Nuachan ar díorthaigh agus leanúint le cuntasaíocht fálaithe (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014)

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Tá na Stiúrthóirí ag déanamh measúnú faoi láthair ar thionchar na gCaighdeán agus na Léirmhínithe seo ar na Ráitis Airgeadais.

### Bonn an Chomhdhlúthaithe

Ionchorpraíonn na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus aonáin a rialaíonn an Chuideachta (a cuid fochuideachtaí). Faightear rialú nuair a bhíonn an chumhacht ag an gCuideachta beartais airgeadais agus oibriúcháin aonáin a rialú d'fhonn sochair a fháil óna gcuid gníomhaíochtaí. Áirítear torthaí na bhfochuideachtaí a fuarthas sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim ó dháta éifeachtach na fála. Más gá, coigeartaítear Ráitis Airgeadais na bhfochuideachtaí lena mbeartais chuntasaíochta a chur i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Díchuirtear gach idirbheart, iarmhéid, ioncam agus speansas ionghrúpa tráth an chomhdhlúthaithe.

### Comhfhiontair

Déantar tagairt do shocruithe comhfhiontair ina mbunaítear sócmhainn ar leith ina bhfuil leas ag gach fiontraí mar shócmhainní comhrialaithe. Comhcheanglaítear sciar na Cuideachta de shócmhainní, de dhliteanais, d'ioncam agus de speansais na sócmhainní comhrialaithe leis na hábhair choibhéiseacha sna Ráitis Airgeadais ar bhonn líne le líne.

### Comhcheangail Ghnó

Cuirtear comhcheangail ghnó ón 1 Aibreán 2010 i gcuntas trí úsáid a bhaint as an modh fála. Tomhaistear an costas fála mar chomhiomlán na comaoine a aistríodh, tomhaiste ag luach cóir thráth an dáta fála agus méid aon leasa neamh-urlámhais san ábhar ceannaithe. I gcás gach comhcheangail ghnó, tomhaiseann an faighteoir an leas neamh-urlámhais san ábhar ceannaithe de réir luach cóir nó de réir sciar comhréireach de ghlansócmhainní inaitheanta an ábhair cheannaithe. Íoctar costais fála de réir mar a thabhaítear iad.

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnólacht, déanann siad measúnú ar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar glacadh leo le haghaidh rangú agus ainmniú cuí de réir na dtéarmaí conarthacha, na n-imthosca geilleagracha agus na gcoinníollacha ábhartha amhail an dáta fála. Más rud é go mbaintear an comhcheangal gnó amach i gcéimeanna, atomhaistear luach cóir leas cothromais roimhe seo an fhaighteora san ábhar ceannaithe tráth an dáta fála de réir luach cóir tráth an dáta fála tríd an Ráiteas Ioncaim. Aithneofar aon chomaoin theagmhasach a bheidh le haistriú ag an bhfaighteoir de réir luach cóir tráth an dáta fála. Aithneofar athruithe ina dhiaidh sin ar luach cóir na comaoine teagmhasaí a mheastar a bheith ina sócmhainn nó ina dliteanas de réir IAS 39 sa Ráiteas Ioncaim.

Tomhaistear cáilmheas ar dtús ag costas, is é sin costas ar bharrachas na comaoine a aistríodh agus an méid aitheanta le haghaidh leas neamh-urlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais ar glacadh leo.

Cuireadh comhcheangail ghnó roimh an 1 Aibreán 2010 i gcuntas trí úsáid a bhaint as modh an cheannaigh. Bhí costais idirbhirt infheidhme go díreach leis an saothar faighte mar chuid de na costais fála. Tomhaiseadh an leas neamh-urlámhais (ar ar tugadh leas mionlaigh roimhe seo) de réir an sciar chomhréirigh de ghlansócmhainní inaitheanta an ábhair cheannaithe.

Cuireadh comhcheangail ghnó a baineadh amach i gcéimeanna i gcuntas mar chéimeanna ar leith. Ní dhearna aon sciar leasa breise a fuarthas difear do cháilmheas a aithníodh roimhe.

Aithníodh comaoin theagmhasach i gcásanna ina raibh oibleagáid láithreach ag an nGrúpa, ina raibh an t-eissreabhadhgeilleagrach ní ba dhóchúla ná a mhalairt agus ina raibh meastachán iontaofa inchinntithe. Aithníodh coigeartuithe ina dhiaidh sin ar an gcomaoin theagmhasach mar chuid den cháilmheas.

### Cáilmheas

Tomhaistear cáilmheas ar éadálacha ar dtús ar a chostas, is é sin barrachas ar chostas an chomhcheangail ghnó thar leas an fhaighteora i nglanluach cóir na sócmhainní inaitheanta, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach. Leithroinntear cáilmheas a fhaightear i gcomhcheangal gnó, ón dáta fála, ar na haonaid ghiniúna airgid nó ar ghrúpaí aonaid ghiniúna airgid atáthar ag súil a bhainfidh leas ón gcomhcheangal gnó ar eascair an cáilmheas as.

Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear cáilmheas ar a chostas lúide aon chaillteanais charntha bhearnaithe.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Athbhreithnítear cáilmheas le haghaidh bearnú go bliantúil nó níos minice má léiríonn eachtraí nó athruithe ar imthosca go bhféadfadh an luach a thugtar anonn a bheith bearnaithe. Déantar na tástálacha bearnaithe cáilmheasa ag am comhsheasmhach i ngach tréimhse bhliantúil.

Cinntear bearnú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid lena mbaineann an cáilmheas. I gcás ina bhfuil méidinghnóthaithe an aonaid saothraithe airgid níos lú ná an méid de réir na leabhar, aithnítear caillteanas bearnaithe . Ní fhreaschuirtear caillteanais bhearnaithe a eascraíonn i ndáil le cáilmheas tar éis aitheanta. I gcás ina ndíoltar fochuideachta, cuirtear aon cháilmheas a eascraíonn tráth na fála, lúide aon bhearnuithe, san áireamh chun an brabús nó an caillteanas a eascraíonn tráth na diúscartha a chinneadh.

I gcás ina bhfuil cáilmheas mar chuid d'aonad giniúna airgid agus go bhfuil cuid de na hoibríochtaí laistigh den aonad sin arna ndiúscairt, áirítear an cáilmheas a bhaineann leis an oibríocht dhiúscartha i suim ghlanluacha na hoibríochta nuair atá an gnóthachan nó an caillteanas ar dhiúscairt na hoibríochta á chinneadh. Tomhaistear cáilmheas atá á dhiúscairt sa chás seo ar bhonn luachanna coibhneasta na hoibríochta diúscartha agus sciar an aonaid ghiniúna airgid coinnithe.

### Ioncam

Go príomha, léiríonn an t-ioncam an t-airgead a thagann isteach as ucht seirbhísí tarchuir leictreachais, díol toillte on Idirnascaire Thoir-Thiar agus as seirbhísí mar Oibreoir Margaidh a chur ar fáil do chustaiméirí le linn na bliana agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh. Áirítear leis an ioncam, ó 1 Deireadh Fomhair 2012, an liúntas rialála arna fháil le haghaidh bhainistiú na gcostas sriantachta tarchuir agus na costais oibriochtúla a bhaineann leis an EWIC. Aithnítear ioncam taraife nuair atá sé infhaighte ó chustaiméirí, bunaithe ar shonraí méadraithe.

Ní aithnítear dliteanas ar bith i gcás go sáraíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhaighte an t-uasmhéid a cheadaítear de réir comhaontuithe rialála agus go gcoigeartófar praghsanna amach anseo leis an róghnóthú a chur in iúl . Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear sócmhainn ar bith i gcás go gceadaítear coigeartuithe i gcomhaontú rialála ar phraghsanna amach anseo i ndáil le foghnóthú. Ar a shon sin, i gcás bunathrú ar dhearadh an mhargaidh, aithneofar dliteanas i gcás go sáraíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhaighte an t-uasmhéid a cheadaítear de réir comhaontuithe rialála agus coigeartófar praghsanna amach anseo leis an róghnóthú seo a chur in iúl.

Ní aithnítear cineálacha ioncaim a bhaineann le bailiú thobhach oibleagáide na seirbhíse poiblí, creidmheasanna custaiméara Úsáideoirí Móra Fuinnimh (ÚMF) agus fotha fuinnimh in-athnuaite i dtaraifí i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. I mbailiú na dtobhach agus na dtaraifí seo, bíonn an Grúpa mar ghníomhaire agus ní mar phríomhaí; ní ghlacann sé le rioscaí ná le luach saothair.

Ós rud é gur Oibreoir Margaidh an Mhargaidh Aonair Leictreachais é, ní ghníomhaíonn an Grúpa ar a shon féin idtaca le díol agus ceannach leictreachais. Ní mhaíonn sé gur leis an leictreachas, ná ní bhíonn sé neamhchosanta ar riosca creidmheasa tráth díola. Dá bhrí sin, ní aithníonn an Grúpa airgead a fhaightear ó dhíol leictreachais mar ioncam. Aithnítear na nithe iníoctha agus na nithe infhaighte a bhaineann le trádáil leictreachais sa Chlár Comhardaithe. Aithnítear airgead a fhaightear ó tharaifí atá faoi réir cinneadh rialála mar ioncam.

In é is ioncam nár billeáladh ann ioncam ó sheirbhísí tarchuir leictreachais nár billeáladh, i gcomhlíonadh an chláir ama rialála. Aithnítear ioncam nár billeáladh ar bhonn fabhraithe agus luaitear é lúide cáin bhreisluacha.

### Costais Dhíreacha

Go príomha, léiríonn na costais dhíreacha na costais a bhaineann le cur ar fáil seirbhísí tarchuir leictreachais do chustaiméirí le linn na bliana agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh. Áirítear a leanas leis na costais dhíreacha: muirir úinéir na sócmhainní tarchuir; costais sriantachta córas tarchuir; seirbhísí coimhdeacha; agus ualach inbhriste. Aithnítear costais dhíreacha agus iad á bhfabhrú.

### Brabús Oibriúcháin

Ghlac an Grúpa le leagan amach Ráitis Ioncaim d'fhonn béim a leagan ar mhíreanna suntasacha laistigh de na torthaí don tréimhse. Dá réir sin, luaitear brabús oibriúcháin i ndiaidh costais dhíreacha agus costais eile oibriúcháin

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

a ghearradh, ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Go príomha, léiríonn costais eile oibriúcháin costais fostaithe, muirir ghairmiúla, costais chonraitheoirí agus costais bhunaithe. Aithnítear costais eile oibriúcháin agus iad á bhfabhrú.

### Léasanna

Aithnítear léasanna ón dáta óna bhfuil teidlíocht ag an léasaí a cheart a fheidhmiú chun an tsócmhainn léasaithe a úsáid.

Rangaítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn téarmaí an léasa go mór riosca agus luach saothair uile na húinéireachta don léasaí. Rangaítear gach léas eile mar léasanna oibriúcháin.

Aithnítear íocaíochtaí léas oibriúcháin mar chostas de réir méid chothroim thar théarma an léasa, seachas más léargas níos fearr é bonn eile córasach ar phatrún ama shochar an úsáideora. Leathnaítear sochair infhaighte, atá ina ndreasacht chun dul i léas oibriúcháin, de réir méid chothroim thar théarma an léasa.

### Airgeadraí eachtracha

Cuirtear Ráitis Airgeadais gach aonáin Ghrúpa ar fáil in airgeadra an phríomhgheilleagair ina bhfeidhmíonn an t-aonán (a airgeadra feidhmiúil). Chun críocha na Ráiteas Comhdhlúite Airgeadais, cuirtear torthaí agus staid airgeadais gach Grúpa ar fáil in Euro, atá mar airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra a úsáidtear sna Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais.

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte is infheidhme ar na dátaí a dhéantar na hidirbhearta. Ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe, athaistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí is infheidhme ag an dáta sin; aithnítear difríochtaí malairte a eascraíonn uaidh seo sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tráth an chomhdhlúthaithe, aistrítear Ráitis Ioncaim an dá fhochuideachta airgeadra eachtraigh de chuid an Ghrúpa go Euro de réir an mheánráta malairte; is beag difear atá idir seo agus na rátaí malairte féin don bhliain. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí seo de réir rátaí malairte tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Tógtar na difríochtaí malairte a eascraíonn ó aistriú fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh an Ghrúpa go díreach go comhpháirt ar leith de chuid chothromas na scairshealbhóirí.

Caitear le coigeartuithe cáilmheasa agus luacha chóir a eascraíonn ó fháil na bhfochuideachtaí eachtracha mar shócmhainní agus dliteanais na bhfochuideachtaí eachtracha agus aistrítear iad de réir an ráta deiridh.

### Costais sochair scoir

Maidir le pleananna sochair shainithe, dearbhaítear na costais a bhaineann le sochar a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa; tugtar faoi luachálacha achtúireacha ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine sa tréimhse ina dtarlaíonn siad. Aithnítear iad lasmuigh de bhrabús nó caillteanas agus léirítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Aithnítear láithreach costas seirbhíse roimhe seo sa mhéid agus atá na sochair dílsithe cheana féin; seachas sin, amúchtar é de réir méid chothroim thar an meántréimhse go dtí go ndílseofar na sochair.

Léiríonn na hoibleagáidí sochar scoir a aithnítear sa Chlár Comhardaithe luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe arna laghdú ag luach cóir na sócmhainní plean. Tá aon sócmhainn a éiríonn as an ríomh seo teoranta do chostas seirbhíse roimhe seo, móide luach láithreach na gcistí atá ar fáil agus laghduithe ar ranníocaíochtaí an phlean amach anseo.

Caipitlítear costais reatha seirbhíse an tsochair scoir d'fhostaithe atá gafa le tionscadail chaipitil sa Chlár Comhardaithe agus na costais á bhfabhrú.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Cánachas

Léiríonn costas cáin ioncaim suim na cánach atá iníoctha san am i láthair chomh maith le cáin iarchurtha. Tá an cháin atá iníoctha san am i láthair bunaithe ar bhrabús inchánach don bhliain. Tá brabús inchánach difriúil ó bhrabús a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim siocair nach n-áirítear ábhair ioncaim ná costais leis atá inchánach nó in-asbhainteach i dtréimhsí eile agus nach n-áirítear ábhair nach mbíonn inchánach ná in-asbhainteach riamh, leis. Ríomhtar dliteanas an Ghrúpa i dtaca le cáin reatha trí úsáid a bhaint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Chláir Chomhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sna Ráitis Airgeadais agus na boinn chomhfhreagracha chánach a úsáidtear i ríomh brabúis inchánaigh, agus cuirtear i gcuntas í trí úsáid a bhaint as modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe. Go ginearálta, aithnítear dliteanais chánach iarchurtha i dtaca le gach difríocht shealadach inchánach, agus, go ginearálta, aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha i dtaca le gach difríocht shealadach in-asbhainteach sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha ar fáil ar féidir na difríochtaí sealadacha in-asbhainteacha sin a úsáid ina n-éadan. Ní aithneofar a leithéid de shócmhainní agus dliteanais má eascraíonn na difríochtaí sealadacha ó thúsaithint cáilmheasa.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar go mbeidh feidhm leo sa tréimhse ina socraítear an dliteanas nó ina réadaítear an tsócmhainn, arna mbunú ar rátaí cánach (agus dlíthe cánach) a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Léiríonn tomhas na ndliteanas agus na sócmhainní cánach iarchurtha na cúinsí cánach a leanfadh ón mbealach a mbeadh an Grúpa ag dréim leis, tráth dháta an tuairiscithe, d'fhonn suim ghlanluacha a chuid sócmhainní agus dliteanas a ghnóthú nó a shocrú. Gearrtar nó cuirtear chun sochair cáin iarchurtha sa Ráiteas Ioncaim, seachas nuair a bhaineann sí le míreanna a ghearrtar nó a chuirtear chun sochair cothromais go díreach, agus sa chás sin, déileáiltear le cáin iarchurtha i gcothromas chomh maith.

Fritháirítear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha i gcás go mbíonn ceart in-fhorghníomhaithe le dlí d'fhonn sócmhainní reatha cánach a fhritháireamh in aghaidh dliteanais reatha chánach agus go bhfuil sé i gceist ag an nGrúpa a chuid sócmhainní agus dliteanais reatha chánach a shocrú ar bhonn glan.

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais charntha bhearnaithe, seachas talamh a léirítear ar a costas lúide bearnú.

Aithnítear dímheas d'fhonn costas sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré fhónta mheasta, trí leas a bhaint as modh an mhéid chothroim. Déantar athbhreithniú ar na saolréanna fónta a mheastar, ar luachanna iarmharacha agus ar mhodh an dímheasa ag deireadh gach tréimhse; cuirtear éifeacht aon athruithe a mheastar i gcuntas ar bhonn ionchais.

Seo a leanas na tréimhsí dímheasa do phríomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

- Feabhsúcháin ar fhoirgnimh léasacha: thar thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsúcháin: idir 5 agus 15 bliana;
- Daingneáin agus na feistis: 5 bliana;
- TF, trealamh teileachumarsáide agus eile: idir 3 agus 8 mbliana; agus
- Sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais: 5 bliana.

Seo a leanas na tréimhsí dímheasa don Idirnascaire Thoir-Thiar do phríomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tiontaire, trádsróras agus trealamh: 30 bliain;
- Ceadúnas urthrá: 30 bliain; agus
- Claochladán spártha agus pairteanna spártha: 30 bliain.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Ní chuirtear aon dímheas ar fáil ar thalamh ruílse ná ar shócmhainní le linn a dtógála.

Is í sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais an córas lárnach TF a úsáidtear d'fhonn an margadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann a shocrú agus a riar.

Iompraítear sócmhainní atá á dtógáil ar a gcostas lúide aon chaillteanas aitheanta bearnaithe. Ar na costais a áirítear tá táillí gairmiúla, pánna agus tuarastail, costais sochar scoir agus aon chostais eile a thabhaítear atá inchurtha go díreach i leith thógáil na sócmhainní sin. Athrangaítear na sócmhainní seo go catagóir chuí a luaithe agus atá sé ar chumas na sócmhainne feidhmiú de réir mhian an luchta bainistíochta. Tosaíonn dímheas na sócmhainní seo nuair atá sócmhainní réidh dá n-úsáid bheartaithe.

Dearbhaítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as diúscairt nó as scor réadmhaoine, gléasra agus trealaimh mar an difríocht idir na glanfháltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, agus aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim.

### Costais iasachtaíochta

Cuirtear costais iasachtaíochta atá inchurtha go díreach i leith fháil, tógáil nó tháirgeadh na sócmhainní cáilithe, ar sócmhainní iad a ghlacann tréimhse shuntasach ullmhaithe dá n-úsáid nó dá ndíol beartaithe, le costas na sócmhainní seo, go dtí go mbíonn na sócmhainní réidh i gceart dá n-úsáid bheartaithe.

I gcás go n-úsáidtear iasachtaí ráta athraithigh d'fhonn sócmhainn incháilithe a mhaoiniú agus go bhfálaítear iad i bhfálú sruth airgid éifeachtach de riosca ráta úis, is é an t-ús móide costas na sócmhainne incháilithe costas glan an úis tar éis thionchar an fhálaithe.

Baintear ioncam infheistíochta a thuilltear de thairbhe infheistíocht shealadach iasachtaí ar leith, ar feitheamh a gcaiteachais ar shócmhainní cáilithe, ó na costais iasachta is inghlactha le haghaidh caipitliú.

Aithnítear gach costas eile iasachtaíochta i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

### Sócmhainní doláimhsithe

Sainaithnítear agus aithnítear go leithleach ó cháilmheas sócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó má shásaíonn siad sainmhíniú sócmhainne doláimhsithe agus más féidir a gcuid luachanna córa a thomhas go hiontaofa. Is é costas na sócmhainní doláimhsithe sin a luach cóir tráth dháta na fála. I ndiaidh na haitheanta tosaigh, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais charntha bhearnaithe. Má bhíonn saolré fhónta chríochta mheasta ag baint leis na sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh de réir méid chothroim thar a saolréanna fónta measta.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil saolréanna éiginnte ag comhaontuithe ceadúnais TSO agus MO le haghaidh Thuaisceart Éireann. Rinneadh machnamh ar na tosca tábhachtacha seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh ar shaolréanna fónta na gcomhaontuithe ceadúnais thuas: úsáid ionchais; gnáth-shaolréanna táirge de chuid sócmhainní dá samhail a úsáidtear ar bhealach dá samhail; cobhsaíocht an tionscail ina bhfeidhmíonn an tsócmhainn; tréimhse rialaithe thar an tsócmhainn agus dátaí éaga na gcomhaontuithe ceadúnais. Ní dócha go gcuirfear na ceadúnais thuas ar ceal agus siocair go bhfuil na ceadúnais neamhiata agus in-athnuaite agus nach bhfuil aon teorainn intuartha leis an tréimhse ina meastar go nginfidh an tsócmhainn glan-insreafaí airgid don Ghrúpa, is réasúnta é toimhde shaolré éiginnte.

Déantar athbhreithniú ar an tsaolré fhónta a mheastar agus ar mhodh an amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe; cuirtear éifeacht aon athruithe a mheastar i gcuntas ar bhonn ionchais.

### Bearnú sócmhainní

Ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha a shócmhainní doláimhsithe agus ar a réadmhaoin, gléasra agus trealamh le déanamh amach an ann nó nach ann do

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

chomhartha gur fhulaing na sócmhainní sin caillteanas bearnaithe. Murar féidir méid in-aisghabhála sócmhainne ar leith a thomhas, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid (CGU) lena mbaineann an tsócmhainn. Má bhíonn a leithéid de chomhartha ann, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne d'fhonn an caillteanas bearnaithe (más ann dó) a dhéanamh amach. Más féidir bonn réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáideacha freisin ar CGUnna aonair, nó murach sin, leithdháiltear iad ar an ngrúpa is lú CGUnna ar féidir bonn réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint faoina choinne.

Is é an méid in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir lúide costais díola agus luach úsáide. Agus luach úsáide á mheas, lascainítear na sreafaí airgid measta amach anseo de réir a luacha láithrigh trí leas a bhaint as ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe reatha margaidh den amluach airgid agus na rioscaí áirithe i leith na sócmhainne nár coigeartaíodh na meastacháin sreafaí airgid amach anseo ina taobh.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU níos lú ná a suim ghlanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne nó an CGU anuas go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim, mura n-iompraítear an tsócmhainn nó an CGU ábhartha ag méid athluacháilte, agus sa chás sin, caitear leis an gcaillteanas bearnaithe mar laghdú athluachála.

### Deontais

Cuirtear deontais chaipitil san áireamh ar bhonn ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe agus scaoiltear chuig brabús nó caillteanas iad thar shaolréanna fónta measta na sócmhainní lena mbaineann.

Ní aithnítear deontais go dtí go bhfuil dearbhú réasúnach ann go gcloífidh an Grúpa leis na coinníollacha atá ceangailte leis agus go bhfaighfear na deontais.

### Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais sa Chlár Comhardaithe i gcás go mbíonn an Grúpa ina pháirtí i leith forálacha conartha ionstraime.

Tomhaistear suimeanna infhaighte trádála tráth na haitheanta tosaigh de réir luach an tsonraisc atá geall le bheith comhionann leis an luach cóir.

Dí-aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais sa Chlár Comhardaithe i gcás go stopann an Grúpa de bheith ina pháirtí i leith fhorálacha conartha na hionstraime.

I gcás go dtéann rannpháirtithe sa mhargadh i gComhaontuithe ar Ath-Leithdháileadh Socraithe, luaitear na suimeanna infhaighte agus iníoctha mar ghlanmhéid, mar go bhfuil sé ar intinn iad seo a réiteach go comhuaineach ar bhonn glanmhéide faoin gCód Trádála agus Socraithe.

Cuimsíonn airgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí eile gearrthéarma ardleachta atá inmhalartaithe go furasta go méid aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar an luach.

Tomhaistear nithe trádála iníoctha tráth na haitheanta tosaigh de réir luach an tsonraisc atá geall le bheith comhionann leis an luach cóir agus a iompraítear de réir costas amúchta ina dhiaidh sin.

### Ionstraimí díorthacha airgeadais

Téann an Grúpa i mbabhtálacha ráta úis lena neamhchosaint ar riosca ráta úis a láimhseáil. Úsáideann an Grúpa réamhchonarthaí i malairt eachtrach lena neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh, a eascraíonn as nithe infhaighte CBL Steirling a bhaineann le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar, a láimhseáil. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí díorthacha airgeadais le fáil i Nóta 27.

Aithnítear ionstraimí díorthacha airgeadais de chéaduair de réir an luacha chóir ar an dáta a théitear sa chonradh díorthach agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir a luacha chóir ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe. Dearbhaítear luach cóir na mbabhtálacha ráta úis tráth dháta an tuairiscithe trí na sreafaí airgid amach anseo a lascainiú agus na cuair ráta úis á n-úsáid tráth dháta an tuairiscithe. Dearbhaítear luach cóir na réamhchonarthaí i malairt eachtrach tráth dháta an tuairiscithe trí rátaí réamh-mhalairte luaite a thagann le haibíocht na gconarthaí,

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

a thomhas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas dá thoradh i mbrabús nó gcaillteanas láithreach mura mbíonn an díorthach sainithe agus éifeachtach mar ionstraim fálaithe; sa chás seo, braitheann uainiú na haitheanta i mbrabús nó i gcaillteanas ar nádúr an ghaoil fálaithe.

### Ionstraimí fálaithe

Sainíonn an Grúpa a chuid babhtálacha ráta úis mar fháluithe sreafa airgid. Tráth thús an ghaoil fálaithe, cuireann an Grúpa an gaol idir an ionstraim fálaithe agus an mhír fhálaithe i gcuntas, mar aon lena chuspóirí bainistíochta riosca agus a straitéis i leith tabhairt faoi idirbhearta éagsúla fálaithe. Ina theannta sin, tráth thús an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, cuireann an Grúpa i gcuntas cibé acu an an-éifeachtach nó nach an-éifeachtach an ionstraim fálaithe a úsáidtear i ngaol fálaithe i dtaca le hathruithe ar shreabhadh airgid na míre fálaithe a fhritháireamh.

Iarchuirtear i gcothromas an chuid éifeachtach d'athruithe ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis a shainítear agus a cháilítear mar fháluithe sreafa airgid. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann leis an gcuid neamhéifeachtach láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas, agus áirítear é sna costais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Athchúrsáiltear suimeanna a iarchuirtear i gcothromas i mbrabús nó i gcaillteanas sna tréimhsí nuair a aithnítear an mhír fhálaithe i mbrabús nó i gcaillteanas, ar an líne chéanna den Ráiteas Ioncaim agus an mhír aitheanta fhálaithe, nó mar a chuirtear isteach mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais. Scoirtear cuntasaíocht fálaithe nuair a chúlghaireann an Grúpa an gaol fálaithe, nuair a éagann, nuair a dhíoltar, nuair a chuirtear i gcrích nó nuair a fheidhmítear an ionstraim fálaithe, nó nuair nach gcáilíonn sí le haghaidh cuntasaíocht fálaithe a thuilleadh.

Leagtar sonraí amach i Nóta 27 faoi luachanna córa bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa san am i láthair a úsáidtear le haghaidh cúinsí fálaithe. Chomh maith leis sin, sonraítear gluaiseachtaí sa chúlchiste fálaithe i gcothromas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

### Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara

Aithnítear iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara i dtosach ag luach cóir atá ionann le luach na bhfáltas faighte lúide aon chostais socraithe atá inchurtha go díreach. Tar éis an chéad aitheantais, luaitear na hiasachtaí seo ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

### Ioncam agus costais airgeadais

Tuilltear ioncam úis ar thaiscí bainc agus fabhraítear é ar bhonn ama trí thagairt don phríomhshuim amuigh agus de réir an ghlanráta úis is infheidhme, arb ionann é agus an ráta a lascainíonn go díreach na fáltais airgid a mheastar amach anseo trí shaol ionchais na sócmhainne airgeadais go luach na sócmhainne sin a thugtar anonn.

Tuilltear ioncam freisin trí ús arna choigeartú do bhoilsciú a ghearradh ar chostais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchuir.

Cuimsíonn costais airgeadais ús ar iasachtaí agus babhtálacha ráta úis gaolmhara. Aithnítear costais airgeadais mar chostas sa tréimhse ina dtabhaítear iad, seachas nuair atá costais airgeadais inchurtha go díreach i leith fáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainní incháilithe. Sa chás sin, cuirtear iad i gcuntas mar chostais iasachtaíochta.

Ríomhtar costais airgeadais ag úsáid mhodh an ghlanráta úis, modh chun costas amúchta dliteanas airgeadais a ríomh agus caiteachas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é atá sa ghlanráta úis an ráta a lascainíonn go díreach na híocaíochtaí airgid a mheastar amach anseo trí shaol ionchais an dliteanais airgeadais.

### Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus foinsí tábhachtacha neamhchinnteacht meastachtachái

I dtaca le hullmhú Ráiteas Airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh faoi shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Chláir Chomhardaithe agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus speansas i rith na tréimhse nach bhfuil fáil éasca orthu ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar atá ábhartha. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí féin bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Seo a leanas príomhfhoinsí neamhchinnteachta agus meastachán agus breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta:

- **Saolréanna fónta réadmhaoine, gléasra agus trealaimh**
  Braitheann an muirear dímheasa le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne go príomha, agus i gcásanna áirithe, ar mheastacháin an luacha iarmharaigh. Dearbhaíonn an lucht bainistíochta saolréanna fónta na sócmhainní tráth fháil na sócmhainní agus athbhreithnítear gach bliain iad le haghaidh oiriúnachta. Bunaítear na saolréanna ar thaithí stairiúil le sócmhainní dá samhail, chomh maith le réamh-mheas imeachtaí amach anseo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saolré, amhail athruithe teicneolaíochta. Agus an EWIC I bhfeidhm thar na tréimhse, ba chinneadh criticiúil é an forcheannadh ar shaolréanna fónta. De réir na staire, ní raibh athruithe ar shaolréanna fónta ina mbunús le hathruithe ábhartha ar mhuirear dímheasa an Ghrúpa.
- **Oibleagáidí sochar scoir**
  Tá dhá phlean pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an nGrúpa. Bunaítear luacháil achtúireach dhliteanais an phlean pinsin ar thoimhdí éagsúla airgeadais agus déimeagrafacha i dtaobh na todhchaí, lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, méaduithe ar thuarastail, méaduithe ar phinsin agus rátaí básmhaireachta. Ríomhann achtúirí neamhspleácha cáilithe oibleagáid an Ghrúpa i dtaobh na bpleananna agus nuashonraítear iad uair amháin sa bhliain ar a laghad. Is é an oibleagáid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 €102.0 milliún (2012: €100.7 milliún) agus is é luach cóir na sócmhainní plean €91.6 milliún (2012: €78.3 milliún). Tugann sé seo glaneasnamh pinsin €10.4 milliún (2012: €22.4 milliún).
- **Cáin iarchurtha**
  Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go mbeidh brabús inchánach amach anseo ar fáil ar féidir aon chaillteanais neamhúsáidte chánach agus creidmheasanna neamhúsáidte cánach a úsáid ina n-éadan. Déanann an Grúpa meastachán ar an méid is dóchúla de bhrabúis inchánacha amach anseo trí thoimhdí a úsáid atá comhsheasmhach leo siúd a úsáidtear i ríomhanna bearnaithe. Teastaíonn meastacháin faoi choinne na ríomhanna seo. Ba é an ghlansócmhainn chánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 €3.2 milliún (2012: glansócmhainn chánach iarchurtha €11.4 milliún).
- **Sócmhainní doláimhsithe**
  Tástálann an Grúpa go bliantúil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon bhearnú ar a shócmhainní cáilmheasa agus comhaontaithe ceadúnais. Dearbhaíodh méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháiltear ar aonad giniúna airgid (CGU) de réir ríomhanna luach úsáide, a úsáideann buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2018. Teastaíonn meastacháin agus toimhdí faoi choinne na ríomhanna seo, a phléitear níos mine i Nóta 12. B'ionann na sócmhainní doláimhsithe amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus €16.4 milliún (2012: €18.9 milliún).
- **Tús l'Oibriucháin an EWIC**
  D'eascair an mhoill a cuireadh ar thosach lánfheidhme an EWIC, ón 1 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an 1 Bealtaine 2013, roinnt breithiúnais criticiúla. Ina measc sin bhí an cheist faoin mbealach le déileáil leis an neamhréir idir an tréimhse bailiúchána taraifí (ag tosú ar an 1 Deireadh Fómhair) agus an dáta lánfheidhmuithe. De réir an pholasaí cuntasóireachta i leith ioncaim, níl foráil déanta maidir le ró-aisghabháil ioncaim rialála ins na Ráitis Airgeadais. Tá na sonraí uilig i leith na mbreithiúnais tábhachtacha a rinneadh maidir leis an EWIC le fáil i Nóta 7.

## 3. Faisnéis Mhíre

Is comhpháirt den aonán í mír oibriúcháin a phléann le gníomhaíochtaí gnó óna bhféadfadh sí ioncam a thuilleadh agus costais a thabhú, a ndéanann an Bord, príomhchinnteoir oibriúcháin an aonáin, athbhreithniú rialta ar a cuid torthaí oibriúcháin d'fhonn cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh acmhainní ar an mír agus d'fhonn a feidhmíocht a mheas agus a bhfuil faisnéis scoite airgeadais ar fáil di. Déantar an Grúpa a anailísiú igceithre phríomh-mhír intuairiscithe le haghaidh tuairisciú inmheánach:

- Oibreoir Córais Tarchuir EirGrid ("TSO EirGrid"), a fhaigheann a chuid ioncaim as seirbhísí a chur ar fáil mar an TSO in Éirinn agus a rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- Oibreoir Margaidh Aonair Leictreachais ('SEMO'), a fhaigheann a chuid ioncaim as bheith mar an tOibreoir Margaidh don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann.
- Oibreoir Córais Tarchuir SONI ('TSO SONI'), a fhaigheann a chuid ioncaim as bheith mar an TSO i dTuaisceart Éireann arna cheadúnu ag Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas. Áirítear tradáil in EirGrid UK Holdings Limited, cuideachta shealbhaíochta fhochuideachta SONI, i mír SONI.
- Oibriúchán agus úinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) an tionscadal a nascann eangacha leictreachais na hÉireann agus na Breataine lena chéile.

Seo a leanas na torthaí míre don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013:

| | Nótaí | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SONI TSO € '000 | EWIC € '000 | Díoth-aithe € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Míreanna an Ráitis Ioncaim** | | | | | | | |
| Ioncaim míre | | 308,824 | 186,034 | 108,196 | 50,965 | (31,959) | 622,060 |
| Costais Dhíreacha | | (252,458) | (161,760) | (76,916) | - | 31,959 | (459,175) |
| Ollbhrabús | | 56,366 | 24,274 | 31,280 | 50,965 | - | 162,885 |
| Costais eile Oibriúcháin | | (51,962) | (16,231) | (14,798) | (6,423) | - | (89,414) |
| Brabús Oibriúcháin | | 4,404 | 8,043 | 16,482 | 44,542 | - | 73,471 |
| Ús agus Ioncaim eile | | | | | | | 466 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (12,852) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | | 61,085 |
| Costas cáin ioncaim | | | | | | | (7,718) |
| Brabús don bhliain | | | | | | | **53,367** |
| **Míreanna an chláir comhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní míre | | 228,140 | 79,127 | 28,171 | 592,220 | - | 927,658 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | | | | | | 16,401 |
| Sócmhainní iomlána faoi mar a thuarscítear iad | | | | | | | 944,059 |
| Dliteanais mhíre | | 433,331 | 54,442 | 25,788 | 275,089 | - | 788,650 |
| Dliteanais iomlána mar a thuairiscítear iad sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 788,650 |

## 3. Faisnéis Mhíre (ar lean)

Seo a leanas na torthaí míre comparáideacha don bhliain dar críoch 30 Mean Fómhair 2012:

| | Notaí | EirGrid TSO € '000 | SEMO € '000 | SONI TSO € '000 | EWIC € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Míreanna an Ráitis Ioncaim** | | | | | | |
| Ioncam míre | | 263,488 | 206,937 | 71,807 | - | 542,232 |
| Costais dhíreacha | | (191,622) | (183,054) | (64,121) | - | (438,797) |
| Ollbhrabús | | 71,866 | 23,883 | 7,686 | - | 103,435 |
| Costais eile oibriúcháin | | (45,984) | (21,791) | (12,277) | (58) | (80,110) |
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin | | 25,882 | 2,092 | (4,591) | (58) | 23,325 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | 573 |
| Costais airgeadais | | | | | | (3,082) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | 20,816 |
| Creidmheas cáin ioncaim | | | | | | 828 |
| **Brabús don bhliain** | | | | | | **21,644** |
| **Míreanna an Chláir Chomhardaithe** | | | | | | |
| Sócmhainní míre | | 181,430 | 114,178 | 20,907 | 607,110 | 923,625 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | | | | | 18,908 |
| Sócmhainní iomlána, mar a thuairiscítear iad sa Clár Comhardaithe Comhdhlúithe | | | | | | 942,533 |
| Dliteanais míre | | 440,793 | 91,296 | 33,430 | 301,709 | 867,228 |
| Dliteanais iomlána mar a leagtar síos iad sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | 867,228 |

**Faisnéis Tíreolaíochta**

| | Ioncam | | Sócmhainní neamhreatha | |
|---|---|---|---|---|
| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **Ar An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Ar An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Éire | 467,355 | 418,690 | 607,097 | 575,595 |
| An Ríocht Aontaithe | 154,705 | 123,542 | 30,850 | 34,528 |
| **Iomlán** | **622,060** | **542,232** | **637,947** | **610,123** |

**Faisnéis faoi mhórchustaiméirí**

San áireamh in ioncam míre TSO EirGrid de €308.8 don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: €263.5m) tá ioncam de thart ar €142.8m (2012: €124.6m), €63.1m (2012: €38.9m), €43.4m (2012: €34.3m) agus €30.4m (2012: €31.1m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na ceithre chustaiméir ba mhó de chuid na míre.

San áireamh in ioncam míre SEMO de €168.0m don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: €206.9m) tá ioncam de thart ar €62.2m (2012: €75.7m), €45.9m (2012: €54.2m), €44.0m (2012: €42.1m) agus €16.5m (2012: €20.9m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na ceithre chustaiméir ba mhó de chuid na míre.

San áireamh in ioncam míre TSO SONI de €108.2m don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: €71.8m), tá ioncam de thart ar €42.8m (2011: €40.7m), €21.5m (2012: €13.4m) agus €11.9m (2012: €12.5m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir ba mhó de chuid na míre.

## 4. Fostaithe

Ba é 404 duine meánlíon na ndaoine a d'fhostaigh an Grúpa le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: 373), gan baill foirne a bhí gafa le tionscadail chaipitil san áireamh.

Ba é 45 duine meánlíon na ndaoine a bhí gafa le tionscadail chaipitil le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: 55). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe seo agus b'ionann iad agus €4.8 milliún san iomlán don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: €5.5 milliún).

Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíocht ghnó:

| | **An 30 Méan Fómhair 2013 Líon** | An 30 Méan Fómhair 2012 Líon |
|---|---|---|
| EirGrid TSO | 253 | 229 |
| SONI TSO | 88 | 83 |
| SEMO | 63 | 61 |
| Tionscadail chaipitil | 45 | 55 |
| Iomlán | 449 | 428 |

Bhí a leanas i gceist leis an luach saothair iomlán a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim, lena n-áirítear tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Pánna agus tuarastail | 30,421 | 27,512 |
| Costais leasa shóisialaigh | 3,333 | 2,731 |
| Costais phinsin | 5,603 | 4,603 |
| Iomlán | 39,357 | 34,846 |

## 5. Costais Eile Oibriúcháin

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaithe (Nóta 4) | 39,357 | 34,846 |
| Dímheas sócmhainní neamhreatha (Nóta 14) | 20,071 | 22,008 |
| Amúchadh deontais (Nóta 17) | (768) | - |
| Oibríochtaí agus cothabháil | 29,243 | 23,288 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar ionstraimi díorthacha airgeadais | 30 | (32) |
| Bearníu sócmhainni doláimhsithe (Nóta 12) | 1,481 | - |
| Iomlán | 89,414 | 80,110 |

D'eascair an caillteanas/(gnóthachan) ar ionstraimí díorthacha airgeadais in 2013 agus in 2012 ó cheannacháin réamhchonarthaí i ráta malairte eachtraí. Úsáideadh na conarthaí seo le maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le malairt airgeadra eachtraigh ar shuimeanna infhaighte CBL Steirling a tháinig chun cinn mar thoradh ar thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar. Ba neamh-amhantrach na ceannacháin réamhchonarthaí i ráta malairte eachtraí.

## 6. Ús agus Ioncam Eile agus Costais Airgeadais

| | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam úis:** | | |
| Ioncam ó thaiscí | 466 | 573 |
| Iomlán | 466 | 573 |
| **Costais airgeadais:** | | |
| Ús ar iasachtaí agus babhtálacha gaolmhara ráta úis. | 12,852 | 3,082 |

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis de bharr go bhfaigheann sé cistí ar iasacht de réir rátaí comhlúthachta úis. Déanann an Grúpa bainistiú ar an riosca trí mheascán cuí a choinneáil idir iasachtaí ráta chomhlúthaigh agus iasachtaí rata sheasta trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis.

## 7. Oibríochtaí an Idirnascaire Thoir-Thiar

Mar gheall ar an suntas a bhain le nascadh an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) leis na heangaí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór ag teacht i bhfeidhm i rith na bliana, cuirtear i láthair an tionchar a bhí ag EWIC ar an Ráiteas Ioncaim i gcolún ar leith ar aghaidh an Ráitis Ioncaim.

Bhí sé beartaithe EWIC a chur in oibríocht iomlán ar an 1 Meán Fómhair 2012, agus mar gheall ar sin bunaíodh an taraif rialaithe ar lánfheidhmíocht ón tréimhse sin agus cuireadh tús leis ar an dáta sin. Ar a shon sin, cuireadh moill ar thús lánfheidhmíochta go dtí an 1 Bealtaine 2013 mar gheall ar réiteach nithe teicniciúla deiridh.

San ioncam don EWIC don tréimhse, áiríodh an taraif rialála don bhliain iomlán, ag €33m. As an ioncam seo bhain €11m le costais fónaimh d'fhiachas ar iasachtaí i leith an EWIC, a chaipitlíodh i rith na tréimhse anuas go 1 Bealtaine nuair a thosaigh an EWIC ag feidhmiú go hiomlán, é seo déanta faoi réir an pholasaí cuntasóireachta de chuid an Ghrúpa maidir le chaipitliú costais iasachtaí. Mar thoradh ar seo tá mí -oiriúnú san aitheantas a dhéantar ar an ioncaim agus an costas a ghabhann leis. Anuas ar sin, mar gheall ar an moill a cuireadh ar an EWIC níor tabhaíodh roinnt costais oibriúcháin agus cothabhála a bhi áirithe sa ríomhadh i leith an taraif rialála agus chiallaigh sé seo go raibh ró-aisghabháil in ioncam i gcaitheamh na bliana. De réir an ghnáthchleachtais tabharfar ar ais aon ró-aisghabháil a eascraíonn i rith na bliana do tomhaltóirí i tréimhse taraif amach anseo agus níl aon fhoráil déanta ina leith sin sna ráitis airgeadais.

Baineann fuílleach an ioncaim i leith an EWIC l'admhalácha ceantála a bhfuil €15m iontu, agus freisin ioncam ó sholáthar seirbhísí córais eile. Is sruth ioncaim nua don Ghrupa iad na h-admhálacha ceantála a eascraíonn as oibriúchán an EWIC inar díoltar toilleadh ar an Idirnascaire. Is páirt iad na h-admhálacha ceantála den ríomhadh a déantar ar ró-aisgabhálacha rialála ar a ndéantar athghabháil i dtréimhse éigin sa todhchaí. Tá súil le €10m i méid na n-admhálacha ceantála ionchasaithe,ráta taraif, i mbliana.

Ba é Brabús Roimh Chánach lánbliana ar oibriúcháin EWIC €34.0m, a bhaineann €15.8m as sin leis an tréimhse roimh lanoibriuchán. Dé réir an ghnáthchleachtais tabharfar ar ais do na tomhaltóiri aon ró-aisghabháil rialála a eascraíonn i gcaitheamh na bliana i dtréimhse taraife amach anseo, agus ni dhearnadh aon fhoráil ina leith sna raitis airgeadais.

Mar atá nochtaithe i Nóta 14, mar gur thosaigh an EWIC ag lánoibriú i rith na tréimhse, aistríodh €544m ( costas na sócmhainne á thógáil chun dáta) ón chatagóir sócmhainn á thógáil agus cuireadh tús le dímheas ón dáta sin. San áireamh le costais an EWIC tá costais bhreise úis €11m a chaipitlíodh i rith na tréimhse anuas go 1 Bealtaine nuair a cuireadh tús le lánoibriúchán an EWIC, é seo déanta de réir pholasaí cuntaisóireachta na cuideachta maidir le costais iasachtaíocht a chaipitliú. Tá an Grúpa tiomanta ar chaiteachas deireanach €8m maidir le EWIC a chiallaíonn go mbeidh costas tógála iomlán €562m i gceist.

Tugann nótai 26 agus 27 léiriú ar chur chuige an Ghrúpa maidir le bainistíocht airgeadú agus riosca airgeadais. Tá fálú déanta ar na hiasachtaí uilig trí bhabhtáil ráta úis faoi mar a nochtaítear i nóta 27.

Anuas ar sin, mar pháirt de chlabhsúr an tionscadail EWIC, tá iarchur déanta ar aithint aisíocaíochta €10m de réir an chur chuige ar leith a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na ró-aisghabhálacha rialála a d'eascair mar thoradh ar an tréimhse feidhme teoranta a bhain leis an EWIC i gcaitheamh na bliana (féach nóta 16).

## 8. Brabús Roimh Chánachas

Luaitear an brabús roimh chánacha si ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh/(a chur do shocar):

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Dímheas | 20,071 | 22,008 |
| Amúchadh deontais | (768) | - |
| Cíosanna léas oibriúcháin | 1,999 | 2,004 |
| Cailleantas/(gnóthachan) malairte eachtraí | 1,016 | (84) |

Ainilís ar luach saothair na Stiúrthóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| - le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóir | 108 | 127 |
| - le haghaidh seirbhísí mar bhainisteoir feidhmiúcháin | 211 | 223 |
| Iomlán | 319 | 350 |

Ainilís de luach saothair na nIniíchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais:

| **Grúpa** | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| - iniuchóireacht ar chuideachtaí an Ghrúpa | 110 | 110 |
| - seirbhísi dearbhaithe eile | 2 | 5 |
| - seirbhísi comhairleacha cánach | 130 | 50 |
| - seirbhísí eile nach iniúchóireacht iad | 3 | 8 |

| **An Chuideachta** | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| - táille iniúchóireachta | 45 | 45 |
| - seirbhísí dearbhaithe eile | 2 | 5 |
| - seirbhísí comhairleacha cánach | 52 | 39 |
| - seirbhísi eile nach iniúchóireacht iad | 3 | 3 |

## 9. Cánacha Ioncaim

Muirear ar an Ráiteas Ioncaim:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Costas/(creidmheas) reatha cánach | 3,783 | (407) |
| Cáin iarcurtha a bhaineann le tosú agus cúlú difriochtaí sealadacha | 4,500 | (84) |
| Tionchar athruithe ar ratai agus ar dhlíthe cánach | (565) | (337) |
| Costas/(creidmheas) cáin iarcurtha don bhliain | 7,718 | (828) |

Féadtar muirear iomlán don bhliain a réiteach leis an mbrabús cuntasaíochta mar seo a leanas:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **61,085** | **20,816** |
| Cánachas de reir rata chaighdeánach 12.5% (2012: 12.5%) | 7,636 | 2,602 |
| Tionchar rátaí nios airde cánach ar ioncam eile | 173 | 197 |
| Tionchar ioncaim agus speansais nach n-áirítear i ndearbhu brabúis cánach | 171 | 12 |
| Tionchar an chreidmheasa cánach um Taighde agus Forbairt | (227) | (281) |
| Tionchar ag ús caipitlithe incheadaithe do cháin | (1,342) | (1,934) |
| Iarmhéideanna canach iarcurtha athruithe ar ráta cáin ioncaim na Ríochta Aontaithe | (565) | (337) |
| Tionchar rataí níos airde cánach ar gnóthachan/(caillteanas) i bhfochuideachtaí Ríochta Aontaithe | 1,911 | (631) |
| Ró-sholáthar i mblianta roimhe seo | (95) | (578) |
| Tionchar cailleantas ar aghaidh ar fhochuideachtaí na Ríochta Aontaithe | - | 144 |
| Difríochtaí eile | 56 | (22) |
| Cáin Ioncaim a aithnítear sa Raiteas Ioncaim | 7,718 | (828) |

Ríomhtar cáin chorparáide i leith oibríochtai an Ghrúpa bunaithe sa Ríocht Aontaithe ag 23.5% (2012: 25%) den bhrabUs inmheasúnaithe measta don bhliain. D'athraigh gnáthráta cháin chorparaide na Ríochta Aontaithe ó 24% go 23% le héifeacht ón 1 Aibreán 2013.

Beidh tionchar ag aon athruithe ar an ráta cánach corparáide a bheidh i bhfeidhm sna tíortha ina bhfeidhmíonn an Grúpa ar an muirear cánach i dtréimhsí amach anseo. Sa Ríocht Aontaithe, Airíodh sa Finance Act 2013 laghdú ar ráta na cánach ioncaim corparáide ó 24% go 23%. Achtaíodh an t-athru seo go substaintiúil ar an 2 Iúil 2013. Bhí feidhm leis an laghdú ráta ón 1 Aibrean 2013. Ina theannta sin, fógraíodh agus achtaíodh go substaintiúil ar an 2 Iúil 2013 sa Finance Act laghdú breise ar ráta na cánach ioncaim corparáide go 21% ón 1 Aibreán 2014 agus go 20% ón 1 Aibrean 2015.

Ni mor iarmhéideanna cánach iarcurtha a aithint de réir an ráta cánach todhchaí is infheidhme nuair atáthar ag suúil go leachtófar an t-iarmhéid. Mar sin, tá an laghdú ráta go 20% léirithe san iarmhéid cánach iarchurtha deiridh. Mura n-achtófaí an t-athrú seo go substaintiúil ar an 30 Meán Fómhair 2013, bheadh socmhainn cánach iarchurtha an ghrúpa méadaithe faoi €0.5m, le €0.1m gearrtha chun cothromais agus €0.6m gearrtha ar an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim.

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(Dliteanais) chánach iarchurtha uathu seo a leanas:

| Grúpa | Sócmhainní doláimhsithe € '000 | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí sochair scoir € '000 | Fáluithe sreafa airgid € '000 | Caillteanais chánach € '000 | Íocaíocht alt 75 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (Dliteanas)/Sócmhainn chánach iarchurtha ar an 1 Deireadh Fómhair 2011 | (4,312) | 1,081 | 1,968 | 6,829 | 117 | 736 | 6,419 |
| Creidmheas (muirear) ar an Ráiteas ioncaim don bhliain | 345 | 690 | (73) | - | (122) | (419) | 421 |
| Creidmheas/(muirear) don Ráiteas ar Ioncaim Cuimsitheach | - | - | 979 | 3,859 | - | - | 4,838 |
| Difríochtaí malairte | (357) | (38) | 5 | 44 | 5 | 50 | (291) |
| (Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha Meán Fómhair 2012 | (4,324) | 1,733 | 2,879 | 10,732 | - | 367 | 11,387 |
| Creidmheas/(muirear) don Ráiteas Ioncaim don bhliain | 841 | (6,109) | 14 | - | 1,669 | (350) | (3,935) |
| Muirear don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | - | (1,506) | (2,881) | - | - | (4,387) |
| Difríochtaí malairte | 202 | 10 | (7) | (14) | - | (17) | 174 |
| (Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha amhail an 30 MeánFómhair 2013 | (3,281) | (4,366) | 1,380 | 7,837 | 1,669 | - | 3,239 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 1,380 | 7,837 | 1,669 | - | 10,886 |
| Dliteanas chánach iarchurtha | (3,281) | (4,366) | - | - | - | - | (7,647) |
| Iomlán | (3,281) | (4,366) | 1,380 | 7,837 | 1,669 | - | 3,239 |

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

| Cuideachta | Dímheas cánach luathathe € '000 | Oibleagáidí sochair scoir € '000 | Fáluithe sreafa airgid € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Sócmhainn cánach iarchurtha, 1 Meán Fómhair 2011 | 1,687 | 1,969 | 4,602 | 8,258 |
| Creidmheas/(muirear) don Ráiteas Ioncaim don bhliain | 237 | (89) | - | 148 |
| (Muirear)/creidmheas don Ráiteas ar Ioncaim Cuimsitheash | - | 841 | 2,531 | 3,372 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha, 30 Meán Fómhair 2012 | 1,924 | 2,721 | 7,133 | 11,778 |
| (Muirear)/creidmheas ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (498) | 27 | - | (471) |
| Muirear don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | (1,591) | (1,860) | (3,451) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha, 30 Meán Fómhair 2013 | 1,426 | 1,157 | 5,273 | 7,856 |

**Anailís ar Shócmhainni/(Dliteanais) chánach iarchurtha de réir dlínse chánach:**

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Éireann | 6,204 | 15,138 | 7,856 | 11,778 |
| An Ríocht Aontaithe | (2,965) | (3,751) | - | - |
| Glansócmhainn chánach iarchurtha | 3,239 | 11,387 | 7,856 | 11,778 |

## 10. Ráiteas Ioncaim na gCuideachta

Faoi mar a cheadaítear in alt 148 (8) d'Acht na Cuideachtaí 1963 agus alt 7 (1A) d'Acht na gCuideachtaí (Leasu), 1986, ta an Mháthairchuideachta ag baint earraíochta as an díoluine óna Ráiteas leithleach Iomcaim a chur ar fáil don chrinniú cinn bliana agus as é a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Áititear leis an mbrabús comhdhlúite don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 brabús inchurtha i leith na Cuideachta dar luach €23,786,000 (2012: €22,782,000).

## 11. Díbhinní

Faoi mar a léiritear i nóta 18 tá cineál amháin scairchaipitil in eisiúint, siad sin Gnáthscaireanna. Seo a leanas na díbhinní maidir leis an gcineál seo scairchaipitil:

| Díbhinní do Scairshealbhóirí Cothromas | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Díbhinn eatramhach - €133.333 an ghnáthscair (íoctha Samhain 2013) | 4,000 | - |
| Iomlán | 4,000 | - |

## 12. Sócmhainní Inláimhsithe

| **Grúpa** | **Cáilmheas € '000** | **Comhaontuithe e ceadúnais € '000** | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 4,476 | 18,234 | 22,710 |
| Difríochtaí malartaithe | 385 | 1,637 | 2,022 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2012 | 4,861 | 19,871 | 24,732 |
| Difríochtaí malartaithe | (253) | (1,075) | (1,328) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 4,608 | 18,796 | 23,404 |
| | | | |
| **Caillteanais Charntha Lagaithe** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 4,381 | 982 | 5,363 |
| Difríochtaí malartaithe | 377 | 84 | 461 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2012 | 4,758 | 1,066 | 5,824 |
| Muirear lagaithe | 98 | 1,383 | 1,481 |
| Difríochtaí malartaithe | (248) | (54) | (302) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 4,608 | 2,395 | 7,003 |
| | | | |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2013** | **-** | **16,401** | **16,401** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2012 | 103 | 18,805 | 18,908 |

Ag tráth an Chláir Chomhardaithe, leithdháileadh luach an cháilmheasa chaipitlithe agus na gcomhaontuithe ceadúnais d'Aonaid Ghiniúna Airgid an Ghrúpa (CGUanna) chun measúnú a dhéanamh ar lagú féideartha. Mar seo a leanas atá achoimre ar leithdháileadh sócmhainní inláimsithe de réir an phríomhCGU:

| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| SONI TSO | 13,519 | 15,868 |
| SEMO | 2,882 | 3,040 |
| Iomlán | 16,401 | 18,908 |

Deimhníodh suim inghnóthaithe de na sócmhainní inláimhsithe a leithdháileadh do CGU de réir an luacha a úsáideadh i ríomhanna, a úsáideann buiséid agus tuartha a chuimsíonn an tréimhse a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2018. Seo an tréimhse a chreideann an lucht bainistíochta inar féidir tuartha scoite a dhéanamh maidir le sreabhadh ionchasach sreabhaidh airgid go réasúnta. Is iad na príomhthoimhdí le haghaidh an luacha a úsáidtear i ríomhanna iad siúd a bhaineann le rátaí lascaine, rátaí borrtha agus gnóthú rialála a bhfuil coinne leo a eascraíonn ó rialuithe ar phraghas.

I measc na bpríomhthoimhdí a úsáideadh laistigh de na ríomhanna, tá an méid a leanas:

- Bunaíodh leibhéil bhrabúsachta SONI TSO agus SEMO ar na rialuithe rialála praghais lenar comhaontaíodh in 2011 agus 2013 faoi seach. Cuimsíonn rialú praghais SONI an tréimhse 2010-2015, cuimsíonn rialú praghais SEMO an tréimhse 2013-2016. Úsáideadh gnóthú measta rialála chun na leibhéil bhrabúsachta a thuar sa tréimhse tar éis na rialuithe reatha praghais;
- Glacadh le rátaí lascaine 4.81% agus 4.95% (2012: 5.25% agus 4.95%) le haghaidh CGUanna SEMO agus SONI TSO, faoi seach, bunaithe ar na rialuithe rialála praghais lenar comhaontaíodh in 2011 agus 2013;

## 12. Sócmhainní Inláimhsithe (ar lean)

- Glacadh le rátaí borrtha 2.0% (2012: 2.0%) go suthaine le haghaidh bhoinn sócmhainní rialála SEMO agus SONI TSO (RABanna). Glacadh le rátaí borrtha neamhní% (2012: neamhní%) go suthaine le haghaidh dhreasachtaí rialála SEMO agus SONI TSO. Léiríonn na toimhdí ionchas an lucht bainistíochta le haghaidh borradh fadtéarmach.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, sular tugadh faoi thástáil lagaithe, leithdháileadh cáilmheas €0.1 milliún agus comhaontuithe ceadúnais €15.8 milliún do SONI TSO, a mbaineann a n-ioncam trí ghníomhú mar an Oibreoir Córas Tarchuir le haghaidh Thuaisceart Éireann. Ar bhonn na dtoimhdí thuas, bhí sé ina chonclúid ag na Stiúrthóirí go bhfuil lagú ann i leith cáilmheas agus comhaontuithe €1.5 milliún. Aithnítear an caillteanas lagaithe seo laistigh de na costais oibriúcháin a shonraítear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, sular tugadh faoi thástáil lagaithe, leithdháileadh cáilmheas €neamhní agus comhaontuithe ceadúnais €3.0 milliún do SEMO, a mbaineann a n-ioncam trí ghníomhú mar an Oibreoir Margaidh le haghaidh SEM. Ar bhonn na dtoimhdí thuas, bhí sé ina chonclúid ag na Stiúrthóirí nach bhfuil aon mhuirear lagaithe i gceist.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2012, bhí sé ina chonclúid ag an Stiúrthóirí nach raibh aon mhuirear lagaithe i gceist.

Braitheann tástáil lagaithe ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais an lucht bainistíochta, go háirithe maidir le sreabhadh airgid amach anseo a thuar, na rátaí lascaine a bhaineann leis an sreabhadh airgid sin agus na rátaí measta borrtha fhadtéarmaigh. Thug an Grúpa faoi anailís íogair ar thástáil lagaithe gach cinn de ghlanluachanna na CGUanna.

D'eascródh lagú ar luach an cheadúnais in CGU SEMO €neamhní (2012: €0.2 milliún) agus lagú breise ar luach an cháilmheasa agus an cheadúnais in CGU SONI TSO €neamhní (2012: €0.1 milliún) agus €2.6 milliún (2012: €1.3 milliún) faoi seach, as méadú ar an ráta lascaine 0.5% . D'eascródh lagú ar luach an cheadúnais in CGU SEMO €neamhní (2012: €1.9 milliún) agus lagú breise ar luach an cháilmheasa agus an cheadúnais in CGU SONI €neamhní (2012: €0.1 milliún) agus €3.5 milliún (2012: €2.0 milliún) faoi seach, as laghdú ar an ráta borrtha suthaine RAB 1%.

## 13. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

| **Infheistíocht i bhFochuideachtaí Cuideachta** | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 161,821 | 98,376 |
| Instealladh caipitil isteach in EirGrid Interconnector | 423 | 6,746 |
| Limited Instealladh caipitil isteach in EirGrid Telecoms | 193 | - |
| Limited Iasachtú an Choigeartaithe fiachais chuig | - | 56,699 |
| ranníocaíocht chaipitiúil | (6,726) | - |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 155,711 | 161,821 |

Baineann gluaiseachtaí sa bhliain le breis infheistíochtaí in EirGrid Interconnector Limited agus in EirGrid Telecoms Limited.

Le linn na bliana, réamhíoc an Chuideachta €0.7m (2012: €10.0 milliún) le EirGrid Interconnector Limited trí iasacht idirchuideachta agus ar iasacht €neamhní (2012: €120.7 milliún) Rinne an Chuideachta réamhíocaíochtaí €31.7 milliún (2012: €31.0 milliún) ar an iomlán le EirGrid Interconnector Limited, mar aon le fiachas iomlán ar iasacht €285.0 milliún (2012: €285.0 milliún). Níl aon ús le híoc ar na suimeanna seo faoin gcomhaontú iasachta idirchuideachta. Le linn na bliana, rinne EirGrid Interconnector Limited aisíocaíocht bhrostaithe aonuaire ar fhiachas ar iasacht €15.8 milliún (2012: €neamhní). Mar thoradh ar an aisíocaíocht, áirítear thuas coigeartú ar an ranníocaíocht chaipitiúil a aithníodh roimhe seo i ndáil le fiachas ar iasacht €6.7 milliún (2012:€neamhní). D'aithin an Chuideachta infheistíocht €155.5 milliún (2012: €161.8 milliún) in EirGrid Interconnector Limited, a léirigh an meastachán reatha ar luach den ráta tráchtála ar ús a tharscaoil an Chuideachta thar shaolré na n-iasachtaí seo.

## 13. Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

Is iad fochuideachtaí an Ghrúpa, a bhfuil siad go léir faoi lánúinéireacht:

| Fochuideachta | Tír an Ionchorpraithe | Bunghníomhaíocht |
|---|---|---|
| EirGrid UK Holdings Limited | Tuaisceart Éireann | Cuideachta sealbhaíochta |
| SONI Limited | Tuaisceart Éireann | TSO |
| EirGrid Interconnector Limited | Éire | Idirnasc |
| EirGrid Telecoms Limited | Éire | Teileachumarsáid |

Tá EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Limited agus EirGrid Telecoms Limited faoi úinéireacht dhíreach ag an gCuideachta. Tá SONI Limited faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings Limited.

Páirtithe iad EirGrid plc agus EirGrid Interconnector Limited le comhaontuithe áirithe maoinithe maidir le tógáil an Idirnascaire Thoir-Thiar óna dteastaíonn faomhadh go héifeachtach ó bhainc iasachtaithe le haghaidh aon leithdháilte ó EirGrid Interconnector Limited do EirGrid plc.

Is í oifig chláraithe EirGrid Interconnector Limited agus EirGrid Telecoms Limited An Oval, 160 Bóthar Shelbourne, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is í oifig chláraithe EirGrid UK Holdings Limited agus SONI Limited Teach an Chaisleáin Riabhaigh, 12 Bóthar Manse, Béal Feirste.

## 14. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh * € '000 | Daingneáin agus feistis € '000 | TF, trealamh teileachumarsáide agus eile € '000 | Margadh Singil Leictreachais ** € '000 | EWIC € '000 | Sócmhainní á dtógáil *** € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 11,715 | 1,660 | 55,442 | 49,265 | - | 289,972 | 408,054 |
| Breisiúcháin | 3 | - | 359 | - | - | 250,982 | 251,344 |
| Diúscairtí | - | - | (400) | - | - | - | (400) |
| Aistrithe | - | 21 | 20,778 | - | - | (20,799) | - |
| Difríochtaí malartaithe | 263 | 4 | 999 | 798 | - | 13 | 2,077 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 11,981 | 1,685 | 77,178 | 50,063 | - | 520,168 | 661,075 |
| Breisiúcháin | - | - | 3,703 | - | - | 52,247 | 55,950 |
| Aistrithe | 149 | 401 | 10,454 | - | 554,087 | (565,091) | - |
| Difríochtaí malartaithe | (173) | (2) | (855) | (524) | - | (11) | (1,565) |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 11,957 | 2,084 | 90,480 | 49,539 | 554,087 | 7,313 | 715,460 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 1,638 | 901 | 25,800 | 35,615 | - | - | 63,954 |
| Muirear | 486 | 333 | 10,691 | 10,498 | - | - | 22,008 |
| Diúscairtí | - | - | (400) | - | - | - | (400) |
| Difríochtaí malartaithe | 175 | 2 | 427 | 686 | - | - | 1,290 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 2,299 | 1,236 | 36,518 | 46,799 | - | - | 86,852 |
| Muirear | 497 | 309 | 13,217 | 2,543 | 3,505 | - | 20,071 |
| Difríochtaí malartaithe | (116) | (1) | (397) | (516) | - | - | (1,030) |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 2,680 | 1,544 | 49,338 | 48,826 | 3,505 | - | 105,893 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Méan Fómhair 2013** | **9,277** | **540** | **41,142** | **713** | **550,582** | **7,313** | **609,567** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 9,682 | 449 | 40,660 | 3,264 | - | 520,168 | 574,223 |

* Áirítear le costas fhoirgnimh an Ghrúpa feabhsúcháin léasachta.
** Is é an Margadh Singil Leictreachais an córas lárnach TF a úsáideadh chun an margadh leictreachais mhiondíola a réiteach agus a riar in oileán na hÉireann
*** Is éard atá i sócmhainní faoi Thógáil an méid a leanas:

| | 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Trealamh TF agus teileachumarsáide | 7,313 | 9,032 |
| An tionscadal Idirnascaire Thoir-Thiar | - | 511,136 |
| Iomlán | 7,313 | 520,168 |

Áirítear le sócmhainní atá á dtógáil costais chaipitlithe úis €neamhní (2012: €25.5 milliún).

## 14. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

| Cuideachta | Foirgnimh * € '000 | Daingneáin agus feistis € '000 | TF, trealamh teileachumarsáide agus eile € '000 | Margadh Singil Leictreachais ** € '000 | Sócmhainní á dtógáil *** € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 10,407 | 1,623 | 48,517 | 41,418 | 9,006 | 110,971 |
| Breisiúcháin | - | - | - | - | 16,258 | 16,258 |
| Aistrithe (lena n-áirítear IdirGhrúpa) | - | 21 | 15,444 | - | (15,465) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 10,407 | 1,644 | 63,961 | 41,418 | 9,799 | 127,229 |
| Breisiúcháin | - | - | 2,014 | - | 6,641 | 8,655 |
| Aistrithe | - | 193 | 10,349 | - | (10,542) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 10,407 | 1,837 | 76,324 | 41,418 | 5,898 | 135,884 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 1,376 | 887 | 29,292 | 30,303 | - | 61,858 |
| Muirear | 433 | 325 | 8,162 | 8,212 | - | 17,132 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 1,809 | 1,212 | 37,454 | 38,515 | - | 78,990 |
| Muirear | 434 | 303 | 9,884 | 1,935 | - | 12,556 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 2,243 | 1,515 | 47,338 | 40,450 | - | 91,546 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Méan Fómhair 2013** | **8,164** | **322** | **28,986** | **968** | **5,898** | **44,338** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 8,598 | 432 | 26,507 | 2,903 | 9,799 | 48,239 |

* Léiríonn costas fhoirgnimh na Cuideachta feabhsúcháin léasachta. Féach nóta 20 chun teacht ar shonraí ar an léas.

** Is í sócmhainn an Mhargaidh Shingil Leictreachais an córas lárnach a úsáidtear chun an margadh mórdhíola leictreachais a réiteach agus a riar ar oileán na hÉireann.

*** Tá an méid a leanas i gceist le Sócmhainní á dTógáil:

| | 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Trealamh TF agus teileachumarsáide | 5,898 | 9,799 |

## 15. Trádáil agus Infháltais

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin: | | | | |
| Infháltais trádála | 21,758 | 73,570 | 12,717 | 51,505 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 61,837 | 50,440 | 56,197 | 46,204 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 49,219 | 40,046 | 49,219 | 40,046 |
| Infháltais eile | - | 316 | - | 241 |
| Suimeanna atá le híoc le gealltanais fochuideachta | - | - | 66,166 | 35,291 |
| Iomlán | 132,814 | 164,372 | 184,299 | 173,287 |
| Suimeanna atá dlite tar éis bliain amháin: | | | | |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 1,093 | 1,089 | - | - |
| Suimeanna atá le híoc le gealltanais fochuideachta | - | - | 130,267 | 146,981 |
| Iomlán | 133,907 | 165,461 | 314,566 | 320,268 |

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na dtrádála agus na n-infháltas eile agus a ngarluach cóir.

Is éard atá in infháltais neamhbhilleáilte go príomha ioncam don dá mhí dheireanacha den bhliain chuntasaíochta, nach ndearnadh a bhilleáil, i gcomhlíonadh an amchláir rialála, ag deirí na bliana faoi seach.

Áiríodh réamhíocaíochtaí Grúpa agus Cuideachta agus le hioncam fabhraithe costais iarchurtha maidir le tionscadail tarchuir de luach €56.3 milliún (2012: €45.0 milliún), a tharlódh nach mbeadh gach ceann díobh inghnóthaithe laistigh de dhá mhí dhéag.

Áirítear le réamhíocaíochtaí atá dlite tar éis bliain amháin íocaíocht tosaigh a dhéantar ar léas oibriúcháin chun suíomh cheantar na ndugaí a úsáid maidir le sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar. Léirítear sonraí breise ar an léas i nóta 20.

## 16. Trádáil agus Nithe Iníoctha eile

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Trádáil iníoctha | 81,017 | 116,451 | 67,538 | 94,568 |
| Fabhrú | 87,973 | 127,172 | 70,625 | 37,482 |
| Díbhinní Iníoctha | 4,000 | - | 4,000 | - |
| Cánachas agus leas sóisialach | 11,253 | 4,875 | 11,923 | 7,222 |
| Ró-ghnóthú rialála | 10,000 | - | 10,000 | - |
| Suimeanna atá le híoc le gealltanais fochuideachta | - | - | 22,316 | 4,111 |
| Iomlán | 194,243 | 248,498 | 186,402 | 143,383 |

## 16. Trádáil agus Nithe Iníoctha eile (ar lean)

Is éard atá i gcánachas agus leas sóisialach an méid a leanas

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| ÍMAT/ÁSPC | 1,120 | 1,077 | 895 | 862 |
| CBL | 9,947 | 3,444 | 10,846 | 6,006 |
| Cáin shiarchoinneálach | 186 | 354 | 182 | 354 |
| Iomlán | 11,253 | 4,875 | 11,923 | 7,222 |

Is éard atá i nithe iníoctha trádála agus fabhruithe, go príomha, suimeanna gan íoc chun críocha trádála agus costais leanúnacha. Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na nithe iníoctha trádála agus a ngarluach cóir. Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go n-íoctar gach ní iníoctha laistigh den amfhráma sochair.

Baineann €18.1 milliún (2012: €27.0 milliún) d'iarmhéid nithe iníoctha an Ghrúpa mar aon le €6.5 milliún (2012: €7.0 milliún) d'iarmhéid fabhruithe an Ghrúpa leis na muirir atá iníoctha le BSL agus le NIE mar Úinéirí Sócmhainní Tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, faoi seach. Baineann €18.1 milliún (2012: €27.0 milliún) d'iarmhéid nithe iníoctha na Cuideachta leis an muirear atá iníoctha le BSL mar Úinéir Sócmhainní Tarchuir. Is éard atá i bhfabhruithe, go príomha, na costais dhíreacha atá ar an gcóras tarchuir a reáchtáil ar feadh an dá mhíosa deiridh den tréimhse chuntasaíochta mar aon le hobair nár seoladh sonrasc ina leith faoinar thug soláthróirí thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar le linn na ráithe deiridh den bhliain.

Mar chuid de dhúnadh airgeadais thionscadal an EWIC, cuireadh suim €10 milliún (2012: €neamhní) ar leataobh ar mhaithe le ró-ghnóthú sonrach rialála a d'eascair mar gheall ar fháil theoranta ar shócmhainn an EWIC le linn na bliana.

## 17. Ioncam Iarchurtha

**Grúpa**

| **Deontais Chaipitiúla** | **€ '000** |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 35,318 |
| Deontais a fuarthas | 43,962 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2012 | 79,280 |
| Deontais a fuarthas | 33,000 |
| Amúchadh deontais | (768) |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 111,512 |

| Anailísithe mar: | **€ '000** |
|---|---|
| Reatha | 3,072 |
| Neamhreatha | 108,440 |
| Iarmhéid amhail an 30 Méan Fómhair 2013 | 111,512 |

Bhain na deontais chaipitiúla a fuarthas le linn na bliana le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar agus fuarthas ón gCoimisiún Eorpach iad. B'ionann an cistiú deontais iomlán a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach agus €112.3 milliún agus fuarthas €112.3 milliún de sin go dtí seo. Níl aon choinníollacha ná teagmhais neamhchomhlíonta eile ann maidir leis na deontais chaipitiúla a fuarthas. Amúchtar deontais chaipitiúla ar aon dul le dímheas shócmhainn an EWIC.

## 18. Scairchaipiteal a Eisíodh

| Grúpa agus Cuideachta | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| **Arna údarú:** | | |
| 30,000 gnáthscair €1.25 an ceann | 38 | 38 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| 30,000 gnáthscair €1.25 an ceann | 38 | 38 |

Tá aicme amháin de ghnáthscair ag an gCuideachta nach bhfuil aon cheart aige i leith ioncam seasta.

## 19. Airgead agus Comhluachanna Airgid

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Airgead agus Comhluachanna Airgid | 172,254 | 164,745 | 116,508 | 67,453 |

Is éard atá in airgead agus comhluachanna airgid, go príomha, airgead atá á choimeád ag an nGrúpa agus éarlaisí gearrthéarma ag a bhfuil bunaibíocht trí mhí nó níos giorra. Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní seo agus a ngarluach cóir. Tá teorainn ar an riosca sochair ar chistí leachtacha mar gheall gur bainc iad na contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha sochair atá sách ard a shainigh gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátála sochair.

Áirítear in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta suimeanna €10 milliún (2012: €neamhní) a bhaineann le ró-ghnóthú atá le híoc ag deireadh na bliana (nóta 16) agus éarlaisí slándála €2.9 milliún (2012: €0.3 milliún). Airítear in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa €33.8 milliún (2012: €89.3 milliún) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach ar mhaithe le sócmhainn an EWIC. Áirítear in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa €31.8 milliún breise (2012: €17.3 milliún) atá á gcoimeád ar iontaoibh le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa SEM, €14.4 milliún (2012: €8.6 milliún) atá á gcoimeád i gcuntais chomhthaobhacha chúltaca an SEM (cuntais slándála atá á gcoimeád in ainm rannpháirtithe margaidh), agus gabhann suim choibhéiseach leo a áirítear i nithe iníoctha trádála agus €4.8 milliún (2012: €0.3 milliún) de chistí an Tobhaigh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO). Áirítear in iarmhéideanna airgid na Cuideachta €23.9 milliún (2012: €13.0 milliún) atá á gcoimeád ar iontaoibh le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa SEM, €10.8 milliún (2012: €6.5 milliún) atá á gcoimeád i gcuntais chomhthaobhacha chúltaca an SEM (cuntais slándála atá á gcoimeád in ainm rannpháirtithe margaidh), agus gabhann suim choibhéiseach leo a áirítear i nithe iníoctha trádála agus €4.8 milliún (2012: €0.3 milliún) de chistí an PSO.

Le linn na bliana, réamhíoc an Chuideachta iasachtaí saor ó ús €0.7m (2012: €120.7 milliún) ar an iomlán le EirGrid Interconnector Limited agus rinne siad gnáthscair €neamhní (2012: €10.0 milliún) a instealladh. Rangaítear seo mar infheistíocht san fhochuideachta i Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta.

Bhí áiseanna neamhúsáidte iasachtaithe €67.8 milliún (2012: €144.0 milliún) ag an nGrúpa ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Socraíodh tromlach na n-iasachtaí neamhúsáidte seo d'fhonn go bhfuil dóthain áiseanna teannta ag an nGrúpa chun íoc as íocaíochtaí sriantachta neamhbhuiséadta/gan choinne.

## 20. Socruithe Léas Oibriúcháin

Bíonn íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe, a bhaineann go príomha le foirgnimh an Ghrúpa agus léasadh talún le haghaidh shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar, dlite mar seo a leanas:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Tráth nach faide ná bliain amháin | 3,042 | 3,063 | 3,042 | 3,063 |
| Breis agus bliain amháin agus tráth nach faide ná cúig bliana | 11,502 | 11,687 | 11,502 | 11,687 |
| Tráth níos faide ná cúig bliana | 38,155 | 40,992 | 38,155 | 40,992 |
| **Iomlán** | **52,699** | **55,742** | **52,699** | **55,742** |

Le haghaidh téarma 25 bliain is ea an léas oibriúcháin do phríomhoifig an Ghrúpa ar cuireadh tús leis an 1 Márta 2007. B'ann do shaoire chíosa ar feadh na chéad chúig bliana den téarma léasa. Tá an costas léasa bunaithe ar luach margaidh oscailte agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Tar éis athbhreithniú sceidealaithe cíosa an 1 Márta 2012, ní dhearnadh aon choigeartú ar an gcíos a bhí iníoctha.

Chomhaontaigh an Grúpa ar léasadh talún i gcuan Learphoill, a cuireadh faoi urrús le híocaíocht tosaigh. Áirítear leis an gcomhaontú clásal scoir tar éis na chéad 30 bliain den léas. I ndiaidh an téarma 30 bliain seo, beidh íocaíochtaí léasa faoi réir méaduithe boilscithe.

Níl aon srianta suntasacha nó neamhghnácha gearrtha ar an nGrúpa ag téarmaí na léasanna oibriúcháin.

## 21. Ceangaltais Chaipitil

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Caiteachas a conraíodh ach nach ndearnadh soláthar dó sna Ráitis Airgeadais | 12,105 | 50,128 | - | - |

Tá ceangaltais chonarthacha ag an nGrúpa a eascraíonn ó thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar, a nascann na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, agus maidir le maoin, gléasra agus trealamh le haghaidh SONI.

## 22. Dliteanais Theagmhasacha

Níl an Grúpa ar an eolas ar aon dliteanais theagmhasacha amhail deireadh na bliana.

## 23. Dualgais Sochair Scoir

Le linn na bliana, d'oibrigh an Grúpa plean pinsin sochair shainithe d'fhostaithe na Cuideachta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ("plean EirGrid"). Oibrítear an dara plean pinsin sochair shainithe ("plean Focus SONI") d'fhostaithe SONI Limited. Bunaítear na sochair scoir ar thuarastal agus ar fhad na seirbhíse.

Tugadh faoi na luachálacha achtúireacha ba dhéanaí ar na sócmhainní agus ar luach reatha na ndualgas sochair shainithe an 30 Meán Fómhair 2013 le haghaidh phlean EirGrid agus phlean Focus SONI, faoi cheanglais Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 19: Sochair Fostaí (IAS 19). Rinneadh luachanna reatha na ndualgas sochair shainithe, agus na gcostas gaolmhar reatha seirbhíse agus na gcostas seirbhíse roimhe seo a thomhas agus leas á bhaint as an Modh Sochair Aonaid Thuartha.

Is í seo a leanas an tsuim a áirítear sa Chlár Comhardaithe a eascraíonn ó na dualgais maidir leis na pleananna sochair shainithe:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Luach reatha na ndualgas pinsin chistithe shainithe | 101,946 | 100,712 | 74,426 | 76,130 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | (91,573) | (78,263) | (65,174) | (54,379) |
| Glandliteanas | 10,373 | 22,449 | 9,252 | 21,751 |
| Cáin iarchurtha ar an nglandualgas pinsin (nóta 9) | (1,380) | (2,879) | (1,157) | (2,719) |
| Glandliteanas tar éis cáin iarchurtha | 8,993 | 19,570 | 8,095 | 19,032 |

Féadtar anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar na suimeanna sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Costas reatha seirbhíse | 5,735 | 4,175 |
| Costas úis | 4,073 | 3,858 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean | (3,820) | (2,955) |
| Costas pinsin chaipitlithe an fhostóra | (584) | (632) |
| An tsuim a áiríodh i gcostais eile oibriúcháin a bhaineann le scéimeanna sochair shainithe | 5,404 | 4,446 |

Is mar seo a leanas atá na suimeanna atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | 12,303 | (8,676) | 12,724 | (6,717) |
| Aithint na glansócmhainne pinsin | - | 1,387 | - | - |
| An tsuim a áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 12,303 | (7,289) | 12,724 | (6,717) |

## 23. Dualgais Sochair Scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach reatha na ndualgas sochair shainithe sa bhliain reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Oibleagáid socair shainithe thosaigh | 76,130 | 57,079 | 24,582 | 17,892 |
| Costas reatha seirbhíse móide ranníocaíochtaí fostaí | 6,501 | 5,021 | 884 | 776 |
| Costas úis | 3,036 | 2,843 | 1,037 | 1,015 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha | (10,830) | 11,737 | 2,688 | 3,311 |
| Sochair a íocadh | (411) | (550) | (388) | (108) |
| Difríochtaí malartaithe | - | - | (1,282) | 1,696 |
| Oibleagáid shocair shainithe deiridh | 74,426 | 76,130 | 27,521 | 24,582 |

Ba iad na gluaiseachtaí i luach reatha shócmhainní an phlean sa bhliain reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean | 54,379 | 41,333 | 23,884 | 19,176 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean | 2,745 | 2,091 | 1,075 | 864 |
| Gnóthachain ar shócmhainní an phlean | 1,894 | 5,020 | 2,267 | 1,352 |
| Ranníocaíochtaí fostóra | 5,038 | 4,998 | 686 | 724 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | 1,529 | 1,487 | 120 | 135 |
| Sochair a íocadh | (411) | (550) | (388) | (108) |
| Difríochtaí malartaithe | - | - | (1,245) | 1,741 |
| Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean | 65,174 | 54,379 | 26,399 | 23,884 |

Ba iad na gluaiseachtaí i luach reatha shócmhainní an phlean sa bhliain reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Focus SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013** | An 30 Méan Fómhair 2012 | **An 30 Méan Fómhair 2013** | An 30 Méan Fómhair 2012 |
| Modh luachála | Aonad Tuartha | Aonad Tuartha | Aonad Tuartha | Aonad Tuartha |
| Ráta lascaine | 4.25% | 4.00% | 4.50% | 4.40% |
| Méadú ar phinsean stáit | 1.75% | 2.00% | 2.70% | 2.00% |
| Méaduithe tuarastail | 2.25% an scála dearfach | 2.50% an scála dearfach | 4.50% | 3.80% |
| Méaduithe pinsin | 2.25% | 2.50% | 2.70% | 2.00% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.25% | 3.50% | 2.80% |
| Sochar POF athluachála | 1.75% | n/a | n/a | n/a |
| Ionchas saoil iarscoir dóibh siúd a théann ar scor ag aois 65 in 2032: | | | | |
| - Fir | 26.4 bliain | 26.3 bliain | 24.1 bliain | 24.1 bliain |
| - Mná | 27.7 bliain | 27.6 bliain | 26.8 bliain | 26.7 bliain |

## 23. Dualgais Sochair Scoir (ar lean)

Ba é an ráta lascaine a d'úsáid achtúirí an phlean agus na dliteanais phinsin á ríomh ag deireadh na bliana 4.25% (2012: 4.00%) le haghaidh phlean EirGrid plan agus 4.50% (2012: 4.40%) le haghaidh phlean Focus SONI. Bunaíodh ráta lascaine phlean EirGrid ar an toradh go dtí fuascailt ar bhannaí corparáideacha a bhí ainmnithe in Euro a eachtarsuíodh ar feadh neasfhad 27 bliain (2012: 27 bliain). Bunaíodh ráta lascaine phlean Focus SONI ar an toradh go dtí fuascailt ar bhannaí corparáideacha a bhí ainmnithe in Steirling a eachtarsuíodh ar feadh neasfhad 20 bliain (2012: 20 bliain). Tá seo comhsheasmhach le téarmaí measta na ndualgas sochair iarscoir.

Baineann éiginnteacht bhunúsach leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha a ghlac an Grúpa. Mar léiriú ar thionchar na n-athruithe ar thoimhdí achtúireacha, mhéadódh laghdú 50 bonnphointe ar rátaí lascaine an glandliteanas plean pinsin faoi thart ar 119%.

Is mar seo a leanas atá mórchatagóirí shócmhainní an phlean, agus an ráta ionchasach toraidh ag dáta an Chláir Chomhardaithe le haghaidh gach catagóire:

| **Plean EirGrid** | **Toradh Ionchasach** | | **Luach Cóir** | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 %** | An 30 Méan Fómhair 2012 % | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Gnáthscaireanna | 7.00% | 7.00% | 36,381 | 26,571 |
| Bannaí | 3.75% | 3.50% | 11,251 | 7,151 |
| Maoin | 5.50% | 5.50% | 889 | 846 |
| Airgead Tirim | 1.00% | 1.00% | 4,396 | 8,404 |
| Roghanna Eile | 7.00% | 7.00% | 8,793 | 7,627 |
| Blianachtaí | 4.25% | 4.00% | 3,464 | 3,780 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | | | 65,174 | 54,379 |

| **Plean Focus SONI** | **Toradh Ionchasach** | | **Luach Cóir** | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 %** | An 30 Méan Fómhair 2012 % | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Gnáthscaireanna | 6.60% | 5.80% | 15,342 | 12,916 |
| Sárurrúis agus bannaí | 3.90% | 2.60% | 10,904 | 10,613 |
| Eile | 0.50% | 0.50% | 153 | 355 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | | | 26,399 | 23,884 |

Bunaítear an toradh ionchasach fadtéarma ar shócmhainní in 2013 ar an ráta lascaine. In 2012, bunaíodh an toradh ionchasach fadtéarmach ar an leibhéal reatha de thorthaí ar infheistíochtaí a bhí saor ó riosca, an leibhéal reatha de phréimh riosca a bhaineann le haicmí eile sócmhainní agus an t-ionchas maidir le torthaí amach anseo ar gach aicme shócmhainne.

B'ionann an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime an Ghrúpa agus gnóthachan €7.9 milliún. B'ionann an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime phlean EirGrid agus gnóthachan €4.6 milliún.

Le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014, tá súil ag an nGrúpa thart ar €6.0 milliún a chur lena bpleananna sochair shainithe.

## 23. Dualgais Sochair Scoir (ar lean)

Mar seo a leanas is ea stair na gcoigeartuithe ó thaithí:

| | 2013<br>€ '000 | 2012<br>€ '000 | 2011<br>€ '000 | 2010<br>€ '000 | 2009<br>€ '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach reatha an dualgais sochair shainithe | 101,947 | 100,712 | 74,971 | 74,205 | 65,285 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | (91,574) | (78,263) | (60,509) | (53,772) | (42,997) |
| Dí-aithint na glansócmhainne pinsin | - | - | 1,284 | - | - |
| Easnamh | 10,373 | 22,449 | 15,746 | 20,433 | 22,288 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais an phlean | 8,142 | (15,048) | 7,944 | 933 | 2,373 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní an phlean | 4,161 | 6,372 | (2,806) | 486 | 2,687 |

Mar gheall gur dúnadh plean Foucs SONI do chomhaltaí nua ó 1998 i leith, oibríonn an Grúpa scéim fhaofa ranníocaíochta sainaithe, "plean Options SONI" d'fhostaithe SONI Limited. Íocann na comhaltaí agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear nuair a théann duine ar scor ciste carntha gach fostaí agus an costas atá ar shochair a cheannach ag an tráth sin. Déantar sochair bháis a chur faoi árachas ar bhonn grúpa agus féadtar iad a íoc i bhfoirm chnapshuime agus/nó pinsean marthanóra. Coimeádtar sócmhainní na scéime i gciste ar leith a riarann iontaobhaí. Léiríonn an muirear pinsin don bhliain an ranníocaíocht shainithe fostóra agus b'ionann é agus €0.2 milliún (2012: €0.2 milliún).

## 24. Leas i gComhfhiontar

### Grúpa

Bhain an Grúpa ceannas amach ar SEMO trí SONI Limited a éadáil an 11 Márta 2009. Ó dháta éifeachtach na héadála, áirítear 100% de thorthaí SEMO sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam.

### Cuideachta

Is é an Margadh Singil Leictreachais (SEM) an margadh mórdhíola leictreachais atá á oibriú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin, cuireadh deireadh leis an seanmhargadh mórdhíola leictreachais in Éirinn agus cuireadh tús leis an SEM nua. Bunaíodh SEMO mar an gcomhfhiontar conarthach idir an Chuideachta agus SONI Limited atá freagrach as oibriú an mhargaidh mhórdhíola leictreachais d'oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 ar aghaidh.

Tá leas 75% ag an gCuideachta in SEMO. Áiríodh sciar sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas na Cuideachta i Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus an modh comhréireach comhdhlúthaithe á úsáid.

Cuirtear na suimeanna a leanas san áireamh i Ráitis Airgeadais na Cuideachta mar thoradh ar chomhdhlúthú comhréireach SEMO isteach i gcuntais na Cuideachta:

| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 13,318 | 16,452 |
| Sócmhainní reatha | 67,286 | 84,200 |
| Sócmhainní iomlána | 80,604 | 100,652 |
| Gnáthscair iomlán | 15,574 | 9,670 |
| Dliteanais reatha | 65,030 | 90,982 |
| Dliteanais iomlána | 65,030 | 90,982 |
| Gnáthscaireanna agus dliteanais | 80,604 | 100,652 |

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 139,525 | 155,203 |
| Costais | (133,522) | (153,972) |
| Brabús oibriúcháin | 6,003 | 1,231 |

## 25. Iasachtaí

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| In-aisíoctha laistigh de bhliain amháin: | | | | |
| Rótharraingtí bainc | - | 69 | - | 69 |
| Iasachtaí bainc in-aisíoctha le tráthchodanna | 18,709 | 23,614 | 7,809 | 14,394 |
| Iasachtaí iomlána reatha | 18,709 | 23,683 | 7,809 | 14,463 |
| In-aisíoctha tar éis breis agus bliain amháin le tráthchodanna: | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 16,937 | 22,507 | 7,726 | 8,255 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 43,352 | 44,433 | 25,203 | 25,625 |
| Cúig bliana nó níos faide | 323,418 | 336,872 | 221,435 | 244,048 |
| Iasachtaí iomlána neamhreatha | 383,707 | 403,812 | 254,364 | 277,928 |
| Iasachtaí iomlána gan íoc | 402,416 | 427,495 | 262,173 | 292,391 |

Tugann EirGrid ráthaíocht ar gach iasacht ag fochuideachtaí trí struchtúr trasráthaíochta, féach nóta 28 le haghaidh breis sonraí. Iasachtaí nár cuireadh faoi urrús iad iasachtaí bainc. Rinneadh cuid de na hiasachtaí a iompú ó ráta comhlúthach úis go dtí ráta seasta úis trí chonarthaí um malartú ráta úis a úsáid, féach nóta 27 chun teacht ar bhreis sonraí.

## 26. Catagóirí de Shócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| **Sócmhainní airgeadais atá rangaithe mar iasachtaí agus nithe infhaigthe:** | | | | |
| Infháltais trádála | 21,758 | 75,212 | 10,613 | 53,147 |
| Suim atá le híoc le gealltanais fochuideachta | - | - | 196,433 | 182,272 |
| Airgead agus comhluachanna airgid | 172,254 | 164,745 | 116,508 | 67,453 |
| Iomlán | 194,012 | 239,957 | 323,554 | 302,872 |
| **Sócmhainní airgeadais arna luacháil trí bhrabús agus caillteanas:** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | 4 | - | - |
| Sócmhainní airgeadais iomlána | 194,012 | 239,961 | 323,554 | 302,872 |
| **Dliteanais airgeadais a rangaítear faoi dhliteanais eile:** | | | | |
| Trádáil iníoctha | 81,017 | 116,451 | 67,542 | 94,568 |
| Suim atá le híoc le gealltanais fochuideachta | - | - | 22,316 | 4,111 |
| Iasachtaí agus bainc | 402,416 | 427,495 | 262,172 | 292,391 |
| Iomlán | 483,433 | 543,946 | 352,030 | 391,070 |
| **Dliteanais airgeadais sainithe mar ionstraimí fálaithe:** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 27) | 62,433 | 84,990 | 42,183 | 57,066 |
| **Dliteanais airgeadais atá luacháilte go cóir trí bhrabús agus caillteanas:** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha iomlána | 62,459 | 84,990 | 42,183 | 57,066 |
| Dliteanais airgeadais iomlána | 545,892 | 628,936 | 394,213 | 448,136 |

Grúpáiltear ionstraimí a thomhaistear tar éis aitheantas tosaigh ar luach cóir isteach i Leibhéil 1 go 3 bunaithe ar an méid is féidir an luach cóir a thabhairt faoi deara:

- Is iad tomhais luacha chóir Leibhéal 1 iad siúd a dhíorthaítear ó phraghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna;
- Is iad tomhais luacha chóir Leibhéal 2 iad siúd a dhíorthaítear ó ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear laistigh de Leibhéal 1 atá le tabhairt faoi deara le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna); agus
- Is iad tomhais luacha chóir Leibhéal 3 iad siúd a dhíorthaítear ó theicnící luachála a áiríonn ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh atá le tabhairt faoi deara (ionchuir ar féidir iad a thabhairt faoi deara).

Deimhnítear luach cóir malartuithe ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ag an dáta tuairiscithe tríd an sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú trí chuair ráta úis mhargaidh a úsáid ar féidir iad a thabhairt faoi deara ag an dáta tuairiscithe agus, ar an ábhar sin, meastar gurb ionstraimí Leibhéal 2 iad.

Deimhnítear luach cóir réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun tosaigh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe trí na rátaí luaite malartaithe chun tosaigh a thomhas atá ar cóimhéid aibíocht na gconarthaí agus a meastar gurb ionstraimí Leibhéal 2 iad dá bharr.

Ní raibh aon aistrithe idir leibhéil luachála le linn na bliana.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht chaipitiúil

Thug an Chuideachta, tar éis oibreoir an chórais tarchuir a dhílsiú, caipiteal isteach faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Cruthaíonn an caipiteal seo croíchaipiteal na Cuideachta. Níorbh ann d'aon athruithe ar chroíchaipiteal na Cuideachta le linn na bliana. Tá aon athruithe ar an struchtúr caipitiúil faoi réir fhaomhadh na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Cistítear an Chuideachta ar bhonn leanúnach tríd an gcóras taraif rialála. Chuir an Chuideachta áiseanna bainc i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar leachtacht agus sreabhadh airgid le mí-mheaitseáil a cheadú idir fáltais taraif rialála agus ceanglais oibrithe chaipitiúla.

Cistítear tionscadail thábhachtacha chaiteachais chaipitiúil trí iasachtaí seachtracha agus bíonn siad faoi réir fhaomhadh na Roinne. Socraítear cumhachtaí iasachtaithe na Cuideachta tríd an reachtaíocht agus tá iasachtaí aonair faoi réir fhaomhadh na Roinne. An 14 Márta 2008, síníodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid), 2008 isteach i ndlí na hÉireann. Go bunúsach, chuir an tAcht seo ar chumas na Cuideachta an tIdirnascaire Thoir-Thiar a thógáil agus mhéadaigh sé cumhachtaí iasachtaithe na Cuideachta chuig suim theoranta €750 milliún.

Is é beartas na Cuideachta costas íseal, réidh, inghlactha cistí a chinntiú le himeacht ama, faoi réir leibhéil inghlactha de riosca. Anuas air sin, coimeádann an Chuideachta próifíl chothromaithe aibíochta maidir lena gcroíphunann iasachtaithe d'fhonn buaic-aisíocaíochtaí agus riosca athmhaoinithe a sheachaint.

Leagtar amach breis sonraí ar na háiseanna iasachtaithe agus ar na straitéisí gaolmhara fálaithe thíos.

### Forbhreathnú ar bhainistíocht riosca airgeadais

Déanann feidhm chisteáin an Ghrúpa bainistíocht ar chistiú, leachtacht agus nochtadh an Ghrúpa do rioscaí ráta úis agus airgeadra eachtraigh. Déanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh rialta ar bheartais chun an Grúpa a chosaint uathu seo agus ó rioscaí eile.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais a mbíonn an Grúpa nochta dóibh, le leachtacht, caipiteal, margadh (lena n-áirítear an ráta úis) agus riosca caipitiúil a eascraíonn ó oibríochtaí laethúla agus ó phríomhthionscadail chaiteachais chaipitiúil.

Bainistíonn an Grúpa a riosca leachtachta agus caipitiúil le haghaidh oibríochtaí laethúla tríd an bpróiseas rialála chun taraifí a bhunú leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI) agus trí bhuiséadú agus monatóireacht inmheánach a dhéanamh ar athraitheas. Rinne an Grúpa idirbheartaíocht ar áiseanna teannta le bainc éagsúla chun tacú le tuartha agus riachtanais um shreabhadh airgid.

I gcás caiteachas caipitiúil, tá príomhphróisis faofa agus bhainistíochta tionscadail i bhfeidhm ag an nGrúpa.

### Bainistíocht riosca creimheasa

Tagraíonn riosca sochair don riosca gur teipfidh ar chontrapháirtí a d(h)ualgais chonarthacha a chomhlíonadh, as a n-eascróidh caillteanas airgeadais don Ghrúpa. Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe a gcoimeádann said a gcuntais bhainc leo. Maolaíonn an Grúpa a nochtadh trí chistí a leathadh thar líon institiúidí airgeadais a bhfuil ráthaíocht cheannasach acu ar éarlaisí custaiméara nó a bhfuil rátáil chreidmheasa acu ó ghníomhaireacht neamhspleách rátála atá comhsheasmhach leis an mbeartas cisteáin atá faofa ag an mBord. Anuas air sin, tá an Grúpa nochta do riosca contrapháirtí ar áiseanna neamhtharraingthe agus ionstraimí malartaithe ráta úis. Comhsheasmhach lena mBeartas Cisteáin, ní dhéileálann an Grúpa ach le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha arda creidmheasa chun an riosca seo a mhaolú.

Léiríonn suimeanna gluanluacha sócmhainní airgeadais an nochtadh uasta do riosca creidmheasa, amhail a thugtar le fios ar an gClár Comhardaithe.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Díscaoileann an Chuideachta a ndualgais Oibreoir Margaidh trí chomhfhiontar conarthach le SONI Limited. Faoi théarmaí an Chóid Trádála agus Réitigh le haghaidh SEM, ceanglaítear ar gach rannpháirtí cumhdach creidmheasa a sholáthar ar leibhéal a fhógraíonn an tOibreoir Margaidh dóibh. Féadtar an cumhdach creidmheasa sin a sholáthar trí litir neamh-inchúlghairithe chreidmheasa nó trí éarlais airgid a choimeádtar i gcuntas Cúltaca Chomhthaobhaigh SEM. Déantar aon drochfhiachas a eascraíonn san SEM, sa mhéid go sáraíonn sé an cumhdach creidmheasa atá ar fáil, a roinnt leis na gineadóirí agus ní íocann an tOibreoir Margaidh as. B'ionann féichiúnaithe trádála SEMO a áiríodh i bhféichiúnaithe trádála an Ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus €7.9 milliún (2012: €65.2 milliún). B'ionann féichiúnaithe trádála SEMO a áiríodh i bhféichiúnaithe trádála na Cuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus €5.9 milliún (2012: €48.9 milliún).

Is í an mheántréimhse chreidmheasa ar nithe infhaighte trádála dhá mhí. San áireamh in iarmhéid na nithe infhaighte trádála tá féichiúnaithe atá dlite thar téarma ag an dáta tuairiscithe nár soláthraíodh mar gheall gur meastar go bhfuil na suimeanna inghnóthaithe go fóill. Is í próifíl aosaithe na n-iarmhéideanna seo atá dlite thar téarma ach nach bhfuil lagaithe:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Idir 60 agus 90 lá | 7 | 6 | 7 | 6 |
| Idir 90 agus 120 lá | 7 | 104 | 7 | 104 |
| Níos mó ná 120 lá | 247 | 892 | 241 | 892 |
| Iomlán | 261 | 1,002 | 255 | 1,002 |

Meastar gur sásúil cáilíocht chreidmheasa shócmhainní airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta nach bhfuil dlite thar téarma ná lagaithe.

### Bainistíocht riosca leachtachta

Is ar an mBord Stiúrthóirí atá an fhreagracht faoi dheoidh as bainistíocht riosca leachtachta, a chuir creatlach oiriúnach bhainistíochta riosca i dtoll a chéile chun bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha chistithe agus bhainistíochta leachtachta. Déanann an Grúpa bainistíocht ar riosca leachtachta trí chúltacaí, áiseanna baincéireachta agus áiseanna leordhóthanacha iasachtaithe cúltaca a choimeád, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreabhadh airgid tuartha agus iarbhír agus trí phróifílí aibíochta sócmhainní agus dliteanais airgeadais a mheaitseáil.

Íoctar nithe iníoctha trádála ag deireadh na míosa, tar éis na míosa inar seoladh an sonrasc. Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go n-íoctar gach ní iníoctha laistigh den amfhráma sochair. Tá gach ní trádála ag an dáta tuairiscithe laistigh den amfhráma creidmheasa seo. Sa chás go bhfuil an Chuideachta ina n-údar le híocaíocht dhéanach sonraisc, íoctar ús leis an soláthróir.

Tá rochtain ag an nGrúpa ar áiseanna cisithe, b'ionann an tsuim iomlán nár úsáideadh agus €67.8 milliún ag dáta an Chláir Chomhardaithe (2012: €144 milliún). Socraíodh tromlach na n-iasachtaí neamhúsáidte seo d'fhonn go bhfuil dóthain áiseanna teannta ag an nGrúpa chun íoc as íocaíochtaí sriantachta neamhbhuiséadta. Tá súil ag an nGrúpa a ndualgais eile a chomhlíonadh ó shreabhadh airgid a oibriú.

Sonraítear sa tábla a leanas aibíocht chonarthach an Ghrúpa atá fanta dá ndliteanais neamhdhíorthacha airgeadais. Cuireadh an tábla i dtoll a chéile bunaithe ar shreabhadh airgid neamhlascainithe de dhliteanais airgeadais atá bunaithe ar an dáta is luaithe is féidir a cheangal ar an ngrúpa chun íocaíocht a dhéanamh. Áirítear sa tábla seo ús agus an príomhshreabhadh airgid.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

| Grúpa | Níos lú ná 1 mhí € '000 | 1 to 12 mhí € '000 | 1 to 5 bliain € '000 | 5+ bliain € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An 30 Méan Fómhair 2013** | | | | | |
| Ús ar bith - nithe iníoctha trádála | 81,017 | - | - | - | 81,017 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 37,895 | 129,205 | 458,115 | 625,215 |
| Iomlán | 81,017 | 37,895 | 129,205 | 458,115 | 706,232 |
| **An 30 Méan Fómhair 2012** | | | | | |
| Ús ar bith - nithe iníoctha trádála | 116,451 | - | - | - | 116,451 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 44,029 | 138,553 | 489,369 | 671,951 |
| Iomlán | 116,451 | 44,029 | 138,553 | 489,369 | 788,402 |

| Cuideachta | Níos lú ná 1 mhí € '000 | 1 to 12 mhí € '000 | 1 to 5 bliain € '000 | 5+ bliain € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An 30 Méan Fómhair 2013** | | | | | |
| Ús ar bith - nithe iníoctha trádálas | 67,542 | - | - | - | 67,542 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 19,271 | 75,307 | 316,695 | 411,273 |
| Iomlán | 67,542 | 19,271 | 75,307 | 316,695 | 478,815 |
| **An 30 Méan Fómhair 2012** | | | | | |
| Ús ar bith - nithe iníoctha trádála | 94,568 | - | - | - | 94,568 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 27,323 | 81,011 | 357,241 | 465,575 |
| Iomlán | 94,568 | 27,323 | 81,011 | 357,241 | 560,143 |

Meastar go dtarlóidh an fálú sreabhaidh airgid agus go n-imreoidh siad tionchar ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse 22 bliain. Ní mheastar go dtarlóidh aon idirbhearta tuartha a thuilleadh.

Is iad a leanas na suimeanna a aithnítear agus a athrangaítear ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2013 € '000 | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Gnóthachain/(caillteanais) a d'eascair sa bhliainr | 6,275 | (41,050) | 4,861 | (26,004) |
| Athrangaithe chuig an ráiteas ioncaim (san áireamh i gcostais airgeadais) | 8,595 | 951 | 10,022 | 5,750 |
| Athrangaithe chuig Maoin, Gléasra agus Trealamh | 7,634 | 8,483 | - | - |
| Airgeadra Eachtrach | 53 | (100) | - | - |
| Iomlán | 22,557 | (31,716) | 14,883 | (20,254) |

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Riosca Margaidh

### Bainistíocht riosca ráta úis

Tá an Grúpa agus an Chuideachta nochta do riosca ráta úis mar gheall go bhfaigheann siad cistí ar iasacht ar rátaí comhlúthacha úis. Déanann an Grúpa bainistíocht ar an riosca trí mheascán oiriúnach a choimeád idir iasachtaí ráta sheasta agus chomhlúthaigh trí chonarthaí malartaithe ráta úis a úsáid.

Bhí na conarthaí malartaithe ráta úis i bhfeidhm ag deireadh na bliana:

| Grúpa | An meánráta úis conraithe | | Príomhshuim bharúlach | | Sócmhainn/(dliteanas) malartaithe ráta úis) | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh atá sainithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe a iompraíodh ar luach cóir, a d'éag in: | **An 30 Méan Fómhair 2013 %** | An 30 Méan Fómhair 2012 % | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | 4.7% | 4.0% | 2,851 | 6,122 | (84) | (150) |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 4.8% | 4.7% | 6,614 | 6,015 | (345) | (298) |
| Idir dhá agus cúig bliana | - | 4.8% | - | 8,992 | - | (714) |
| Cúig bliana nó níos faide | 3.8% | 3.8% | 396,035 | 433,000 | (62,004) | (83,828) |
| Conarthaí iomlána gníomhacha malartaithe | 3.8% | 3.9% | 405,500 | 454,129 | (62,433) | (84,990) |

| Cuideachta | An meánráta úis conraithe | | Príomhshuim bharúlach | | Sócmhainn/(dliteanas) malartaithe ráta úis) | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh atá sainithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe a iompraíodh ar luach cóir, a d'éag in: | **An 30 Méan Fómhair 2013 %** | An 30 Méan Fómhair 2012 % | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | - | 4.0% | - | 6,122 | - | (150) |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | - | - | - | - | - |
| Idir dhá agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| Cúig bliana nó níos faide | 3.7% | 3.8% | 261,772 | 260,870 | (42,183) | (56,916) |
| Conarthaí iomlána gníomhacha malartaithe | 3.7% | 3.8% | 261,772 | 266,992 | (42,183) | (57,066) |

Faoi chonarthaí malartaithe ráta úis, comhaontaíonn an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht idir suimeanna ráta sheasta agus chomhlúthaigh a mhalartú a ríomhtar ar phríomhshuimeanna comhaontaithe barúlacha. Cuireann na conarthaí sin ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta chun maolú a dhéanamh i leith riosca ar an nochtadh sreabhaidh airgid ar an ráta eisithe athraitheach ar iasachtaí.

Socraítear malartú ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ó thráth go tráth agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha ar bhonn idir trí agus sé mhí. Íocfaidh nó gheobhaidh an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht idir an ráta seasta agus comhlúthach ar ghlanbhonn.

Sainítear gach conradh malartaithe ráta úis ar ráta comhlúthach le haghaidh suimeanna ráta úis sheasta mar fhálú sreabhaidh airgid d'fhonn nochtadh do shreabhadh airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta a laghdú a eascraíonn ó rátaí athraitheacha ar iasachtaí. Tarlaíonn na glanréitigh faoin malartú ráta úis agus na híocaíochtaí úis ar na hiasachtaí ar bhonn comhuaineach. Aithnítear an tsuim a iarchuireadh sa ghnáthscair i mbrabús nó i gcaillteanas thar an tréimhse a imríonn na híocaíochtaí ráta úis chomhlúthaigh ar fhiachas tionchar ar bhrabús nó caillteanas.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Anailís ar íogaireacht an ráta úis

Deimhníodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an gcomhnochtadh do rátaí úis le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí díorthacha ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú 50 bonnphointe nuair a bhí riosca ráta úis a thuairisciú agus léiríonn sé measúnú na bainistíochta ar athruithe ar rátaí úis atá sách infhéideartha.

Dá mbeadh rátaí úis reatha agus amach anseo 50 bonnphointe (2012: 100) níos airde/ísle agus dá gcoimeádfaí an t-athraitheas uile eile comhsheasmhach:

- D'imreofaí tionchar €0.1 milliún (2012: €0.1 milliún) ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2013; agus
- D'imreofaí tionchar €37.0 milliún (2012: €42.6 milliún) ar chú ltacaí gnáthscaire eile an Ghrúpa, go príomha mar thoradh ar athruithe ar luach cóir a bhfálaithe sreabhaidh airgid.

Dá mbeadh rátaí úis reatha agus amach anseo 50 bonnphointe (2012: 100) ní b'airde/ísle agus dá gcoimeádfaí an t-athraitheas uile eile comhsheasmhach:

- D'imreofaí tionchar €0.1 milliún (2012: €0.1 milliún) ar bhrabús na Cuideachta don bhliain a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2013; agus
- D'imreofaí tionchar €25.6 milliún (2012: €29.7 milliún) ar chúltacaí gnáthscaire eile na Cuideachta, go príomha mar thoradh ar athruithe ar luach cóir a bhfálaithe sreabhaidh airgid.

### Bainistíocht riosca um malartú airgeadra iasachta

Tá an Grúpa nochta do riosca airgeadra iasachta trí oibríochtaí a dhá fhochuideachta atá ionchorpraithe i dTuaisceart Éireann, a bhfuil airgeadra feidhmeach Steirling acu agus trí chaiteachas caipitiúil Steirling agus trí fháltais CBL Steirling a eascraíonn ó shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar. Maolaítear an riosca a eascraíonn ó fhochuideachtaí ag a bhfuil airgeadraí feidhmeacha Steirling go páirteach ag tromlach an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí na RA a bheith ainmnithe i Steirling. Lorg an Grúpa an nochtadh seo a bhreislaghdú trí oibríochtaí cistithe i dTuaisceart Éireann agus trí iasachtaí Steirling a úsáid. Maolaítear go páirteach an riosca a eascraíonn ó nithe infhaighte CBL Steirling a eascraíonn ó shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar ag an nGrúpa a iontrálann i réamhchconarthaí airgeadra eachtraigh.

### Anailís ar íogaireacht mhalartaithe airgeadra eachtraigh

Deimhníodh na leibhéil íogaireachta thíos bunaithe ar nochtadh an Ghrúpa ar a n-oibríochtaí Steirling amhail dáta an Chláir Chomhardaithe. Chuir deighleog SONI TSO brabús oibriúcháin €18.0 milliún i gcuntas le linn na bliana a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2013 (2012: caillteanas oibriúcháin €4.6 milliún). Úsáideadh méadú nó laghdú 200% nuair a bhítear ag tuairisciú riosca um malartú airgeadra iasachta agus léiríonn sé measúnú an lucht bainistíochta ar athruithe ar a bhfuil praghas réasúnta i rátaí malartaithe.

Dá mbeadh na rátaí malartaithe 20% ní b'airde/ísle agus dá gcoimeádfaí gach athraitheas eile go seasta, d'imreofaí tionchar €6.1 milliún (2012: €1.9 milliún) ar bhrabús an Ghrúpa roimh cháin don bhliain a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2013. D'imreofaí tionchar €0.3 milliún (2012: €1.4 milliún) ar chúltacaí eile gnáthscaire.

## 28. Idirbheartaíochtaí Páirtí Ghaolmhair

### Grúpa

Eagraíocht Éireannach tráchtála leathstáit is ea EirGrid plc, agus mar dhea, is páirtí gaolmhar iad de Rialtas na hÉireann. Tá scair an duine ag John O'Connor, Fintan Slye agus Niamh Cahill i scairchaipiteal na Cuideachta thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin den Chuideachta á coimeád ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá fuílleach an scairchaipitil eisithe á choimeád ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, thar a gceann. Ar a scor di, d'aistrigh Bernie Gray a scairshealbhú chuig John O'Connor.

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí an bhoird sa Ghrúpa ag aon tráth le linn na bliana.

Ar chuma go leor aonáin eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile urraithe Rialtais, ar nós BSL.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus BSL faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER), maidir le róil úinéir agus oibreoir an chórais tarchuir. Ba iad a leanas na muirir a gearradh ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus ar Ráiteas Comhdhlúite na Cuideachta faoin gComhaontú seo:

| | **Bliain go An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | Bliain go An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Muirear úinéir na sócmhainne tarchuir | 162,501 | 147,699 |

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, bhí €31.8 milliún (2012: €27.5 milliún) iníoctha le BSL faoin gComhaontú seo. B'ionann a leanas an ghluaiseacht san iarmhéid seo:

| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 27,445 | 30,765 |
| Muirir le linn na bliana | 162,501 | 147,699 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana | (158,105) | (151,019) |
| Iarmhéid deiridh | 31,841 | 27,445 |

Níl an t-iarmhéid gan íoc seo faoi urrús agus tá sé iníoctha in airgead tirim agus ar comhluachanna airgid.

B'ionann a leanas luach saothair an phríomhlucht bainistíochta (iad siúd ag a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht as pleanáil, stiúrthóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa) le linn na bliana:

| | **An 30 Méan Fómhair 2013 € '000** | An 30 Méan Fómhair 2012 € '000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha | 185 | 168 |
| Sochair iarfhostaíochta | 26 | 68 |
| Iomlán | 211 | 236 |

## 28. Idirbheartaíochtaí Páirtí Ghaolmhair (ar lean)

### Cuideachta

Déantar cur síos ar na hidirbheartaíochtaí idir an Chuideachta agus na páirtithe gaolmhara agus na hiarmhéideanna gan íoc thíos:

| An bhliain a fhad leis an 30 Méan Fómhair 2013 | Us infhaighte € '000 | Us iníoctha € '000 | Ioncam ó pháirtí gaolmhar € '000 | Muirir a fuarthas ó pháirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna atá le híoc ag páirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna atá le híoc le páirtí gaolmhar € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SONI Ltd | 461 | - | - | 4,204 | 6,212 | - |
| EirGrid Interconnector Ltd | - | - | - | - | 156,878 | - |
| EirGrid UK Holdings Ltd | 522 | - | - | 340 | 10,500 | - |
| EirGrid Telecoms Ltd | - | - | - | - | 588 | - |
| Iomlán | 983 | - | - | 4,544 | 174,178 | - |

| An bhliain a fhad leis an 30 Méan Fómhair 2013 | Us infhaighte € '000 | Us iníoctha € '000 | Ioncam ó pháirtí gaolmhar € '000 | Muirir a fuarthas ó pháirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna atá le híoc ag páirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna atá le híoc le páirtí gaolmhar € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SONI Ltd | 323 | - | - | 867 | 6,548 | - |
| EirGrid Interconnector Ltd | - | - | - | - | 161,182 | - |
| EirGrid UK Holdings Ltd | 543 | - | - | 395 | 10,444 | - |
| EirGrid Telecoms Ltd | - | - | - | - | - | - |
| Iomlán | 866 | - | - | 1,262 | 178,174 | - |

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013, bhí €174.2 milliún (2012: €178.2 milliún) le híoc leis an gCuideachta óna bhfochuideachtaí.

Le linn na bliana, réamhíoc an Chuideachta €0.7m (2012: €10.0 milliún) le EirGrid Interconnector Limited trí iasacht idirchuideachta agus ar fhiachas ar iasacht €neamhní (2012: €120.7 milliún). Rinne an an Chuideachta réamhíocaíochtaí €31.7 milliún (2012: €31.0 milliún) ar an iomlán le EirGrid Interconnector Limited, bhí fiachas iomlán €285.0 milliún (2012: €285.0 milliún) ar iasacht acu. Measann an lucht bainistíochta go n-aisíocfar fiachas ar iasacht atá saor ó ús ar sceideal atá ar aon dul le téarmaí an fhiachais ar iasacht. De réir théarmaí an fhiachais idirchuideachta atá saor ó ús, ní féidir sciar an fhiachais idirchuideachta a aisíoc ach a luaithe a aisíoctar cistiú tráchtála.

D'aithin an Chuideachta infheistíocht €155.7 milliún (2012: €161.8 milliún) in EirGrid Interconnector Limited, a léirigh an meastachán reatha ar luach den ráta tráchtála ar ús a tharscaoil an Chuideachta thar shaolré na n-iasachtaí seo (nóta 13). Measann an lucht bainistíochta go n-aisíocfar fiachas ar iasacht atá saor ó ús ar sceideal atá ar aon dul le téarmaí an fhiachais ar iasacht.

Thar shaolré na n-iasachtaí seo, gearrfar ús barúlach ar EirGrid Interconnector Limited d'fhonn go léireoidh na hiarmhéideanna na suimeanna a tugadh ar iasacht i dtosach báire faoin dáta aisíoctha. I rith na bliana, athghearradh €8.5 milliún (2012: €5.3 milliún) faoin socrú seo.

## 28. Idirbheartaíochtaí Páirtí Ghaolmhair (ar lean)

Tugann EirGrid plc ráthaíocht ar gach iasacht ag fochuideachtaí trí struchtúr trasráthaíochta. D'eisigh an Chuideachta litreacha tacaíochta dá bhfochuideachtaí, EirGrid UK Holdings Limited agus EirGrid Interconnector Limited.

Thug EirGrid plc Ceangaltas Máthairchuideachta do SONI Limited ar luach £10 milliún (2012: £10 milliún).

D'iontráil an Chuideachta i gconradh le fochuideachta Ghrúpa eile, EirGrid Interconnector Limited, chun sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar a cheadúnú.

## 29. Iar-Imeachtaí an Chláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon mhórimeachtaí a rinne difear don Ghrúpa ná don Chuideachta ó dheireadh na bliana i leith.

## 30. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 18 Nollaig 2013.

# Struchtúr an Ghrúpa




* Is fochuideachta 100% de EirGrid Gabháltas UK Teoranta é SONI
** Is comhfhiontar atá i SEMO idir EirGrid plc agus SONI Limited



The Oval,
160 Shelbourne Road,
Ballsbridge,
Dublin 4.

An Oval,
160 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.

Guthán + 353 (0)1 **677 1700**
Facs + 353 (0)1 **661 5375**
info@eirgrid.com

**www.eirgrid.com**